Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# DRÉACHT-Phlean maidir le Forbairt Fuinnimh Inathnuaite Amach ón gCósta II

## Straitéis Spáis Náisiúnta don aistriú chuig an gCóras Marthanach

**2023**

Arna ullmhú ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
**gov.ie**

# Clár Ábhar


1 **Achoimre Fheidhmeach** ..... 7

2 **Réamhrá** ..... 9

2.1 Fís ..... 9

2.2 Comhthéacs an Bheartais maidir le Fuinneamh Inathnuaite Amach ón gCósta ..... 11

2.3 Cuspóirí OREDP II ..... 15

3 **Pleanáil Spáis Mhuirí agus OREDP II** ..... 17

3.1 An Treoir maidir le Pleanáil Spáis Mhuirí ..... 17

3.2 An Ráiteas Beartais maidir le Pleanáil Mhuirí ..... 18

3.3 An Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí ..... 18

3.4 Pleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe ..... 19

3.5 OREDP II agus an Próiseas Ainmniúcháin ..... 19

3.6 Prionsabail OREDP II ..... 21

4 **An Comhthéacs Beartais Náisiúnta agus Eorpach** ..... 24

4.1 An beartas náisiúnta maidir le fuinneamh inathnuaite ..... 24

4.2 An Beartas Idirnáisiúnta agus Aontais Eorpaigh maidir le Fuinneamh Inathnuaite ..... 25

4.3 Láithreáin ainmnithe chomhshaoil ..... 26

5 **Forbhreathnú ar chineálacha cur chuige i ndlínsí eile** ..... 28

6 **An cur chuige i leith OREDP II** ..... 38

6.1 Raon feidhme ..... 38

6.2 Measúnacht Sonraí ..... 38

6.3 Modheolaíocht na Meastóireachta ..... 38

6.4 Rialachas agus Ionchur ó Gheallsealbhóirí ..... 39

6.5 Measúnachtaí Timpeallachta ..... 39

7 **Measúnacht Sonraí** ..... 41




DRÉACHT

7.1 Athbhreithniú ar Shonraí ... 41

7.2 Critéir lena gCur ar Áireamh ... 42

7.3 Fionnachtana ón Athbhreithniú ar Shonraí ... 44

8 **Measúnacht OREDP II** ... 46

8.1 Cur Chuige ... 46

8.2 Deiseanna Teicniúla ... 47

8.3 Eisiaimh ... 52

8.4 Tosca Comhshaoil ... 56

8.5 Tosca Eacnamaíocha ... 60

8.6 Tosca Oidhreachta ... 68

8.7 Achoimre ... 70

9 **An Acmhainneacht Theicniúil Fuinnimh Acmhainne** ... 71

9.1 Forbhreathnú ar Theicneolaíochtaí Fuinnimh Inathnuaite ... 71

9.1.1 Fuinneamh Gaoithe ... 71

9.1.2 Fuinneamh Tonnta ... 73

9.1.3 Fuinneamh Taoide ... 74

9.2 Acmhainneacht Acmhainne ... 75

9.3 Láithreán Tástála Fuinnimh Mhuirí an Atlantaigh ... 80

10 **Measúnachtaí Timpeallachta** ... 82

10.1 Forbhreathnú ar an Measúnacht Timpeallachta ... 82

10.2 Dearcthaí na Measúnachta Timpeallachta ... 90

10.3 Bearta Maolaithe agus Faireacháin ... 93

11 **Mórlimistéir Leasa** ... 97

11.1 Critéir le haghaidh Roghnúcháin ... 98

11.2 An Cur Chuige i leith na Limistéir a Bheachtú ... 102

12 **OREDP II a Ghlacadh agus a Chur Chun Feidhme** ... 103

DRÉACHT

12.1 Bainistíocht Oiriúnaitheach ........ 103

12.2 Struchtúr Rialachais ........ 104

12.3 An Fhianaise is Fearr atá ar Fáil ........ 109

12.4 An Bonn Fianaise a Fhorbairt ........ 110

12.5 Creat Bainistíochta Sonraí ........ 111

12.6 Réimsí Téamacha Dírithe ........ 112

13 **Conclúidí** ........ 115

13.1 Na Chéad Chéimeanna Eile ........ 115

13.2 OREDP II a Bhainistiú ........ 116

14 Aguisín A: Rialachas OREDP II ........ 117

15 Aguisín B: An Acmhainneacht Theicniúil Fuinnimh Acmhainne ........ 121

16 Aguisín C: Sonraí faoi Dheiseanna Teicniúla ........ 124

17 Aguisín D: Sonraí Eisiamh ........ 128

18 Aguisín E: Tosca Comhshaoil ........ 136

19 Aguisín F: Sonraí faoi Ghníomhaíochtaí Eacnamaíocha ........ 139

20 Aguisín G: Sonraí Oidhreachta ........ 141

21 Aguisín H: Forbhreathnú ar Phróiseas Reachtúil an Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe 142

22 Aguisín I: Creat le haghaidh Phlean Bainistíochta Oiriúnaithí OREDP II ........ 143

23 Aguisín J: An Plean Gníomhaíochta Sonraí agus an Sceideal um Chomhtháthú Taighde 145

DRAFT

**Féach www.gov.ie/OffshoreEnergyPlan chun an doiciméadacht iomlán a bhaineann le OREDP II agus na measúnachtaí timpeallachta a ghabhann leis a fháil.**

# Gluais

| Giorrúchán nó Téarma | Sainmhíniú nó Ciall |
| --- | --- |
| AA | Measúnacht Chuí |
| ABP | An Bord Pleanála |
| AIS | Córais Sainaitheanta Uathoibríocha |
| AMP | Plean Bainistíochta Oiriúnaithí |
| DECC | An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide |
| DHLGH | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta |
| DMAP | Plean Limistéir Mhuirí Ainmnithe |
| EEZ | Limistéar Eacnamaíoch Eisiach |
| GW | Gigeavata |
| GSI | Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann |
| GIS | Córas Faisnéise Geografaí |
| KW | Cileavata |
| MAC | Toiliú Limistéir Mhuirí |
| MAP | An tAcht um Pleanáil Limistéir Mhuirí, 2021 |
| MARA | An tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí |
| MECC | An tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide |
| MPPS | Ráiteas Beartais maidir le Pleanáil Mhuirí |
| MSP | Pleanáil Spáis Mhuirí |
| Treoir maidir le MSP | An Treoir maidir le Pleanáil Spáis Mhuirí |
| MW | Meigeavata |
| NMPF | Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí |
| ORE | Fuinneamh Inathnuaite Amach ón gCósta |
| OREDP | Plean maidir le Forbairt Fuinnimh Inathnuaite Amach ón gCósta |
| ORESS | Scéim Tacaíochta Leictreachais Inathnuaite Amach ón gCósta |
| PDA | An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 |
| SEA | Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta |
| SEAI | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann |
| TW | Teireavata |
| VMS | Córais Faireacháin Soithí |

DRÉACHT

## Tábla Fíoracha


Fíor 2-1: Limistéar Muirí na hÉireann amach go teorainn an Limistéir Eacnamaíoch Eisiach ..... 10
Fíor 6-1: An t-idirghníomhú idir OREDP II agus na measúnachtaí timpeallachta ..... 40
Fíor 8-1: Deiseanna teicniúla – fuinneamh gaoithe amach ón gcósta ..... 48
Fíor 8-2: Deiseanna teicniúla – fuinneamh tonnta amach ón gcósta ..... 50
Fíor 8-3: Deiseanna teicniúla – fuinneamh taoide amach ón gcósta ..... 52
Fíor 8-4: Critéir eisiaimh do OREDP II ..... 53
Fíor 8-5: Díriú ar eisiaimh i Muir Éireann ..... 55
Fíor 8-6: Tosca comhshaoil a breithníodh do OREDP II ..... 57
Fíor 8-7: Tosca eacnamaíocha a breithníodh do OREDP II ..... 62
Fíor 8-8: Dlúis Loingseoireachta AIS (atá léirithe i ndath buí/dearg) ..... 63
Fíor 8-9: Díriú ar Dhlús Bhealaí Loingseoireachta AIS laistigh de Mhuir Éireann agus de Mhuir Bhreatan ..... 64
Fíor 8-10: Díriú ar Dhlús Bhealaí Loingseoireachta AIS laistigh den Mhuir Cheilteach ..... 65
Fíor 8-11: Gníomhaíochtaí Iascaireachta Tráchtála—Déine Iascaireachta ICES ..... 66
Fíor 8-12: Gníomhaíochtaí Iascaireachta Cladaigh ..... 67
Fíor 8-13: Limistéir ina bhfuil tosca oidhreachta do OREDP II ..... 69
Fíor 9-1: Samplaí de chineálacha fosaithe tuirbíní gaoithe amach ón gcósta ..... 72
Fíor 9-2: Coincheapa fosaithe de thuirbíní snámhacha gaoithe amach ón gcósta ..... 73
Fíor 9-3: Próiseas le haghaidh acmhainneacht inbhuanaithe acmhainne a chinneadh do OREDP II ..... 76
Fíor 10-1: Forbairt atriallach OREDP II agus measúnachtaí timpeallachta ..... 83
Fíor 11-1 Na Mórlimistéir Leasa Fhéideartha, bunaithe ar na critéir bheartaithe ..... 101
Fíor 12-1: Forbhreathnú ar an struchtúr rialachais do OREDP II a chur chun feidhme ..... 105

## Tábla Táblaí

Tábla 1: Forbhreathnú ar an aistriú chuig an gcóras marthanach pleantreoraithe le haghaidh forbairt fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta ........ 14
Tábla 2: Comparáid idirnáisiúnta idir cineálacha cur chuige i leith sainaithint a dhéanamh ar limistéir le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta ........ 30
Tábla 3: Critéir le haghaidh sonraí a mheas do OREDP II ........ 42
Tábla 4: Achair deiseanna teicniúla le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta .. 77
Tábla 5: An acmhainneacht theicniúil acmhainne atá ar fáil le haghaidh Teicneolaíocht Fhosaithe Gaoithe ........ 78
Tábla 6: An acmhainneacht theicniúil acmhainne atá ar fáil le haghaidh Teicneolaíocht Shnámhach Gaoithe ........ 78
Tábla 7: An Acmhainneacht Theicniúil Acmhainne atá ar fáil le haghaidh Fuinneamh Tonnta, 10 m – 200 m ........ 79
Tábla 8: An Acmhainneacht Theicniúil Acmhainne atá ar fáil le haghaidh Fuinneamh Taoide ........ 80
Tábla 9: Achoimre ar na héifeachtaí féideartha ar an gcomhshaol de réir cineál teicneolaíochta ........ 86
Tábla 10: Dearcthaí agus fionnachtana mheasúnacht timpeallachta OREDP II ........ 90
Tábla 11: Rialachas ar Chur Chun Feidhme an Phlean agus Bainistíocht Oiriúnaitheach . 107

DRÉACHT

# 1 Achoimre Fheidhmeach

Tairgeann limistéar muirí mór na hÉireann acmhainneacht shuntasach chun fuinneamh inathnuaite a fhorbairt ó fhoinsí gaoithe, tonnta agus taoide. A bhuí leis na tairbhí a bheidh ag baint leis sin, beimid in ann ár n-uaillmhianta fadtéarmacha aeráide a chomhlíonadh, straitéis thionsclaíoch nua a fhorbairt, poist ghlasa a chruthú, agus forbairt réigiúnach chothromaithe a bhaint amach, rud a rachaidh chun tairbhe don tsochaí ina hiomláine.

Le linn an t-aistriú sin a bhainistiú, tá sé tábhachtach go mbogfaimis i dtreo cur chuige níos stát-treoraithe agus níos pleanáilte chun a chinntiú go bhforbróimid an teicneolaíocht cheart sna háiteanna cearta, agus prionsabail na cómhaireachtála atá leagtha amach sa Chreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí á n-urramú ag an am céanna. Is acmhainn chomhroinnte é ár limistéar muirí agus, chun fuinneamh inathnuaite a fhorbairt go héifeachtach, is gá dúinn obair i gcomhar le hearnálacha eile chun a chinntiú go bpleanálfaimid go cuí agus go n-urramóimid an gá atá ann leis an mbithéagsúlacht mhuirí a chosaint.

Tá an Plean maidir le Forbairt Fuinnimh Inathnuaite Amach ón gCósta (OREDP II) ar cheann amháin de na príomh-bhunchlocha a bhaineann le bogadh i dtreo cur chuige níos pleantreoraithe i leith fuinneamh inathnuaite a fhorbairt mar chuid den chóras marthanach nó fadtéarmach. Tá cuid mhór buntáistí ag baint leis an gcur chuige sin a ghlacadh, idir úsáid ár n-acmhainne muirí a bharrfheabhsú agus thionchair ar an gcomhshaol a laghdú.

Tá an straitéis spáis seo ar cheann amháin de na gnéithe oibre atá á gcur ar aghaidh chun an Córas Marthanach a bhunú. Áirítear leis na gnéithe eile Beartas maidir le Hidrigin a fhorbairt, ár mBeartas maidir le hIdirnascairí a nuashonrú, agus measúnacht eacnamaíoch a dhéanamh chun a shainaithint conas is fearr is féidir leas a bhaint as tairbhí na hacmhainneachta fuinnimh inathnuaite sin ar mhaithe le gach duine sa tsochaí. Tá na heilimintí oibre uile sin á gcur ar aghaidh ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide faoi láthair, agus Ráiteas Beartais don Chóras Marthanach á fhorbairt mar thoradh orthu.

Is ar an straitéis spáis a dhírítear sa dréachtdoiciméad seo, ina moltar an dóigh a sainaithneoidh an Stát na limistéir is oiriúnaí d'fhuinneamh inathnuaite amach ón gcósta, ar aon dul le prionsabail na dea-phleanála spáis mhuirí. Tá an comhthéacs foriomlán beartais náisiúnta agus Eorpaigh maidir le forbairt fuinnimh inathnuaite leagtha amach sa doiciméad, mar aon le tacar prionsabal a úsáidfear chun buntacú leis an bpróiseas pleanála reachtúil le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta.

DRAFT

Rinneadh measúnacht ar na deiseanna atá ann le haghaidh fuinneamh gaoithe, tonnta agus taoide inár n-uiscí. Rinneadh toimhdí áirithe ar chumas na dteicneolaíochtaí sin ag an am seo, ar thoimhdí iad a raibh tionchar acu ar an achar féideartha dár mara atá ar fáil lena bhreithniú. Doiciméadaíodh gach ceann de na toimhdí sin.

Rinneadh measúnacht ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis atá againn ar an leibhéal náisiúnta faoi raon gníomhaíochtaí agus gnéithe muirí chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt na straitéise seo. Breithníodh tacair sonraí comhshaoil ábhartha, mar aon le faisnéis faoi ghníomhaíochtaí eacnamaíocha amhail loingseoireacht, iascach, agus limistéir atá faoi cheadúnais reatha.

Leagtar amach san Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí, 2021, próiseas le haghaidh pleananna reachtúla a chruthú le haghaidh earnálacha. Tugtar Pleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe ar na pleananna sin. Moladh critéir sa doiciméad seo lena n-úsáid chun Mórlimistéir Leasa thosaigh a shainaithint le haghaidh forbairt fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta sa todhchaí. Dhéanfaí na Mórlimistéir Leasa sin a bheachtú tuilleadh ina limistéir gheografacha níos lú mar chuid de phróiseas measúnachta an Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe. Tá na critéir dírithe ar dtús ar an acmhainneacht atá againn ó thaobh teicneolaíochtaí snámhacha gaoithe de. Breithnítear iontu freisin an acmhainneacht atá ann ár n-acmhainní gaoithe amach ón gcósta a úsáid, ní amháin le haghaidh úsáid intíre trí nasc a dhéanamh leis an eangach, ach le haghaidh forbairt thionsclaíoch a chothú trí hidrigin ghlas a tháirgeadh freisin. Sainaithnítear sna critéir sin Mórlimistéir Leasa fhéideartha le haghaidh forbairt fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta sa todhchaí sa Mhuir Cheilteach, i limistéar na Sionainne/Fhainge agus ar an gcósta Thiar Thuaidh.

Rinneadh Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus ullmhaíodh Ráiteas Tionchair Natura ar an dréachtphlean. Úsáideadh an dá cheann díobh chun bonn eolais a chur faoin dréachtphlean de réir mar a forbraíodh é, agus cuirtear iad ar áireamh sa chomhairliúchán poiblí.

Rannchuidigh raon leathan geallsealbhóirí muirí le forbairt na straitéise seo thar na 18 mí seo a chuaigh thart chun a chinntiú go mbreithneofaí raon leathan tuairimí. Áiríodh leo sin an earnáil iascaigh, eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil, an tionscal fuinnimh inathnuaite, calafoirt, údaráis áitiúla, agus acadóirí.

Tar éis an comhairliúchán poiblí a chríochnú, breithneofar gach aighneacht a fuarthas agus foilseofar freagraí ar na haighneachtaí sin ar líne, á léiriú conas a úsáideadh iad le linn an plean agus na tuarascálacha timpeallachta gaolmhara a thabhairt chun críche.

DRAFT

# 2 Réamhrá

## 2.1 Fís


Tá ag Éirinn achar mara 490,000 ciliméadar cearnach (Fíor 2-1) – arb ionann é agus thart ar sheacht n-uaire mhéid a mórchríche – agus ceann de na hacmhainní fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta is fearr ar domhan.  De réir mar a aistríonn Éire chuig geilleagar a bheidh ar bheagán carbóin, athléimneach ó thaobh na haeráide de agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de laistigh de chreataí an Aontais Eorpaigh agus de chreataí domhanda, imreoidh ár n-acmhainneacht shuntasach fuinnimh inathnuaite ról ríthábhachtach i ndeireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise a úsáid agus i bhfuinneamh atá sábháilte, slán agus glan a sholáthar go hiontaofa.

Tá ríthábhacht ag baint le fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta a fhorbairt in Éirinn maidir leis an uaillmhian sin a chomhlíonadh chun na cuspóirí seo a leanas, i measc cuspóirí eile, a bhaint amach:

- Slándáil ár soláthair fuinnimh a fheabhsú
- Tacú le spriocanna aeráide na hÉireann a bhaint amach faoin mbliain 2050, lena n-áirítear ár gcóras fuinnimh a dhícharbónú
- Astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú go suntasach trí fhoinsí inathnuaite fuinnimh a úsáid in ionad breoslaí iontaise
- Forbairt réigiúnach chothromaithe a sholáthar, a rachaidh chun tairbhe do phobail chósta, mhuirí agus oileáin
- Fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta a fhorbairt ar shlí inbhuanaithe, agus aitheantas á thabhairt don tábhacht a bhaineann leis an mbithéagsúlacht agus úsáideoirí agus gníomhaíochtaí muirí eile a chosaint

Chun a chinntiú go mbainfear na cuspóirí sin amach agus chun forbairt fhadtéarmach inbhuanaithe phleanáilte fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta a chinntiú in Éirinn, beidh sé ríthábhachtach go ndéanfadh an Stát pleanáil agus bainistiú spáis éifeachtach ar acmhainn mhuirí na hÉireann ar mhaithe leis an gcuid is fearr a bhaint as an acmhainneacht le haghaidh forbairt fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta sa todhchaí.

DRÉACHT




**Fíor 2-1: Limistéar Muirí na hÉireann amach go teorainn an Limistéir Eacnamaíoch Eisiach**

I Fíor 2-1, léarscáilítear an limistéar muirí amach go teorainn fhorimeallach Limistéar Eacnamaíoch Eisiach na hÉireann[1], a sroicheann codanna de suas le 200 muirmhíle (370 km) ón gcósta.

[1] Ionstraim Reachtúil Uimh. 86 de 2014 - An tOrdú um Dhlínse Mhuirí (Teorainneacha Limistéir Eacnamaíoch Eisiach), 2014.

## 2.2 Comhthéacs an Bheartais maidir le Fuinneamh Inathnuaite Amach ón gCósta

Tá raon gníomhartha ar siúl chun na spriocanna láithreacha don bhliain 2030 a bhaint amach – is é sin, cur leis an leibhéal fuinnimh gaoithe amach ón gcósta ar an eangach – agus chun na huaillmhianta fadtéarmacha maidir lenár n-acmhainneacht fhairsing acmhainní amach ó chósta an iarthair agus an deiscirt a bhaint amach araon. Mar gheall ar a phráinní atá sé gníomh a dhéanamh anois chun an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus chun spriocanna láithreacha a chomhlíonadh, glacfar cur chuige difriúil i leith conas a fhorbrófar an earnáil san fhadtéarma.

### Spriocanna don bhliain 2030

Leagtar amach sa Phlean Gnímh don Aeráid an sprioc atá ann 5 Ghigeavata (GW) de thoilleadh fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta a bhaint amach faoin mbliain 2023. Tá obair ar siúl chun an sprioc sin a bhaint amach, agus dhá chéim de thionscadail le cur ar aghaidh trí phleanáil agus trí cheantanna:

- Tionscadail Chéim 1 – tionscadail ar bronnadh Toiliú Limistéir Mhuirí orthu sa bhliain 2022 agus a bhfuiltear ag súil leis go rachaidh siad san iomaíocht sa chéad cheant faoin Scéim Tacaíochta Leictreachais Inathnuaite Amach ón gCósta (ORESS 1) i lár na bliana 2023 agus go rachaidh siad ar aghaidh tríd an gcóras pleanála. Táthar ag súil leis go mbainfidh na tionscadail rathúla thart ar 50% den sprioc don bhliain 2030 amach agus go dtiocfaidh siad i mbun feidhme ón mbliain 2027 ar aghaidh.
- Tionscadail Chéim 2 – teastaíonn an bhaisc tionscadal seo chun an bhearna a dhúnadh idir cad is féidir le tionscadail Chéim 1 a sholáthar agus an sprioc go mbeadh 5 GW d'fhuinneamh amach ón gcósta nasctha leis an eangach faoin mbliain 2030. Leagfar seicheamhú na céime sin amach i ráiteas beartais a fhoilseofar sa chéad ráithe den bhliain 2023. Beidh ar thionscadail bealach chun an mhargaidh a áirithiú, amhail Litir Thairisceana ORESS 2 nó toiliú limistéir mhuirí ón Údarás Rialála Limistéir Mhuirí, agus cead forbartha ón mBord Pleanála. Is dóigh go dtiocfaidh na tionscadail rathúla i mbun feidhme ag deireadh na deacáide seo.

#### An Córas Marthanach a fhorbairt

Baineann an doiciméad seo leis an gcéim dheiridh: an córas fadtéarmach, nó an córas marthanach pleantreoraithe, le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta. Má tá

Éire chun a cuid gealltanas fadtéarmach agus uaillmhianta fadtéarmacha maidir leis an aeráid agus fuinneamh a bhaint amach, ní mór fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta a fhorbairt ar shlí phleanáilte, straitéiseach agus inbhuanaithe. Is é a bheidh i gceist leis sin athrú a dhéanamh ar an dóigh a bhforbraítear tionscadail fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta, áit a mbogfar ar shiúl ó chur chuige díláraithe tionscadaltreoraithe chuig cur chuige láraithe ina mbeidh ról suntasach ag an Stát i sainaithint a dhéanamh ar cé na limistéir i spás muirí na hÉireann atá ar na cinn is oiriúnaí d'fhorbairtí fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta sa todhchaí. Tá cuid mhór buntáistí ag baint le bogadh i dtreo cur chuige níos Stát-treoraithe i leith forbairt fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta:

- An leas is mó a bhaint as na limistéir le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta chun dul chun tairbhe don Stát agus chun cuíchóiriú a éascú.
- Gníomhaíocht amhantrach sa mhuirthimpeallacht a íoslaghdú.
- Soláthar a dhéanamh do shuirbhéireacht a chomhordú, agus an bonneagar córais tarchurtha amach ón gcósta agus ar talamh á íoslaghdú ag an am céanna tríd an teicneolaíocht a dhéanamh seasmhach ó thaobh na haimsire de chun tionchair chomhshaoil a íoslaghdú agus chun costais a laghdú don tomhaltóir deiridh.
- Tuilleadh cinnteachta a sholáthar do gach úsáideoir muirí agus do gach earnáil mhuirí agus deiseanna a chruthú le haghaidh sineirgí, mar shampla trí chómhaireachtáil a chur chun cinn.
- An deis a thabhairt le próiseas comhtháite lena gcumhdófar tionscadail éagsúla chun go nglacfaidh an pobal leo.

Tá an doiciméad seo ar cheann amháin de na príomh-bhunchlocha atá á gcur ar aghaidh anois chun an uaillmhian atá ag an Rialtas go mbeadh toilleadh snámhach fuinnimh 30 GW ar a laghad ann faoin mbliain 2030 a bhaint amach, mar atá leagtha amach i gClár an Rialtais. Leagtar amach sa doiciméad seo an straitéis spáis náisiúnta a bheartaítear a ghlacadh chun an sprioc sin a bhaint amach. Leagtar amach ann an méid atá ar eolas againn faoinár spás muirí ar an leibhéal náisiúnta agus moltar ann cur chuige i leith Mórlimistéir Leasa a shainaithint, rud ar a ndéanfar scrúdú níos mine i gcomhairle le húsáideoirí áitiúla muirí sula n-ainmneofar aon limistéir le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta, mar atá sainmhínithe san Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí.

Tá OREDP II ina uirlis thábhachtach maidir le breac-chuntas a thabhairt ar an gcreat foriomlán agus ar an straitéis spáis fhoriomlán chun an t-aistriú ó chur chuige forbróirthreoraithe chuig an gcóras marthanach pleantreoraithe a éascú. Leagfar amach ann

DRÉACHT

an creat foriomlán agus an straitéis spáis náisiúnta fhoriomlán chun forbairt fhadtéarmach inbhuanaithe phleanáilte fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta a threorú inár limistéar muirí. Tá OREDP II ina chreat dinimiciúil a nuashonrófar ar bhonn timthriallach chun forbairt fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta a bhainistiú ar shlí réamhghníomhach iomlánaíoch chun tacú lenár n-aistriú chuig córas marthanach pleantreoraithe le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta in Éirinn.

Cuirfidh obair eile atá ar siúl bonn eolais faoi bheartas foriomlán an Chórais Mharthanaigh. Áirítear leis an obair sin Beartas maidir le Hidrigin a fhorbairt, ár mBeartas maidir le hIdirnascairí a nuashonrú, agus measúnacht eacnamaíoch a dhéanamh ar bhealaí chun an mhargaidh. Tá píosa gaolmhar taighde á dhéanamh faoi láthair freisin chun scrúdú a dhéanamh ar na cineálacha cur chuige a ghlactar i ndlínsí eile i leith rannpháirtíocht an Stáit i bhfuinneamh inathnuaite amach ón gcósta. Sna torthaí ón obair sin, leagfar amach roghanna le haghaidh ról an Stáit amach anseo i ngníomhaíocht fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta inár limistéar muirí agus leagfar amach treochlár don aistriú ón gcur chuige forbróirthreoraithe reatha chuig cur chuige níos Stát-treoraithe. Cuimseoidh sé sin gach gné oibre, idir imscrúduithe láithreáin, thoiliú agus bhealaí chun an mhargaidh.

DRÉACHT

**Tábla 1: Forbhreathnú ar an aistriú chuig an gcóras marthanach pleantreoraithe le haghaidh forbairt fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta**

| Céim 1 | Céim 2 | Córas marthanach pleantreoraithe |
|---|---|---|
| **Gníomhartha chun go mbeidh 5 GW de ghaoth amach ón gcósta nasctha leis an eangach faoin mbliain 2030** | | **Gníomhartha chun an córas marthanach pleantreoraithe a sholáthar** |
| • Líon áirithe tionscadal réamhcháilithe ar bronnadh toiliú limistéir mhuirí orthu chun dul san iomaíocht in ORESS 1<br>• Ní mór do na tionscadail sin cead forbartha a fháil ón mBord Pleanála freisin<br>• Rachaidh na tionscadail a n-éireoidh leo sna próisis thuasluaite ar aghaidh chuig céim na tógála, agus táthar ag súil leis go dtiocfaidh siad i mbun feidhme ón mbliain 2027 | • Rachaidh tionscadail san iomaíocht in ORESS 2 sa bhliain 2024 chun tacaíocht a fháil ar mhaithe le cumas fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta a fhorbairt i limistéir shonracha ainmnithe fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta<br>• Táthar ag súil leis go dtiocfaidh tionscadail i mbun feidhme ag deireadh na deacáide seo | • Tabharfar an Straitéis Spáis atá leagtha amach sa dréachtdoiciméad seo chun críche—lár na bliana 2023<br>• Tosófar an obair chun Mórlimistéir Leasa a mheas agus ansin bogfar isteach i bpróiseas foirmiúil ainmniúcháin (féach Rannán 11)—lár na bliana 2023<br>• Cuirfidh an raon oibre atá ar siúl faoi láthair bonn eolais faoi Ráiteas Beartais an Chórais Mharthanaigh atá le foilsiú go luath sa bhliain 2024 |

Beidh a lán tionscadal agus forbairtí fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta ag teastáil chun a chinntiú go gcomhlíonfar spriocanna an Stáit. Dá bhrí sin, go dtí go mbunófar an Córas Marthanach, níor cheart aon ní sa straitéis seo a léirmhíniú a bheith ina ní a chuirfidh teorainn leis an gcumas a bheidh ag na húdaráis ábhartha tograí aonair le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta a mheas ar aon dul leis na forálacha reachtacha

ábhartha atá leagtha amach san Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí, san Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), agus sa reachtaíocht is infheidhme ón Aontas Eorpach, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- An Ráiteas Beartais maidir le Pleanáil Mhuirí
- An Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí
- Na measúnachtaí timpeallachta ábhartha
- Aon ní eile atá leagtha amach sa reachtaíocht

Ar aon dul leis an dea-chleachtas sa phleanáil spáis mhuirí, bhunaigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide struchtúr rialachais do OREDP II. Féach Aguisín A chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin struchtúr rialachais.

## 2.3 Cuspóirí OREDP II

Ba sa bhliain 2014 a foilsíodh an chéad Phlean maidir le Forbairt Fuinnimh Inathnuaite Amach ón gCósta (OREDP I). Leagadh amach ann na príomhphrionsabail, na príomhghníomhartha agus na príomhchumasóirí a theastaíonn chun leas a bhaint as fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta in Éirinn. Rinneadh athbhreithniú eatramhach sa bhliain 2018.

Tháinig roinnt forbairtí suntasacha sa bheartas, sa reachtaíocht agus sa rialáil agus sonraí muirí breise chun cinn ó fhoilsiú OREDP I. Mar atá luaite sa Chreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí agus san iarscríbhinn nuashonraithe gníomhartha a ghabhann leis an bPlean Gnímh don Aeráid 2019, chuir an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide tús le hobair ar OREDP I a nuashonrú sa bhliain 2021. Cé go raibh OREDP I ina phlean trasearnála a bhí ceaptha chun forbairt fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta a éascú, tá OREDP II ina straitéis spáis náisiúnta atá ceaptha chun tacú le forbairt inbhuanaithe phleanáilte fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta san fhadtéarma.

Soláthraítear le OREDP II creat agus bonn fianaise chun go mbeifear in ann sainaithint a dhéanamh amach anseo ar na Mórlimistéir is oiriúnaí do theicneolaíocht fhosaithe gaoithe, teicneolaíocht shnámhach gaoithe, teicneolaíocht fuinnimh tonnta agus teicneolaíocht fuinnimh taoide a fhorbairt mar chuid den chóras marthanach pleantreoraithe. Cé nach sainaithnítear ann aon limistéir shonracha le haghaidh forbairt fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta, tugtar ann creat atá bunaithe ar fhorbairt a dhéanamh ar chritéir is féidir a úsáid chun sainaithint a dhéanamh ar Mhórlimistéir ar laistigh díobh a ainmneofar limistéir

fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta faoin Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí mar chuid den chóras marthanach pleantreoraithe.

Is iad seo na príomhchuspóirí do OREDP II:

- An acmhainneacht acmhainne a mheas le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta i limistéar muirí na hÉireann.
- Bonn fianaise a sholáthar chun cabhrú le sainaithint a dhéanamh amach anseo ar na Mórlimistéir is oiriúnaí don imscaradh inbhuanaithe fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta i limistéar muirí na hÉireann.
- Bearnaí criticiúla i sonraí nó eolas muirí a shainaithint agus gníomhartha a bhfuil tús áite le tabhairt dóibh a mholadh chun na bearnaí sin a dhúnadh.

Suífidh OREDP II taobh leis an gcreat nua um réamhphleanáil mhuirí a bunaíodh sa bhliain 2021 leis an Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí, leis an Ráiteas Beartais maidir le Pleanáil Mhuirí agus leis an gCreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí, agus tacófar le cur chun feidhme an chreata sin leis, mar atá mínithe ar shlí níos mine i Rannán 3. Mar atá aitheanta sa Chreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí, imreoidh OREDP II ról tábhachtach i gcreat a leagan síos chun tacú leis an aistriú chuig an gcóras marthanach pleantreoraithe le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta.

DREACHT

# 3 Pleanáil Spáis Mhuirí agus OREDP II

Is é is Pleanáil Spáis Mhuirí ann ná modh nua le haghaidh féachaint ar na dóigheanna a n-úsáidimid an limistéar muirí agus le haghaidh pleanáil a dhéanamh ar na dóigheanna is fearr a mbeifear in ann é a úsáid as seo amach. Déanfar iarracht sa Phleanáil Spáis Mhuirí na héilimh dhifriúla ar an muir a úsáid a chothromú, lena n-áirítear an gá leis an muirthimpeallacht a chosaint. Is é atá i gceist léi ná a phleanáil cén uair a dhéantar gníomhaíochtaí an duine ar muir agus cá háit a ndéantar gníomhaíochtaí an duine ar muir agus a chinntiú go ndéantar na gníomhaíochtaí sin ar an dóigh is éifeachtúla agus is inbhuanaithe is féidir. Le pleanáil spáis mhuirí, tugtar páirt do gheallsealbhóirí ar shlí thrédhearcach i ngníomhaíochtaí muirí a phleanáil.

Tríd is tríd, cuimsíonn córas pleanála trí phríomhghné:

- Réamhphleanáil (an próiseas trína leagann údaráis reachtúla cuspóirí pleanála ardleibhéil amach don mheántéarma go dtí an fadtéarma ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil)
- Bainistíocht forbartha (cinntí a phróiseáil agus a dhéanamh i leith iarratais ar fhorbairt shonrach)
- Forfheidhmiú (i bhfocail eile, dul i ngleic le forbairt neamhúdaraithe nó le neamhchomhlíonadh cinntí bainistíochta forbartha, mar aon lena chinntiú go gcloítear go cuí le réamhphleananna)

Leagtar amach sa chaibidil seo an dóigh a mbíonn na gnéithe sin á gcur i bhfeidhm i leith ár limistéir mhuirí.

## 3.1 An Treoir maidir le Pleanáil Spáis Mhuirí

Sa Treoir maidir le Pleanáil Spáis Mhuirí (Treoir 2014/89/AE), sainmhínítear pleanáil spáis mhuirí mar phróiseas trína ndéanann údaráis an Bhallstáit ábhartha anailís agus eagrú ar na gníomhaíochtaí a dhéanann an duine i limistéir mhuirí ar mhaithe le cuspóirí éiceolaíocha, eacnamaíocha agus sóisialta a ghnóthú. Tá gá ann le pleanáil spáis mhuirí mar gheall ar an éileamh méadaitheach atá ann ar spás muirí chun críocha difriúla. Cothaítear agus éascaítear leis an gcur chuige sin freisin cur chun feidhme na straitéise Eoraip 2020 maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach. Tá sé mar aidhm leis an straitéis sin ardleibhéil fostaíochta, táirgiúlachta agus chomhtháthaithe shóisialta a bhaint amach agus, ag an am céanna, geilleagar glas atá éifeachtúil ó thaobh acmhainní de a chur chun cinn, rud atá an-ábhartha d’earnálacha cósta agus muirí.

DRAFT

Aithnítear sa Treoir maidir le Pleanáil Spáis Mhuirí gurb amhlaidh, chun cómhaireachtáil inbhuanaithe úsáidí agus cionroinnt chuí úsáidí ábhartha sa spás muirí a chur chun cinn, nach mór do na Ballstáit creat a bhunú le haghaidh cinnteoireacht chomhsheasmhach, thrédhearcach, inbhuanaithe agus fhianaisebhunaithe.

Aidhm eile atá le pleanáil spáis mhuirí is ea na haidhmeanna atá le treoracha eile ón Aontas Eorpach a bhaint amach, lena n-áirítear an Treoir maidir le Gnáthóga agus an Treoir maidir le hÉin. Ní mór do na Ballstáit leas a bhaint freisin as na sonraí agus as an bhfaisnéis is fearr atá ar fáil agus as ionstraimí agus uirlisí atá ann cheana le haghaidh bailiú sonraí. I gcás gur dóigh go mbeidh éifeachtaí suntasacha ag pleananna spáis mhuirí ar an gcomhshaol, beidh siad faoi réir na Treorach maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta.

## 3.2 An Ráiteas Beartais maidir le Pleanáil Mhuirí

Is ag barr an chreata nua um pleanáil mhuirí in Éirinn atá an Ráiteas Beartais maidir le Pleanáil Mhuirí. Sa Ráiteas Beartais maidir le Pleanáil Mhuirí, leagtar amach prionsabail agus tosaíochtaí an Rialtais maidir le pleanáil mhuirí ag an Stát sa limistéar muirí don tréimhse lena mbaineann an ráiteas. Glacadh an leagan reatha den Ráiteas Beartais maidir le Pleanáil Mhuirí ar bhonn neamhreachtúil sa bhliain 2019, agus tá leagan nuashonraithe á fhorbairt ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faoi láthair.

## 3.3 An Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí

Glacadh an Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí chun Airteagal 4 den Treoir maidir le Pleanáil Spáis Mhuirí a chur chun feidhme, rud lena mbunaítear creat le haghaidh pleanáil spáis mhuirí. Tá an Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí ar an gcéad phlean spáis mhuirí riamh ó Éirinn agus leagtar amach ann creat foriomlán cinnteoireachta le haghaidh ár spáis mhuirí chomhroinnte agus féachtar ann le feabhas a chur ar an dóigh a mbainistítear mara na hÉireann chun dul chun tairbhe do gach duine.

Cuid dhílis den Chreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí is ea cosaint an chomhshaoil agus an chómhaireachtáil idir na gníomhaíochtaí agus úsáidí muirí difriúla. Sonraítear sa Chreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí go ndéanfar dianmheasúnacht ar na tograí uile lena gcabhrófar leis an Stát spriocanna an Rialtais a bhaint amach maidir le fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta chun a chinntiú go gcomhlíonfar caighdeáin chomhshaoil agus lena bhféachfar leis na tionchair ar an muirthimpeallacht, ar an éiceolaíocht mhuirí agus ar úsáideoirí muirí eile a íoslaghdú. Leagtar amach sa Chreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí sraith beartas breise a bhaineann le fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta agus tagraítear ann don ról

tábhachtach a bheidh ag OREDP II i dtacú leis an aistriú chuig córas pleantreoraithe le haghaidh forbairt fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta.

## 3.4 Pleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe

Tugtar leis an Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí córas nua lena gcumasaítear ainmniúcháin spáis do limistéir shonraithe agus do ghníomhaíochtaí sonraithe, lena n-áirítear teicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta agus teicneolaíochtaí éiritheacha fuinnimh inathnuaite trí Phleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe. Tá ról agus feidhm na bPleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe sin leagtha amach sa Chreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí. Is pleananna réigiúnacha spáis mhuirí a bheidh sna pleananna sin. Forbrófar an chuid is mó den réamhphleanáil mhuirí fhonáisiúnta trí phróiseas an Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe. Beidh Plean Limistéir Mhuirí Ainmnithe ina phlean bainistíochta do limistéar sonrach dár n-uiscí muirí. Is féidir é a úsáid chun pleananna limistéir ilghníomhaíochta a fhorbairt nó chun úsáid gníomhaíochtaí sonracha a chur chun cinn, lena n-áirítear fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta. Nuair a bheidh siad glactha, beidh Pleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe ina gcuid den Chreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí agus beidh ceanglas ar an lucht déanta cinntí muirí agus don lucht déanta pleananna muirí iad a chur san áireamh.

Is í an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide an comhlacht ábhartha a bheidh freagrach as Pleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe a mholadh le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta. Beidh próiseas an Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe sin ina ghné thábhachtach den aistriú chuig córas pleantreoraithe fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta. Leagfaidh an Roinn tograí maidir le Pleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta faoi bhráid an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta mar chuid den obair a dhéanfar chun an Córas Marthanach a bhunú. Leagtar amach sa doiciméad seo an straitéis a bheartaítear a ghlacadh.

Bainfear leas as an mbonn fianaise agus as an straitéis spáis atá leagtha amach in OREDP II nuair a bheifear ag sainaithint na Mórlimistéar lena n-anailísiú tuilleadh agus cuirfidh siad bonn eolais faoin ainmniú amach anseo le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta mar chuid de phróiseas reachtúil an Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe. Áireofar leis an bpróiseas do Phleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe anailís níos mine ar dhálaí an limistéir mhuirí ábhartha ar bhonn réigiúnach agus áitiúil.

## 3.5 OREDP II agus an Próiseas Ainmniúcháin

Is é an cuspóir atá le OREDP II bonn fianaise a sholáthar chun go mbeifear in ann sainaithint a dhéanamh amach anseo ar na limistéir is oiriúnaí do theicneolaíocht fhosaithe



DRAFT

gaoithe, teicneolaíocht shnámhach gaoithe, teicneolaíocht fuinnimh tonnta agus teicneolaíocht fuinnimh taoide a fhorbairt mar chuid den chóras marthanach pleantreoraithe. Is treoirchreat ardleibhéil agus straitéis spáis náisiúnta é a mbainfidh an Roinn úsáid as chun sainaithint a dhéanamh ar Mhórlimistéir Leasa le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta. Cé nach sainaithnítear ann aon limistéir shonracha le haghaidh forbairt fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta, tugtar ann creat atá bunaithe ar fhorbairt a dhéanamh ar chritéir is féidir a úsáid chun sainaithint a dhéanamh ar Mhórlimistéir a ndéanfar measúnacht níos mine orthu sula dtosófar an próiseas foirmiúil ainmniúcháin.

Sainaithneofar na Mórlimistéir Leasa leis na critéir atá leagtha amach i Rannán 11.1, nuair a chuirfear i bhfeidhm iad. Maidir leis na Pleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe a shainaithneofar tríd an gcreat seo a chur i bhfeidhm, beachtófar ó thaobh spáis iad trí thuilleadh anailíse a dhéanamh agus trí thuilleadh caidrimh a dhéanamh le geallsealbhóirí mar chuid den obair chun an Córas Marthanach a bhunú.

Is de chineál atriallach a bheidh an próiseas le haghaidh limistéir a bheachtú do Phleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta. Áireofar leis an bpróiseas beachtaithe sin breithniú a dhéanamh ar na sonraí a bailíodh mar chuid de phróiseas forbartha straitéise náisiúnta OREDP II. Cabhrófar le faisnéis, saincheisteanna agus tosca nua a shainaithint a bhuí leis an bpróiseas sin um anailís bhreise agus um chaidreamh breise le geallsealbhóirí. Cuirfidh an obair sin tuilleadh feola ar an mbonn fianaise chun go mbeifear in ann an Mórlimistéar a bheachtú ó thaobh spáis de agus na Pleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe a chruthú.

Mar aon leis an anailís bhreise a dhéanfar chun na Mórlimistéir a bheachtú ó thaobh spáis de, tarlóidh sé, mar chuid de phróiseas an Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe, go ndéanfar measúnachtaí timpeallachta reachtúla eile i riocht Measúnachta Straitéisí Timpeallachta agus Measúnachta Cuí, mar a fhoráiltear dóibh faoin Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí.

Gné thábhachtach de phróiseas an Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe a fhorbairt a bheidh i rannpháirtíocht phoiblí. Foráiltear leis an Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí nach mór dréacht-Ráiteas éigeantach Rannpháirtíochta Poiblí a bheith ar áireamh i ngach Plean Limistéir Mhuirí Ainmnithe. Mionsonrófar sa Ráiteas Rannpháirtíochta Poiblí na creataí ama, na nósanna imeachta agus na sásraí a bheidh i bhfeidhm le haghaidh rannpháirtíocht phoiblí, agus iad sonrach don Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe a bheidh á fhorbairt. I gcomhréir le Coinbhinsiún Aarhus, agus mar chuid de na measúnachtaí timpeallachta reachtúla, beidh roinnt deiseanna ann le haghaidh rannpháirtíocht phoiblí agus comhairliúchán poiblí le linn phróiseas an Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe. Nuair a bheidh

OREDP II tugtha chun críche, foilseofar treochlár ardleibhéil ina dtabharfar faisnéis faoin amlíne réamh-mheasta do Phleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe a fhorbairt don Chóras Marthanach. Tabharfar sa treochlár faisnéis faoi na príomhchéimeanna agus na príomhghníomhaíochtaí, lena n-áirítear an anailís bhreise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil agus conas agus cén uair is féidir le daoine páirt a ghlacadh sa phróiseas. Tugtar in Aguisín H forbhreathnú ar phróiseas reachtúil an Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe atá leagtha amach san Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí.

## 3.6 Prionsabail OREDP II

Aithnítear sa Chreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí nach mór tograí le haghaidh forbairtí fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta a bheith comhsheasmhach leis an mbeartas náisiúnta, lena n-áirítear an plean a chuirfear in ionad OREDP I (OREDP II). Suífidh OREDP II taobh le próiseas reachtúil an Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta atá leagtha amach san Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí, agus tacófar le cur chun feidhme an phróisis sin leis. Mar atá aitheanta sa Chreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí, buntacóidh an próiseas sin leis an aistriú chuig an gcóras marthanach pleantreoraithe le haghaidh forbairt fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta in Éirinn.

Beidh forbairt na bPleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe le haghaidh an Chórais Mharthanaigh Fuinnimh Inathnuaite Amach ón gCósta ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ag teacht leis na prionsabail seo a leanas de OREDP II:

- Agus OREDP II á úsáid chun Pleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe a fhorbairt agus a mholadh le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta, aithneofar an ról tábhachtach a bheidh ag fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta maidir le gealltanais aeráide agus fuinnimh an Stáit a chomhlíonadh, lena n-áirítear slándáil fuinnimh, an t-aistriú glas, an córas leictreachais a dhícharbónú, agus astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach faoin mbliain 2050.
- Mar aon le haird a thabhairt ar OREDP II, is é beartas an Rialtais, an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus aon Aire eile den Rialtas, nuair is ábhartha, a threoróidh na tograí maidir le Pleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta a bheidh bunaithe ar OREDP II.
- Déanfar cur i gcrích na ngníomhartha in OREDP II, mar atá leagtha amach i Rannán 12.1 (Bainistíocht Oiriúnaitheach) a chomhordú ar bhonn tras-Rialtais chun a chinntiú go mbainfear úsáid éifeachtúil as acmhainní. Cinnteoidh sé sin go mbeidh sonraí agus eolas muirí inrochtana agus ar fáil lena n-úsáid ag an lucht déanta beartas agus

DRAFT

go ndéanfar caidreamh trédhearcach le geallsealbhóirí, lena n-áireofar trí marineplan.ie.

- Cé go n-úsáidtear sa phlean seo tacair sonraí atá ábhartha dá scála agus dá raon feidhme, ba cheart, in aon phleananna a ullmhófar ar leibhéal an Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe, breithniú a dhéanamh ar na sonraí ábhartha uile eile atá ar fáil, lena n-áirítear tacair sonraí nach raibh oiriúnach dá n-úsáid in OREDP II é féin ná do limistéir a sainaithníodh lena meas tuilleadh. Ba cheart na cleachtaí ábhartha scóipe comhshaoil a dhéanamh, mar sin, agus ba cheart iad a bheith bunaithe ar an dea-chleachtas.
- Ba cheart aon Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe a ullmhófar de bhun an phlean seo a bheith ag teacht leis na bearta cuí maolaithe ar leibhéal an phlean agus an tionscadail, mar atá sainaitheanta i measúnachtaí timpeallachta OREDP II, nuair is ábhartha.
- Le haon tograí agus aon chinntí maidir le fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta, ní mór cuspóirí na dea-phleanála spáis mhuirí a chur chun cinn agus ní mór forbairt inbhuanaithe limistéar muirí na hÉireann a chinntiú, mar atá leagtha amach sna forálacha reachtúla ábhartha den Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí agus den Acht um Pleanáil agus Forbairt.
- Aon tograí maidir le Pleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta a bheidh bunaithe ar OREDP II, beidh siad ag teacht leis na cuspóirí atá leagtha amach sa Chreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí chun tacaíocht agus tús áite a thabhairt d'fhuinneamh inathnuaite amach ón gcósta agus úsáidí agus gníomhaíochtaí muirí eile a chothú ag an aon am amháin agus san aon áit amháin chun coinbhleachtaí a mhaolú, lorg coise spáis na dtograí a íoslaghdú, nuair is gá, agus uasmhéadú a dhéanamh ar na tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil a ghabhann le roinnt forbairtí nó úsáidí éagsúla a bheith ar bun san aon limistéar amháin.
- Díreofar i dtograí maidir le Pleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe ar an láthair ina bhfuil teicneolaíochtaí le suiteáil sa limistéar muirí. Is ar leibhéal an tionscadail aonair a bhreithneofar róid cáblaí mar gheall ar riachtanais éagsúla na dteicneolaíochtaí difriúla agus ar an ngá le láithreacha sonracha a bhreithniú.
- Le haon tograí maidir le Pleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta a bheidh bunaithe ar OREDP II, léireofar an dea-

DRÉACHT

chleachtas maidir le caidreamh le geallsealbhóirí agus maidir le rannpháirtíocht an phobail chun a chinntiú go mbainfidh an tsochaí an tairbhe is mó is féidir as fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta, lena n-áirítear tairbhí eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta amhail fostaíocht agus deiseanna oibre agus oideachais.

- Déanfar deiseanna le haghaidh caidreamh spriocdhírithe le geallsealbhóirí, lena n-áirítear an earnáil iascaigh, a bhreithniú le linn an Ráiteas Rannpháirtíochta Poiblí a fhorbairt do gach Plean Limistéir Mhuirí Ainmnithe le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta a bheidh bunaithe ar OREDP II. Rachfar i dteagmháil leis an earnáil iascaigh ó fhíorthús phróiseas Plean Limistéir Mhuirí Ainmnithe an chórais mharthanaigh chun a chinntiú go ngabhfar ionchur na hearnálale linn an bonn fianaise a fhorbairt do Phleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta.
- Ní mór úsáid chost-éifeachtúil a bhaint as na hacmhainní poiblí a sholáthrófar chun forbairt fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta a éascú trí Phleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe a ainmniú le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta agus ní mór luach ar airgead a bhaint amach ina leith sin.
- Ní mór OREDP II a rialú ar aon dul leis an dea-chleachtas agus ní mór sásraí tuairiscithe atá láidir agus trédhearcach a bheith i bhfeidhm.

DRAFT

# 4 An Comhthéacs Beartais Náisiúnta agus Eorpach

Ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach, tá béim mhéadaithe ar an bhféidearthacht go rannchuideodh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta go mór leis an aistriú i dtreo astaíochtaí gás ceaptha teasa aeráidneodracha a bhaint amach faoin mbliain 2050. Má táthar chun acmhainneacht fuinnimh inathnuaite amach ó chósta na hÉireann a fhorbairt agus a imscaradh, teastóidh comhordú ar fud raon réimsí beartais. Is leagtha amach thíos atá beartais ábhartha náisiúnta, idirnáisiúnta agus Aontais Eorpaigh maidir le fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta.

## 4.1 An beartas náisiúnta maidir le fuinneamh inathnuaite

Tá an beartas náisiúnta i bhfách go mór le fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta a fhorbairt ar shlí inbhuanaithe in Éirinn. Mar chéad phlean spáis mhuirí na hÉireann, is é an Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí an comhthéacs uileghabhálach beartais náisiúnta lena dtacófar le pleanáil spáis inbhuanaithe agus leis an earnáil fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta a bhainistiú sa todhchaí. Sa Chreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí, leagtar amach sraith beartas atá ábhartha d'fhuinneamh inathnuaite amach ón gcósta agus tagraítear don ghá atá ann le forbairtí fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta a bheith comhsheasmhach leis an mbeartas náisiúnta, lena n-áirítear aon phlean a chuirfear in ionad OREDP I (OREDP II, nuair a chuirfear chun feidhme é). Áirítear iad seo a leanas leis na beartais náisiúnta tacaíochta eile atá ábhartha:

- Sa Phlean Gnímh don Aeráid 2023 ó Éirinn, leagtar amach an treochlár le haghaidh uaillmhian aeráide na hÉireann a bhaint amach agus tugtar gealltanas go bhfoinseofar suas le 80% de leictreachas na hÉireann ó athnuaiteáin faoi dheireadh na deacáide seo. I measc na mbeart is tábhachtaí sa Phlean Gnímh don Aeráid 2023 tá an sprioc go mbeadh 5 GW ar a laghad de thoilleadh suiteáilte fuinnimh gaoithe amach ón gcósta ann faoin mbliain 2030 (mar aon le 2 GW eile de thoilleadh fuinnimh gaoithe amach ón gcósta le haghaidh táirgeadh hidrigine glaise). Le Gníomh 116 den Phlean Gnímh don Aeráid 2021, gealladh Plean nua maidir le Forbairt Fuinnimh Inathnuaite Amach ón gCósta (OREDP II) a fhorbairt chun an acmhainneacht fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta a dhéanamh amach i limistéar muirí na hÉireann. Tá an Plean Gnímh don Aeráid 2023 ag teacht leis na buiséid charbóin agus na huasteorainneacha earnála don gheilleagar ar fad ar chomhaontaigh an Rialtas iad sa bhliain 2022, ar nithe iad atá ina gceangal dlí. Beidh ríthábhacht ag baint le hacmhainneacht ollmhór na hÉireann le haghaidh gaoth

DRAFT

amach ón gcósta maidir le clár buiséid carbóin agus uasteorainneacha astaíochtaí earnála na hearnála leictreachais a bhaint amach. Tríd an bPlean Gnímh don Aeráid, tá Éire ag déanamh gníomh cinntitheach chun ár n-astaíochtaí a laghdú faoina leath faoin mbliain 2030 agus chun aeráidneodracht a bhaint amach tráth nach déanaí ná an bhliain 2050, mar a ghealltar i gClár an Rialtais.

- Ceann amháin de chuspóirí Chlár an Rialtais 2020 is ea acmhainneacht ollmhór athnuaiteán amach ó chósta na hÉireann a réadú trí phlean níos fadtéarmaí a fhorbairt chun go réadófaí an fhéidearthacht go soláthrófaí 30 GW ar a laghad de bhonneagar snámhach gaoithe amach ón gcósta sna huiscí is doimhne de chuid na hÉireann amach ón gcósta thiar. Leagfar amach sa phlean níos fadtéarmaí sin conas is féidir le hÉirinn rannchuidiú go mór le córas tras-Eorpach um fhuinneamh inathnuaite a ghiniúint agus a tharchur.
- Leis an Ráiteas Beartais 2021 maidir leis an gCreat le haghaidh Chóras Tarchurtha Leictreachais Amach ó Chósta na hÉireann, bunaítear an cur chuige beartais trí chéim i leith teicneolaíocht gaoithe amach ón gcósta a imscaradh in Éirinn agus socraítear an creat le haghaidh forbairt, oibriú agus úinéireacht chóras tarchurtha leictreachais amach ó chósta na hÉireann. Déantar soláthar leis d'aistriú céimnithe ó shamhail dhíláraithe córais tarchurtha amach ón gcósta chuig samhail láraithe thar na deich mbliana atá le teacht. Sannfar úinéireacht ar shócmhainní an chórais tarchurtha leictreachais amach ón gcósta do EirGrid, arb é Oibritheoir Córais Tarchurtha leictreachais reatha na hÉireann é.
- Ag teacht sna sála ar chlár buiséid carbóin na hÉireann a cheadú, comhaontaíodh sna chéad Uasteorainneacha Astaíochtaí Earnála de chuid na hÉireann riamh 2 GW sa bhreis d'fhuinneamh gaoithe amach ón gcósta le haghaidh hidrigin ghlas a tháirgeadh faoin mbliain 2030.

## 4.2 An Beartas Idirnáisiúnta agus Aontais Eorpaigh maidir le Fuinneamh Inathnuaite

Socraítear leis an Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite an sprioc cheangailteach fhoriomlán le haghaidh an chéatadáin d'athnuaiteáin i meascán fuinnimh an Aontais Eorpaigh. Tá an Treoir á hidirbheartú faoi láthair chun tacú le huaillmhian mhéadaithe aeráide an Aontais Eorpaigh agus le gealltanais nua sa Chomhaontú Glas don Eoraip a chomhlíonadh. Tá gealltanas tugtha ag an Aontas Eorpach laghdú 55% in astaíochtaí a

bhaint amach faoin mbliain 2030, i gcomparáid le leibhéil na bliana 1990, agus aeráidneodracht a bhaint amach faoin mbliain 2050.

Leagtar béim i Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Fuinneamh Inathnuaite Amach ón gCósta ar an ngá le cosaint an chomhshaoil agus na bithéagsúlachta, mar aon le cómhaireachtáil le gníomhaíochtaí muirí eile, a chur chun cinn. Ina theannta sin, fágann réaltachtaí geopholaitiúla agus réaltachtaí margaidh fuinnimh nach mór d'Éirinn agus don Aontas Eorpach dlús ollmhór a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glan agus neamhspleáchas fuinnimh a mhéadú, faoi mar a chuir an tAontas Eorpach in iúl sa Teachtaireacht REPowerEU. Sa teachtaireacht sin, iarrtar ar na Ballstáit limistéir atá oiriúnach do thionscnaimh fuinnimh inathnuaite a léarscáiliú go mear.

## 4.3 Láithreáin ainmnithe chomhshaoil

Beidh Éire ag ainmniú láithreáin bhreise le haghaidh cosaint chomhshaoil sa limistéar muirí ar fud thréimhse feidhme OREDP II. Tá dul chun cinn á dhéanamh ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) ar obair chun Limistéir mhuirí Chosanta Speisialta agus Limistéir mhuirí Chaomhantais Speisialta sa bhreis a ainmniú.

Tá gealltanais náisiúnta agus Eorpacha ann freisin don líonra Limistéar Muirí faoi Chosaint in Éirinn a leathnú. Tugtar gealltanas i gClár an Rialtais go mbeidh 30% de limistéar muirí na hÉireann ainmnithe mar Limistéir Mhuirí faoi Chosaint faoin mbliain 2030. Is féidir Limistéir Mhuirí faoi Chosaint a thuairisciú mar limistéir atá sainithe go geografach agus a bhfuil carachtar nó tionchar muirí acu, ar limistéir iad a chosnaítear trí mheáin dhlíthiúla chun speicis shonraithe, gnáthóga sonraithe nó éiceachórais shonraithe, agus na seirbhísí éiceachórais agus na luachanna cultúrtha a bhaineann leo, a chaomhnú nó a chosaint. Bainisteofar iad ar mhaithe le cuspóirí luaite a bhaint amach thar an bhfadtéarma.

Ní rogha dhénártha atá i bhfuinneamh inathnuaite amach ón gcósta a fhorbairt nó i limistéir mhuirí a chosaint. Má ainmnítear spás muirí mar Limistéar Muirí faoi Chosaint, ní fhágfaidh sé sin go huathoibríoch nach mbeifear in ann gníomhaíocht eile a dhéanamh sa spás sin. Is féidir le Limistéir Mhuirí faoi Chosaint bheith comhoiriúnach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch a bhaineann leis an muir agus tacú léi.

I láthair na huaire, ní heol láthair na Limistéar Muirí faoi Chosaint. Tá forbairt á déanamh ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar reachtaíocht le haghaidh Limistéir Mhuirí faoi Chosaint a shainaithint, a ainmniú agus a bhainistiú in uiscí muirí na hÉireann.

Gan ainmniúcháin chosanta agus chaomhantais a áireamh, beartaítear leis an togra ón gCoimisiún Eorpach le haghaidh Dlí Athchóirithe Dúlra spriocanna atá ina gceangal dlí a

bhunú le haghaidh athchóiriú dúlra in éiceachórais dhifriúla. Tá sé mar aidhm leis an dlí beartaithe 20% ar a laghad de limistéir thalún agus mhara an Aontais Eorpaigh a chumhdach le bearta athchóirithe dúlra faoin mbliain 2030, agus na bearta sin a leathnú faoin mbliain 2050 chuig na héiceachórais uile a dteastaíonn athchóiriú uathu.

Cuirfear ar áireamh i nuashonruithe ar an bplean amach anseo faisnéis bhreise faoi láithreáin ainmnithe, lena n-áirítear i ndáil le Limistéir Mhuirí faoi Chosaint, Limistéir Chaomhantais Speisialta agus Limistéir Chosanta Speisialta sa bhreis a ainmniú agus bearta athchóirithe dúlra. Cuirfear na tosca sin ar áireamh i measúnachtaí leibhéil íochtair faoin gcreat um pleanáil mhuirí, mar shampla ar leibhéal an Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe agus ar leibhéal an tionscadail, más ann.

DRÉACHT

# 5 Forbhreathnú ar chineálacha cur chuige i ndlínsí eile

Rinneadh taighde ar an gcur chuige a ghlactar i stáit eile i leith sainaithint a dhéanamh ar limistéir le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta chun cabhrú lenár gcur chuige a fhorbairt agus chun leas a bhaint as na ceachtanna a foghlaimíodh i dtíortha atá níos faide chun tosaigh ó thaobh pleanála spáis mhuirí de. Mar fhorbhreathnú ar an gcur chuige a ghlactar in áiteanna eile, is gnáth go sainaithníonn stáit limistéar tosaigh a bheachtaítear de réir a chéile trí chritéir idirghníomhaíochta a chinneadh i gcomhar le geallsealbhóirí, trí mheasúnachtaí, lena n-áirítear measúnachtaí timpeallachta, agus trí chomhairliúchán chun idirghníomhaíochtaí ábhartha le gníomhaíochtaí agus úsáidí eile a shainaithint. Déantar tuilleadh measúnachtaí, cuirtear comhairliúchán ar siúl agus, i roinnt cásanna, ualaítear na critéir chun an limistéar a chúngú agus, sa deireadh, chun spás a ainmniú le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta. Is é atá i gceist leis an gcur chuige ginearálta:

- Sainaithint a dhéanamh ar na limistéir a bhfuil acu na hacmhainní agus na gnéithe teicniúla atá fabhrach do bhonneagar fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta a lonnú iontu
- Léirshamhlú a dhéanamh ar na tosca uile ar dóigh dóibh difear a dhéanamh do bhonneagar fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta a lonnú trí shonraí spáis, mar shampla measúnachtaí ar dheiseanna agus ar shrianta
- Láithreacha mí-oiriúnacha a chur as an áireamh agus limistéir lena mbaineann níos lú srianta a shainaithint
- Anailís a dhéanamh, trí chisil eochairshonraí a úsáid, ar chritéir aonair (mar shampla iascaireacht/loingseoireacht) a bhfuiltear ag súil leis go nginfidh siad idirghníomhaíochtaí
- Sainaithint a dhéanamh ar limistéir nach bhfuil aon srianta ag baint leo

Tugtar forbhreathnú comparáideach i Tábla 2 ar an gcur chuige atá á ghlacadh i stáit eile i leith sainaithint a dhéanamh ar limistéir le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta. Ba iad na limistéir a scrúdaíodh ná Albain, Sasana, an Mhuir Cheilteach (Sasana agus an Bhreatain Bheag), an Ísiltír agus an Danmhairg. Is dea-fhorbartha atá na próisis agus na tionscail fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta sa Ríocht Aontaithe, san Ísiltír agus sa Danmhairg. Sainaithníonn gach tír na limistéir bharrmhaithe acmhainne agus cuireann siad srianta i bhfeidhm chun bonn eolais a chur faoin bpleanáil. Is féidir leis na ceachtanna a

DRAFT

foghlaimíodh maidir leis an dóigh a sainaithnítear limistéir atá oiriúnach d'fhuinneamh inathnuaite amach ón gcósta sna córais aibí sin cabhrú le hÉirinn de réir mar a mheasúnaíonn sí roghanna le haghaidh forbairt fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta. Mar atá luaite i Rannán 5, tá an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ag déanamh taighde ar chineálacha idirnáisiúnta cur chuige lena soláthrófar roghanna le haghaidh aistriú na hÉireann chuig cur chuige Stát-treoraithe.

DRÉACHT

**Tábla 2: Comparáid idirnáisiúnta idir cineálacha cur chuige i leith sainaithint a dhéanamh ar limistéir le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta**

| Na céimeanna sa phróiseas | Albain | Sasana | An Mhuir Cheilteach (Sasana agus an Bhreatain Bheag) | An Ísiltír | An Danmhairg |
|---|---|---|---|---|---|
| **Céim na Measúnachta** | **1)** Sainaithníodh Limistéir Chuardaigh Thosaigh in uiscí teorann na hAlban trí anailís ar dheiseanna agus ar shrianta (2011), áit a ndearnadh tacair sonraí a scóráil agus a ualú. Ullmhaíodh Dréacht-Treoir Réigiúnach Suímh inar cuimsíodh tuilleadh faisnéise teicniúla, | **1)** Le haghaidh Bhabhta Léasaithe 4 le haghaidh fuinneamh gaoithe amach ón gcósta, rinneadh anailís ar dheiseanna agus ar shrianta, áit a ndearnadh tacair sonraí a scóráil agus a ualú, chun Limistéir Chuardaigh a shainaithint. | **1)** Sainaithníodh limistéir thosaigh sa Mhuir Cheilteach a bhféadfaí teicneolaíocht shnámhach gaoithe a shuiteáil iontu trí anailís ar dheiseanna agus ar shrianta.<br><br>Ba iad seo na tosca a breithníodh:<br><br>• **Tosca eacnamaíocha** (Loingseoireacht, Bonneagar faoi bhun | **1)** Ainmníodh sa Chlár Náisiúnta Uisce 2009-2015 dhá limistéar le haghaidh fuinneamh gaoithe amach ón gcósta. Ainmníodh dhá limistéar eile mar limistéir chuardaigh, faoi réir tuilleadh measúnachta. | **1)** Cuireadh tús sa bhliain 2016 le hobair ar Phlean Spáis Mhuirí na Danmhairge. Bunaíodh Bonneagar Sonraí Spáis Mhuirí nua sa bhliain 2017 chun an rochtain agus an fháil ar shonraí spáis mhuirí a mhéadú chun críocha comparáide agus lena malartú idir údaráis mhuirí. Cruthaíodh Ardán leithleach Pleanála Spáis Mhuirí freisin i gcomhthráth leis an |

| Na céimeanna sa phróiseas | **Albain** | **Sasana** | **An Mhuir Cheilteach (Sasana agus an Bhreatain Bheag)** | **An Ísiltír** | **An Danmhairg** |
|---|---|---|---|---|---|
| | comhshaoil, pleanála agus socheacnamaíche faoi na Limistéir Chuardaigh. | | an dromchla, Bonneagar, Iascach)<br>• **Tosca comhshaoil** (Ainmniúcháin chomhshaoil, Gnéithe comhshaoil, Éilliú)<br>• **Tosca sóisialta** (Fóillíocht, Gnéithe amhairc, Gnéithe stairiúla, Snámh) | | mBonneagar Sonraí Spáis Mhuirí.<br>**2)** Rinneadh obair sna blianta 2018 agus 2019 ar thús áite a thabhairt do limistéir ainmnithe le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta. Rannchuidigh pleananna earnála roimhe seo go mór le próiseas pleanála an Phlean Spáis Mhuirí. |
| **Caidreamh le geallsealbhóirí** | **2)** Cuireadh comhairliúchán ar siúl ar na dréacht-Phleananna Muirí Earnála le haghaidh | **2)** Ag teacht sna sála ar na Limistéir Chuardaigh thosaigh a shainaithint, | **2)** Ag teacht sna sála ar na limistéir thosaigh a shainaithint, cuireadh caidreamh le geallsealbhóirí ar siúl | **2)** Rinneadh Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta shonrach agus | **3)** Sular ullmhaíodh an tuarascáil ar mheasúnacht timpeallachta, rinneadh líniú ar an measúnacht timpeallachta. Bhí sé sin |

| Na céimeanna sa phróiseas | Albain | Sasana | An Mhuir Cheilteach (Sasana agus an Bhreatain Bheag) | An Ísiltír | An Danmhairg |
|---|---|---|---|---|---|
| | Fuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta, Fuinneamh Tonnta agus Fuinneamh Taoide in Uiscí na hAlban. | cuireadh caidreamh le geallsealbhóirí ar siúl trí chruinnithe le geallsealbhóirí margaidh agus reachtúla, mar aon le caidreamh le mór-gheallsealbhóirí. | agus sainaithníodh tosca breise, mar shampla tosca comhshaoil, tosca loingseoireachta, tosca iascaigh, tosca eitlíochta agus tosca cosanta.<br><br>Bhí na tosca a ualaíodh trí shamhail an phróisis ordlathais anailísigh a úsáid mar bhonn eolais faoin gcaidreamh sin le geallsealbhóirí. | Measúnacht Chuí shonrach le haghaidh na limistéar cuardaigh. Cuireadh babhta comhairliúcháin ar siúl ar spás breise a ainmniú le haghaidh limistéir fuinnimh gaoithe. | faoi réir comhairliúchán poiblí. |
| **Measúnachtaí breise** | **3)** Rinneadh tuilleadh anailíse ar dheiseanna agus ar shrianta, áit a ndearnadh tacair sonraí a scóráil agus | **3)** Trí phróiseas beachtaithe réigiúnaigh, rinneadh tuilleadh measúnachta chun an líon réigiún, | **3)** Ag teacht sna sála ar an gcaidreamh le geallsealbhóirí, beachtaíodh an obair samhaltaithe spáis chun | **3)** In athbhreithniú ar an gClár Náisiúnta Uisce a rinneadh sa bhliain 2014, rinneadh na limistéir chuardaigh a bheachtú agus a | **3)** Moladh sa Phlean Spáis Mhuirí ceithre chrios le haghaidh úsáidí difriúla an limistéir mara, agus gaoth ón talamh á |

| Na céimeanna sa phróiseas | **Albain** | **Sasana** | **An Mhuir Cheilteach (Sasana agus an Bhreatain Bheag)** | **An Ísiltír** | **An Danmhairg** |
|---|---|---|---|---|---|
| | a ualú, chun Limistéir Chuardaigh bhreise in uiscí teorann na hAlban amach chuig Crios Eacnamaíoch Eisiach na hAlban a shainaithint (2018).<br><br>**4)** Sainaithníodh limistéir bhreise le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta mar thoradh ar thuilleadh measúnachta, agus cuireadh ar áireamh iad lena mbreithniú i bPlean Muirí Earnála | agus fairsinge spáis na réigiún, a bhí le cur ar fáil tríd an bpróiseas leasaithe a bheachtú.<br><br>**4)** Rinneadh réigiúin a chur as an áireamh nó a thabhairt ar aghaidh lena gcur ar áireamh i mBabhta 4. | cúig Limistéar Cuardaigh thosaigh a shainaithint. | ainmniú le haghaidh fuinneamh gaoithe ar muir.<br><br>**4)** Rinneadh tuilleadh measúnachtaí timpeallachta (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, Measúnacht Chuí), agus cuireadh comhairliúcháin ar siúl ar na limistéir chuardaigh. | cumhdach ag 'Criosanna Forbartha'. |

| Na céimeanna sa phróiseas | **Albain** | **Sasana** | **An Mhuir Cheilteach (Sasana agus an Bhreatain Bheag)** | **An Ísiltír** | **An Danmhairg** |
|---|---|---|---|---|---|
| | na hAlban le haghaidh Fuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta. | | | | |
| **Caidreamh le geallsealbhóirí** | **5)** Tugadh faoi chaidreamh le geallsealbhóirí, lena n-áirítear ceardlanna, chun srianta spáis sonracha a shainaithint, beachtaíodh an Limistéar Cuardaigh chun Roghanna Dréacht-Phlean a shainaithint, agus cuireadh | **5)** Níl cosc ar na réigiúin nár cuireadh ar áireamh a chur san áireamh i mbabhtaí léasaithe amach anseo. Tá sé beartaithe ag Eastát na Corónach leanúint ar aghaidh ag obair le geallsealbhóirí chun deiseanna amach anseo a shainaithint. | **5)** Bhí na cúig Limistéar Cuardaigh thosaigh faoi réir tuilleadh caidrimh le geallsealbhóirí. Ag teacht sna sála air sin, sainaithníodh cúig Limistéar Cuardaigh bheachtaithe atá lonnaithe laistigh de thrí cinn de na Limistéir Chuardaigh leathana bhunaidh.<br><br>Tá sé beartaithe tuilleadh caidrimh agus | **5)** Sa bhliain 2021, sainaithníodh i nDréacht-Chlár Breise na Mara Thuaidh limistéir chuardaigh a d’fhéadfaí a ainmniú ina dhiaidh sin le haghaidh forbairt fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta níos faide ná an bhliain 2030. Bhí siad faoi réir comhairliúcháin agus | **4)** Rinneadh comhairliúcháin phoiblí agus measúnachtaí timpeallachta, lena n-áirítear Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus measúnacht ar thionchair, ar an dréacht-Phlean Spáis Mhuirí sa bhliain 2021. |

| Na céimeanna sa phróiseas | **Albain** | **Sasana** | **An Mhuir Cheilteach (Sasana agus an Bhreatain Bheag)** | **An Ísiltír** | **An Danmhairg** |
|---|---|---|---|---|---|
| | comhairliúchán poiblí ar siúl ar an dréachtphlean. | | measúnachtaí a dhéanamh chun na Limistéir Chuardaigh Bheachtaithe a bheachtú ina Limistéir Forbartha Tionscadail fhéideartha. | measúnacht timpeallachta. | |
| **Limistéar/limistéir a shainaithint** | **6)** Sainaithníodh Roghanna Dréacht-Phlean sa Phlean Muirí Earnála le haghaidh Fuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta. | Tá an próiseas ar siúl fós | Tá an próiseas ar siúl fós | **6)** I mí an Mhárta 2022, chinn Rialtas na hÍsiltíre Criosanna nua Feirme Gaoithe Amach ón gCósta a ainmniú i gClár na Mara Thuaidh 2022-2027. Tá seacht láithreán bhreise le haghaidh feirmeacha gaoithe ar áireamh sa Treochlár Breise um Fhuinneamh Gaoithe | **6)** Eisíodh an Plean Spáis Mhuirí don Danmhairg sa bhliain 2021 le haghaidh tréimhse 10 mbliana. Is féidir leasuithe a dhéanamh ar an bplean laistigh den tréimhse sin. Áirítear leis an bPlean Spáis Mhuirí liosta de chineálacha creasa agus tacair sonraí mar aguisín. |

DRÉACHT

| Na céimeanna sa phróiseas | Albain | Sasana | An Mhuir Cheilteach (Sasana agus an Bhreatain Bheag) | An Ísiltír | An Danmhairg |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Amach ón gCósta. Déanfar staidéir láithreáin agus measúnacht de réir an Achta um Chaomhnú an Dúlra le haghaidh ceithre cinn de na láithreáin sin. Tá na láithreáin eile le roghnú fós. | Is iad seo na hearnálacha atá ar áireamh i bplean reatha spáis mhuirí na Danmhairge:<br>• an earnáil fuinnimh amach ón gcósta<br>• an t-iompar muirí<br>• an bonneagar iompair<br>• iascach agus an dobharshaothrú<br>• eastóscadh amhábhar ar muir<br>caomhnú, cosaint agus feabhsú cháilíocht an chomhshaoil, lena n- |

DRÉACHT

| Na céimeanna sa phróiseas | **Albain** | **Sasana** | **An Mhuir Cheilteach (Sasana agus an Bhreatain Bheag)** | **An Ísiltír** | **An Danmhairg** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | áirítear athléimneacht i leith an athraithe aeráide. |

DRÉACHT

# 6 An cur chuige i leith OREDP II

Leagtar amach sa rannán seo an cur chuige foriomlán a glacadh i leith OREDP II a fhorbairt.

## 6.1 Raon feidhme

I straitéis spáis náisiúnta OREDP II le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta, cumhdaítear limistéar muirí na hÉireann amach go teorainn fhorimeallach an Limistéir Eacnamaíoch Eisiach, a sroicheann codanna de suas le 200 muirmhíle (370 km) ón gcósta. Rinneadh measúnacht ar an limistéar sin chun acmhainneacht fhoriomlán acmhainne na hÉireann ó thaobh teicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite gaoithe, tonnta agus taoide a shuí. Dírítear sa mheasúnacht ar an acmhainneacht atá ann feistí teicneolaíochta a imscaradh sa limistéar amach ón gcósta. Cé nach dtagann róid cáblaí ná pointí tuirlingthe faoi raon feidhme na measúnachta seo, déanfar measúnacht orthu tráth níos déanaí sa phróiseas réamhphleanála.

Cé go n-úsáidfear straitéis spáis náisiúnta OREDP II chun bonn eolais a chur faoi fhuinneamh inathnuaite amach ón gcósta a imscaradh mar chuid de chóras marthanach pleantreoraithe na hÉireann, tharla sé, nuair ab ábhartha, go ndearnadh sna measúnachtaí timpeallachta le haghaidh an Phlean – i bhfocail eile, measúnachtaí carnacha – breithniú ar thionscadail fuinnimh inathnuaite ar féidir leo cabhrú go hoibiachtúil le spriocanna na hÉireann don bhliain 2030 a bhaint amach.

## 6.2 Measúnacht Sonraí

Mar atá leagtha amach sa Treoir maidir le Pleanáil Spáis Mhuirí, ba é a bhí i gceist leis an measúnacht a rinneadh mar chuid den obair seo ná bonn fianaise a bhunú chun a chinneadh cé chomh hoiriúnach atá limistéir amach ón gcósta d'fhuinneamh inathnuaite. Ba mar phointe tosaithe a tógadh an mheasúnacht a rinneadh do OREDP I, agus iarradh nuashonruithe ar na sonraí uile a breithníodh ag an am sin. Tógadh an oiread ionchur agus ab fhéidir agus rinneadh measúnacht ar a chuí a bheadh sé iad a chur ar áireamh sa mheasúnacht náisiúnta seo. Doiciméadaíodh na cinntí uile a rinneadh chun bonn eolais a chur faoin measúnacht agus foilseofar iad in éineacht leis an bplean seo. Tá tuilleadh mionsonraí leagtha amach i Rannán 7.

## 6.3 Modheolaíocht na Meastóireachta

Tá roinnt céimeanna i gceist leis an gcur chuige i leith sainaithint a dhéanamh ar na limistéir bharrmhaithe le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta. Is é an chéad chuspóir

DRÉACHT

ná a chinneadh cé na limistéir amach ón gcósta atá ar na cinn is oiriúnaí do theicneolaíochtaí éagsúla fuinnimh inathnuaite. Ní mór meastóireacht a dhéanamh ansin ar ghníomhaíochtaí agus tosca eile sna limistéir sin. Áirítear leo sin tosca comhshaoil, tosca sóisialta agus cultúrtha agus gníomhaíocht eacnamaíoch.

Mar chuid den mheasúnacht seo, leagfar faisnéis bhonnlíne náisiúnta amach faoi gach ceann de na gníomhaíochtaí sin. Is céim thábhachtach é sin ar an gconair i dtreo sainaithint a dhéanamh ar na limistéir bharrmhaithe le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta. Tá na chéad chéimeanna eile sa phróiseas sin leagtha amach i Rannán 11.


## 6.4 Rialachas agus Ionchur ó Gheallsealbhóirí

Bunaíodh struchtúr rialachais do thionscadal OREDP II chun a chinntiú go bhfaighfí ionchur leathan ó ghníomhaireachtaí eolaíocha agus teicniúla agus go bhfaighfí ionchur beartais ó ranna ábhartha a bhfuil leasanna suntasacha muirí acu. Bunaíodh Grúpa Comhairleach freisin chun ionchur a lorg ó gheallsealbhóirí tionscail, ó eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil, ón lucht léinn agus ó údaráis áitiúla. Chuir na grúpaí sin bonn eolais faoi fhorbairt an phlean ag gach céim.

Is leagtha amach in Aguisín A atá tuilleadh mionsonraí faoin struchtúr rialachais, lena n-áirítear comhaltas de na grúpaí éagsúla a bunaíodh agus Téarmaí Tagartha na ngrúpaí sin.

## 6.5 Measúnachtaí Timpeallachta

Forbraíodh OREDP II i gcomhthráth le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus le Measúnacht Chuí chun próiseas atriallach a chinntiú. Chuir an dá phróiseas bonn eolais faoi fhorbairt an phlean, ar aon dul leis an dea-chleachtas. Tá forbhreathnú ar an bpróiseas leagtha amach i Fíor 6-1.




DRAFT

### Fíor 6-1: An t-idirghníomhú idir OREDP II agus na measúnachtaí timpeallachta

Reáchtálfar comhairliúchán poiblí fairsing náisiúnta ar an dréachtleagan de OREDP II agus ar thuarascálacha timpeallachta gaolmhara, ar aon dul le ceanglais reachtúla. Beidh an comhairliúchán sin dírithe ar phobail chósta, mhuirí agus oileáin agus beidh sé mar aidhm leis ionchur a chinntiú ó raon leathan daoine a bhfuil leasanna muirí acu. Déanfar measúnacht ghrinn ar na freagraí a gheofar ar an gcomhairliúchán agus úsáidfear iad mar bhonn eolais le linn OREDP II a thabhairt chun críche.

DRÉACHT

# 7 Measúnacht Sonraí

Má táthar chun léargas cuimsitheach a ghnóthú ar an bhféidearthacht a bhaineann le fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta a fhorbairt ar shlí inbhuanaithe in Éirinn, beidh sé riachtanach sonraí comhtháite teicniúla, eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil a sholáthar. Chun a chinntiú go nglacfaí cur chuige atá brúite chun cinn ag sonraí agus atá bunaithe ar éiceachórais, rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar na sonraí is ábhartha atá ar fáil maidir le limistéar muirí na hÉireann do OREDP II.

## 7.1 Athbhreithniú ar Shonraí

Chuathas i gcomhairle le sealbhóirí sonraí muirí agus comhshaoil ar fud ranna, gníomhaireachtaí, comhlachtaí poiblí, an tionscail, an cholúin comhshaoil agus an lucht léinn chun tacair sonraí a shainaithint chun rannchuidiú leis an anailís. Mar phointe tosaithe, rinne an Grúpa Oibre Sonraí agus Eolaíoch athbhreithniú ar shonraí bonnlíne OREDP I, ag gníomhú dó i gcáil chomhairleach chun tacair sonraí a athbhreithniú agus chun moltaí a dhéanamh chun an bonn fianaise a neartú. Iarradh ar chomhaltaí den Ghrúpa Comhairleach freisin tacair sonraí a sholáthar atá oiriúnach do OREDP II. Chomh maith leis sin, rinneadh athbhreithniú ar thionscnaimh thaighde atá ábhartha do OREDP II.

Bhí Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann (GSI) i gceannas ar an measúnacht sonraí. Baineadh úsáid i gcóras bainistíochta sonraí OREDP II (bunachar geo-shonraí) as na tacair sonraí a bhí ina gcuid dhílis den mheasúnacht agus a bhí ar fáil i bhformáid inúsáidte. Maidir le tacair sonraí nach raibh ar fáil i bhformáid inúsáidte nó nach raibh oiriúnach ar shlí eile don mheasúnacht ar an leibhéal náisiúnta, catalógaíodh iad agus bhí siad mar bhonn eolais faoin bplean chun an bonn fianaise a neartú. Rinneadh gach tacar sonraí molta a chatalógú agus a mheas i gcomparáid le tacar critéar chun a dhéanamh amach cé chomh hinúsáidte is a bheadh siad in OREDP II agus cé chomh hábhartha is a bheadh siad dó. Measúnaíodh freisin na coinníollacha cuí rochtana agus ceadúnais atá ceangailte le tacair sonraí a úsáid. Sa mheasúnacht sonraí, leanadh cur chuige na bprionsabal FAIR i leith bainistíocht sonraí: INAIMSITHE, INROCHTANA, IDIR-INOIBRITHEACH agus IN-ATHÚSÁIDTE.

Tá na tacair sonraí eagraithe de réir na gceithre phríomhthéama seo a leanas:

- Deiseanna teicniúla
- Sonraí comhshaoil
- Sonraí eacnamaíocha



DRAFT

- Sonraí oidhreachta (oidhreacht nach fiadhúlra í)

Is ann d’fhothéamaí laistigh de na ceithre phríomhthéama. I gcás go gcumhdófar leis an tacar sonraí le haghaidh gach téama an limistéar leasa ar fad le haghaidh OREDP II (tacair sonraí náisiúnta), léarscáilíodh tosca agus gníomhaíochtaí lena mbreithniú tuilleadh sna measúnachtaí leibhéil íochtair sa chreat um pleanáil mhuirí.

Anailísíodh tacair sonraí laistigh de na téamaí sin freisin chun sainaithint a dhéanamh ar an mbonneagar nach meastar a bheith comhoiriúnach le fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta ag an am seo. Grúpáladh iad sin isteach i dtéama breise ‘eisiamh’.

## 7.2 Critéir lena gCur ar Áireamh

Ós measúnacht spáis ar an leibhéal náisiúnta í seo, is gá an díriú a leagan ar thacair sonraí náisiúnta a úsáid. I gcomhairle le geallsealbhóirí, sainaithníodh tacar cúig chritéar le haghaidh sonraí a mheas lena n-úsáid sa phlean. Maidir le sonraí a sainaithníodh san athbhreithniú ar shonraí a bheith ábhartha don phlean, measadh iad i gcomparáid leis na critéir sin chun a chinneadh an mbeadh siad oiriúnach dá n-úsáid sa phlean nó nach mbeadh.

Fuarthas amach nach raibh roinnt de na tacair sonraí oiriúnach dá gcur ar áireamh sna samhlacha ar chúiseanna difriúla. Doiciméadaíodh gach ceann de na cúiseanna sin. Maidir le cuid mhór de na tacair sonraí nár úsáideadh le linn an plean é féin a fhorbairt, úsáideadh iad i gcodanna eile de OREDP II, mar shampla mar chuid den Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus den Mheasúnacht Chuí don phlean.

Ina theannta sin, is féidir go ndéanfar na tacair sonraí ar sainaithníodh iad a bheith neamhoiriúnach dá n-úsáid sa phlean a bhreithniú sna measúnachtaí leibhéil íochtair a dhéanfar ag céimeanna amach anseo sa chreat um pleanáil spáis mhuirí. Achoimrítear i Tábla 3 na critéir le haghaidh sonraí a mheas lena n-úsáid sa phlean.

**Tábla 3: Critéir le haghaidh sonraí a mheas do OREDP II**

| | |
|---|---|
| **Critéar 1: Ábharthacht** | An bhfuil sé amhlaidh go rannchuidíonn na sonraí le faisnéis faoi speicis nó gnáthóga atá sainithe mar speicis thábhachtacha nó mar ghnáthóga tábhachtacha laistigh den Chreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí agus faoi réim shainchúram OREDP II? Áirítear iad seo a leanas leo sin, mar shampla:<br>• Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir maidir le Gnáthóga |

DRAFT

| | |
|---|---|
| | • Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir maidir le Gnáthóga do speicis agus gnáthóga is eol a bheith laistigh d'uiscí na hÉireann<br>• Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir maidir le Gnáthóga do speicis agus gnáthóga is eol a bheith laistigh d'uiscí na hÉireann<br>• Speicis agus gnáthóga atá faoi bhagairt agus/nó atá ag meath mar atá sainithe ag OSPAR<br><br>Tá an liosta iomlán de thacair sonraí a úsáideadh le linn OREDP II a fhorbairt doiciméadaithe le chéile in Aguisíní C-G a ghabhann leis an doiciméad seo agus sna logaí maidir le cinntí sonraí atá ar fáil ar www.gov.ie/OffshoreEnergyPlan. |
| **Critéar 2: Ábharthacht spáis** | • An bhfuil na sonraí ionadaíoch do limistéar plean iomlán OREDP II do na speicis/gnáthóga ábhartha?<br>• An bhfuil na sonraí ábhartha do thosca trasteorann?<br>• An bhfuil na sonraí srianta do chuid theoranta den limistéar foriomlán atá á bhreithniú?<br>  ○ Mar shampla, an bhfuil sé amhlaidh go soláthraítear pointe sonrach faisnéise leis na sonraí?<br>  ○ Mar shampla, an bhfuil sé amhlaidh go dtugtar aimsitheoirí 'limistéir' níos mó, amhail cearnóga 5 km, leis na sonraí? |
| **Critéar 3: Foinse** | • An bhfuil aon mhodheolaíocht thuairiscithe ann lena ngabhann saineolas aitheanta, rialú soiléir cáilíochta agus bonn fianaise?<br>• An bhfuil sé amhlaidh go ndearnadh piarmheasúnacht ar na sonraí?<br>• An bhfuil sé amhlaidh gur bhailigh saineolaithe na sonraí?<br>• An bhfuil sé amhlaidh go soláthraítear leis na sonraí rian soiléir iniúchta le haghaidh an Phlean? |

DRAFT

| | |
|---|---|
| **Critéar 4: Inrochtaineacht** | • An bhfuil na sonraí ar fáil nó infhaighte sa tréimhse ama riachtanach?<br>• An bhfuil na sonraí ar fáil go réidh i bhformáid cruthchomhaid lena gcomhtháthú isteach sa Phlean atá á fhorbairt?<br>• An bhfuil sé amhlaidh go líontar leis na sonraí bearna sonraí atá ann cheana nó go sainaithnítear bearna sonraí nua leo?<br>• An bhfuil sé amhlaidh go soláthraítear leis na sonraí faisnéis faoi shrianadh féideartha ar an bPlean? |
| **Critéar 5: Bailíocht ó thaobh ama de** | • An bhfuil na sonraí íogair ó thaobh ama de?<br>  ○ Mar shampla, an bhfuil sé amhlaidh gur bailíodh iad laistigh de thréimhse réasúnach ama, amhail cúig bliana?<br>• An bhfuil sé amhlaidh go soláthraítear leis na sonraí léiriú cruinn ar an speiceas/ar an ngnáthóg le himeacht ama?<br>• Má tá siad séasúrach, an bhfuil an séasúr ábhartha/na séasúir ábhartha ar áireamh? |

Is ar fáil ag www.gov.ie/OffshoreEnergyPlan atá loga maidir le cinntí sonraí ina dtaifeadtar na cinntí a rinneadh le haghaidh gach tacair sonraí. Taifeadtar sna logaí maidir le cinntí sonraí cé na tacair sonraí a bhí oiriúnach dá n-úsáid in OREDP II agus sa Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus sa Mheasúnacht Chuí don phlean. Sainaithnítear iontu freisin tacair sonraí bhreise nach mór a bhreithniú sna measúnachtaí leibhéil íochtair sa chreat um pleanáil mhuirí ar leibhéal an Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe agus ar leibhéal an tionscadail, i gcomhar leo sin a bhfuil cumhdach náisiúnta acu. Sainaithnítear iontu freisin na mór-riachtanais sonraí atá ann leis an mbonn fianaise a neartú.

## 7.3 Fionnachtana ón Athbhreithniú ar Shonraí

Is é an toradh atá ar an measúnacht sonraí a rinneadh do OREDP II ná gur nuashonraíodh go mór bonn fianaise na sonraí muirí agus an eolais mhuirí atá ábhartha do phleanáil spáis le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta. Ní hé amháin go raibh na sonraí a bailíodh mar bhonn eolais faoi fhorbairt OREDP II ach chruthaigh siad freisin bonn fianaise le haghaidh sainaithint a dhéanamh amach anseo ar na limistéir is oiriúnaí d'fhuinneamh

inathnuaite amach ón gcósta mar chuid den chóras marthanach pleantreoraithe. Cinnteoidh sé sin go n-úsáidfear an fhianaise is fearr atá ar fáil ar bhonn leanúnach mar bhonn eolais faoi phleanáil spáis le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta. Ba é an 31 Bealtaine 2022 an scoithdháta le haghaidh tacair sonraí nua a ionchur isteach i bhforbairt OREDP II, mar gheall ar an ngá a bhí ann le tús a chur leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus leis an Measúnacht Chuí.

Is amhlaidh sa mheasúnacht sonraí a tugadh le chéile méid ollmhór sonraí muirí a sealbhaíodh ar fud an Rialtais, rud a rannchuidigh leis an tuiscint atá againn ar an muirthimpeallacht agus ar an mbithéagsúlacht mhuirí i gcomhthéacs an fhuinnimh inathnuaite amach ón gcósta. Doimhneofar an tuiscint sin trí bhearnaí sainaitheanta sonraí agus eolais a líonadh. Foilseofar an chatalóg luachmhar sonraí muirí sin agus cuirfear í ar fáil do gheallsealbhóirí eile.

Is féidir na logaí maidir le cinntí sonraí a cruthaíodh mar chuid de phróiseas OREDP II a úsáid chun tacú le gach Roinn agus gach comhlacht agus iad ag úsáid na sonraí arna mbailiú chun eolas a dhéanamh d’fhorbairt beartais faoina sainchúram ar aon dul leis an bprionsabal um shonraí a bhailiú uair amháin agus iad a úsáid go minic. Mar shampla, is féidir logaí OREDP II maidir le cinntí sonraí a úsáid mar bhonn eolais úsáideach faoi ghníomhaíochtaí muirí earnála. Chomh maith leis sin, rachaidh foilsiú na logaí maidir le cinntí sonraí chun tairbhe do gheallsealbhóirí amhail acadóirí/taighdeoirí, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus forbróirí fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta. Is ar fáil ag www.gov.ie/OffshoreEnergyPlan atá na logaí maidir le cinntí sonraí do OREDP II.

Sainaithníodh roinnt laigí freisin ón athbhreithniú ar shonraí maidir leis an bhfáil ar thacair sonraí náisiúnta lena gcumhdaítear ár n-uiscí uile. Aimsíodh sa mheasúnacht, áfach, go bhfuil méid suntasach sonraí ar fáil ar an leibhéal áitiúil atá oiriúnach dá n-úsáid i measúnachtaí leibhéil íochtair sa chreat um pleanáil mhuirí. Mar atá leagtha amach thuas, ní mór na sonraí breise sin a bhreithniú sna measúnachtaí leibhéil íochtair ar leibhéal an Plean Limistéir Mhuirí Ainmnithe agus ar leibhéal an tionscadail, i gcomhar leo sin a bhfuil cumhdach náisiúnta acu.

# 8 Measúnacht OREDP II

Leagtar amach sa chaibidil seo na bearta a rinneadh le linn an limistéar muirí a mheas amach go teorainn fhorimeallach an Limistéir Eacnamaíoch Eisiach, agus leas á bhaint as na tacair sonraí a sainaithníodh, mar atá tuairiscithe i Rannán 7. Áirítear leis an rannán seo breithniú ar na limistéir ina bhféadfaí fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta a fhorbairt agus measúnacht ar ghníomhaíochtaí eile arb eol go bhfuil siad ar bun sna limistéir sin. Tugtar i gCaibidil 9 tuilleadh mionsonraí faoin acmhainneacht acmhainne, bunaithe ar roinnt toimhdí a rinneadh ar gach cineál teicneolaíochta.

## 8.1 Cur Chuige

Próiseas ilchéime is ea an cur chuige i leith pleanáil spáis. Úsáideadh anailís ilchritéir chun léarscáiliú a dhéanamh ar limistéir atá oiriúnach do theicneolaíocht fhosaithe gaoithe amach ón gcósta, do theicneolaíocht shnámhach gaoithe amach ón gcósta, do theicneolaíocht fuinnimh tonnta amach ón gcósta agus do theicneolaíocht fuinnimh taoide amach ón gcósta agus ar na tosca agus na gníomhaíochtaí atá ábhartha d'fhorbairt fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta.

Tá na cúig chritéar a úsáideadh san anailís ilchritéir ag teacht leis na téamaí sonraí le haghaidh na sonraí san athbhreithniú ar shonraí a chatagóiriú. Is iad seo na cúig chritéar:

- Deiseanna teicniúla
- Eisiaimh
- Tosca comhshaoil
- Gníomhaíochtaí eacnamaíocha
- Tosca oidhreachta

Tógadh samhail thiomnaithe Córas Faisnéise Geografaí (GIS) le haghaidh gach critéir chun an anailís a dhéanamh:

- **Deiseanna teicniúla:** sainaithnítear leis an tsamhail seo limistéir d'uiscí muirí na hÉireann mar a bhfuil na saintréithe níos fabhraí d'fhorbairt fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta, amhail doimhneacht an uisce agus an aeráid gaoithe agus tonnta. Comhaontaíodh sonraí lena gcur ar áireamh tar éis caidreamh le saineolaithe ábhartha.

DRAFT

- **Eisiaimh:** baintear leis an tsamhail seo aon ghníomhaíochtaí nó aon ghabhdóirí a mheastar a bheith neamh-chomhoiriúnach le forbairt fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta ag an am seo, amhail cáblaí agus píblínte, bealaí inmheánacha loingseoireachta nó bonneagar atá ann cheana amach ón gcósta. Comhaontaíodh sonraí lena gcur ar áireamh sa tsamhail agus aon achair mhaolánacha timpeall gníomhaíochtaí nó gabhdóirí tar éis caidreamh a dhéanamh le saineolaithe ábhartha.
- **Tosca Comhshaoil:** áirítear leis na tosca seo tosca comhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ábhartha d'fhorbairt fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta, amhail láithreáin ainmnithe.
- **Tosca Eacnamaíocha:** áirítear leis na tosca seo gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ábhartha d'fhorbairt fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta, amhail gníomhaíocht iascaireachta agus gníomhaíocht loingseoireachta.
- **Tosca Oidhreachta:** áirítear leis na tosca seo tosca oidhreachta a d'fhéadfadh a bheith ábhartha d'fhorbairt fuinnimh inathnuaite, amhail láithreáin oidhreachta domhanda UNESCO.


Féach Aguisíní C – G chun teacht ar liosta iomlán de na sonraí a cuireadh ar áireamh.

Tugtar sna rannáin seo a leanas tuilleadh mionsonraí faoi na sonraí a cuireadh ar áireamh i ngach réimse téamach.

## 8.2 Deiseanna Teicniúla

Ba é pointe tosaithe na measúnachta ná méid iomlán limistéar muirí na hÉireann a mheas amach go teorainn fhorimeallach an Limistéir Eacnamaíoch Eisiach. Ba é a bhí i gceist leis an gcéad chéim eile ná a chinneadh cé na limistéir laistigh den lorg coise sin atá oiriúnach do na teicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite atá sainithe mar chinn a thagann faoi raon feidhme na measúnachta. Áiríodh leo sin teicneolaíocht fhosaithe gaoithe, teicneolaíocht shnámhach gaoithe, teicneolaíocht fuinnimh tonnta agus teicneolaíocht fuinnimh taoide. Tá an acmhainneacht do gach ceann díobh leagtha amach ar an gcéad chúpla leathanach eile.

DRAFT





**Fíor 8-1: Deiseanna teicniúla – fuinneamh gaoithe amach ón gcósta**

Is iad na príomhthosca a úsáidtear chun acmhainneacht a chinneadh do theicneolaíocht fhosaithe gaoithe agus do theicneolaíocht shnámhach gaoithe araon ná doimhneacht an uisce, nó bataiméadracht, agus luas na gaoithe. Bhí na príomhthoimhdí a úsáideadh san anailís bunaithe ar shain-ionchur agus ar thaighde reatha, áit ar measadh tuirbíní fosaithe a

bheith oiriúnach dá n-imscaradh suas go doimhneacht 60 m agus ar measadh teicneolaíocht shnámhach gaoithe a bheith oiriúnach dá himscaradh i limistéir atá idir 60 m ar domhan agus 1000 m ar domhan. Is uasteorainn theoiriciúil reatha é an figiúr deireanach sin, toisc nár imscaradh aon fheistí chomh fada sin ar shiúl ón gcladach in aon dlínse go fóill. Is mór idir é sin agus OREDP I, agus is é an chúis leis an méadú suntasach sna limistéir fhéideartha imscartha atá sainaitheanta. Cé go bhfuil sonraí samhaltaithe luais gaoithe ar fáil, níor cuireadh taifeach ná méid na n-éagsúlachtaí séasúracha san áireamh go hiomlán sa mheasúnacht. Níor breithníodh san anailís ach limistéir ina bhfuil an meánráta luais gaoithe níos mó ná seacht méadar in aghaidh an tsoicind nó cothrom leis sin. Is féidir liosta iomlán de na sonraí a chuirtear ar áireamh sa mheasúnacht deiseanna teicniúla a fháil in Aguisín C.

Sainíodh comhrian doimhneachta uisce Limistéar Leasa 1000 m OREDP II trí thagairt a dhéanamh don doimhneacht uisce is mó ag a meastar teicneolaíocht shnámhach gaoithe amach ón gcósta a bheith indéanta faoi láthair. Is teorainn fhorimeallach theoiriciúil é sin, toisc go bhfuiltear ag súil leis gur in uiscí éadoimhne a thógfar na chéad fhorbairtí snámhacha gaoithe. Tá sé níos deacra agus níos costasaí bonneagar a fhorbairt in uiscí doimhne. Tá limistéir atá suite níos faide ar shiúl ón gcladach níos nochta don adhaimsir freisin, rud a chruthaíonn dúshláin oibríochtúla amhail dúshláin rochtana agus chothabhála.


DREACHT




**Fíor 8-2: Deiseanna teicniúla – fuinneamh tonnta amach ón gcósta**

I gcás feistí fuinnimh tonnta, is iad doimhneacht an uisce, tonnairde agus tonntréimhsí na príomhthosca measúnachta. Cuireadh limistéir ar mó a ndlús cumhachta ná 20 cileavata (KW) in aghaidh an mhéadair ar áireamh san anailís. Tá na torthaí ón anailís ag teacht go

dlúth leis an measúnacht a rinneadh do OREDP I, agus mionathruithe ann sa limistéar a léarscáilíodh.



**Fíor 8-3: Deiseanna teicniúla – fuinneamh taoide amach ón gcósta**

Tá an mheasúnacht taoide bunaithe ar limistéir atá idir 20 m ar domhan agus 80 m ar domhan agus a bhfuil luas a mbuaicshrutha taoide earraigh cothrom le 1.2 m in aghaidh an tsoicind nó níos gasta. Tá na limistéir a sainaithníodh sa mheasúnacht do OREDP II cosúil leo sin a sainaithníodh do OREDP I.


## 8.3 Eisiaimh

Cuirtear i láthair san aschur ón tsamhail eisiamh na gníomhaíochtaí agus na limistéir a sainaithníodh a bheith neamh-chomhoiriúnach le forbairt fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta ag an am seo. Sainaithníodh eisiaimh i gcomhairle le sainghrúpaí ábhartha agus le húdaráis inniúla náisiúnta agus tá siad ailínithe leis an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus le rialacháin náisiúnta agus idirnáisiúnta. Is ionann achar comhcheangailte na n-eisiamh agus thart ar 11,822 $km^2$. Tugtar in Aguisín D liosta iomlán de na sonraí a chuirtear ar áireamh sa tsamhail eisiamh agus de na maoláin a cuireadh i bhfeidhm.

Áirítear iad seo leis na heisiaimh:

- Scéimeanna scartha tráchta
- Limistéir ancaireachta cois cósta
- Bealaí loingseoireachta ard-dlúis (Dlús Tráchta Loingseoireachta AIS is mó na 10 n-uaire an chloig)
- Cáblaí agus píblínte amach ón gcósta
- Tionscadail idirnascaire luathchéime
- Láithreáin tástála fuinnimh inathnuaite
- Láithreáin dumpála ar farraige
- Tithe solais
- Toibreacha ar fionraí
- Dobharshaothrú

Tá ag an-chuid de na gnéithe sin criosanna maolánacha sábháilteachta lena bhfairsingítear na limistéir eisiaimh. Ní thagann cur ar áireamh na gcriosanna maolánacha sábháilteachta roimh aon chinntí ar iarratais ar cheadúnas nó ar thoiliú le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta. Ina ionad sin, tá siad ceaptha chun faisnéis a sholáthar faoi ghníomhaíochtaí ábhartha lena mbreithniú tuilleadh sna measúnachtaí leibhéil íochtair.




**Fíor 8-4: Critéir eisiaimh do OREDP II**


Cuirtear i láthair sa léarscáil de Chritéir Eisiaimh OREDP II miondealú ar na heisiaimh:

- Láithreán Dobharshaothraithe a bhfuil Ceadúnas Imeall Trá aige
- Toibreacha ar fionraí (ordú um Shuiteáil a Chosaint)
- Dumpáil ar Farraige
- Scéim Scartha Tráchta
- Limistéar Ancaireachta
- Bealaí Loingseoireachta Ard-Dlúis - (go príomha ar na bealaí isteach go príomhchalafoirt)
- Teach Solais
- Láithreán Tástála Fuinnimh Inathnuaite
- Idirnascaire Leictreachais (Reatha)
- Idirnascaire Gáis
- An tIdirnascaire Ceilteach
- Idirnascaire Greenlink (Beartaithe)
- Cábla Teileachumarsáide

Is iad na limistéir eisiamh is mó ná dhá scéim scartha tráchta mhuirí atá lonnaithe amach ón gcósta thoir theas agus ón gcósta thiar theas. Baineann formhór na n-eisiamh eile le cáblaí agus píblínte amach ón gcósta ón earnáil ola agus gáis, ón earnáil athnuaiteán agus ón earnáil teileachumarsáide, lena n-áirítear cáblaí beartaithe idirnascaire leictreachais. Léirítear toibreacha ola agus taiscéalaíochta ar fionraí.

Cuirtear láithreáin forbartha agus tástála fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta ar áireamh sa tsamhail eisiamh freisin. Ní léirítear mar eisiaimh sa tsamhail seo ach tithe solais mar áiseanna fosaithe loingseoireachta, in ionad baoithe a d’fhéadfaí a aistriú. Tá láithreáin agus limistéir atá ainmnithe agus ceadúnaithe le haghaidh dobharshaothraithe i láthair ar an gcósta theas, ar an gcósta thiar agus ar an gcósta thuaidh. I dTrá Lí agus i mBá Bhreandáin, tarlaíonn táirgeadh dobharshaothraithe thar raon leathan agus is féidir é sin a fheiceáil sa limistéar mór atá scáthaithe. Is ann do dhá limistéar mhóra dumpála ar farraige, a bhfuil ceann amháin díobh lonnaithe amach as Cathair Bhaile Átha Cliath agus a bhfuil an ceann eile díobh lonnaithe amach as Cathair Chorcaí.

DRÉACHT




**Fíor 8-5: Díriú ar eisiaimh i Muir Éireann**

Cuirtear i láthair sa léarscáil de Chritéir Eisiaimh Mhuir Éireann miondealú ar na heisiaimh a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh an chósta theas agus an chósta thoir theas.


## 8.4 Tosca Comhshaoil

Sa chéim seo den anailís, léarscáilíodh na sonraí comhshaoil náisiúnta a bhí ar fáil tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar shonraí agus tar éis gach tacar sonraí a bhreithniú in aghaidh na gcritéar atá sainithe sa chaibidil roimhe. Tugtar in Aguisín E liosta iomlán de na sonraí a chuirtear ar áireamh sa tsamhail comhshaoil.

Ní thagann na tosca atá léarscáilithe roimh aon chinntí ar iarratais ar cheadúnas nó ar thoiliú le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta. Ina ionad sin, tá siad ceaptha chun faisnéis a sholáthar faoi thosca ábhartha lena mbreithniú tuilleadh sna measúnachtaí leibhéil íochtair.

Ba i gcomhairle le sainghrúpaí ábhartha a sainaithníodh na sonraí lena gcur ar áireamh sa tsamhail. Rinneadh gach tacar sonraí a moladh lena chur ar áireamh sa phlean a chatalógú agus a mheas in aghaidh na gcúig chritéar atá leagtha amach i Rannán 7.2 chun sainaithint a dhéanamh ar shonraí atá oiriúnach dá n-úsáid sa phlean. Maidir le cuid mhór de na tacair sonraí nár úsáideadh le linn an plean a fhorbairt, úsáidfear iad mar chuid den Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus den Mheasúnacht Chuí do OREDP II. Ina theannta sin, déanfar na tacair sonraí ar sainaithníodh iad a bheith neamhoiriúnach dá n-úsáid sa phlean a bhreithniú go fóill sna measúnachtaí leibhéil íochtair ar an gcreat nua um pleanáil mhuirí, nuair is ábhartha. Go háirithe, úsáidfear sonraí áitiúla lena n-anailísiú tuilleadh mar chuid d’aon phróiseas ainmniúcháin. Ní mór na sonraí sin a úsáid ar an mbealach céanna ina n-úsáidtear iad ar leibhéal an tionscadail agus i gcomhar le sonraí a bhfuil cumhdach náisiúnta acu.

DRÉACHT




**Fíor 8-6: Tosca comhshaoil a breithníodh do OREDP II**

Is iad seo na tacair sonraí comhshaoil a cinneadh a bheith oiriúnach don mheasúnacht náisiúnta do OREDP II:

- Limistéar beartaithe Oidhreachta Nádúrtha

- Limistéar Oidhreachta Nádúrtha
- Limistéar Caomhantais Speisialta Amach ón gCósta
- Limistéar Cosanta Speisialta
- Limistéar Caomhantais Speisialta
- Gnáthóga OSPAR atá ag Meath agus atá faoi Bhagairt
- Limistéir atá Tábhachtach d'Éin
- Limistéir Ard-Dlúis ObSERVE
- Láithreacha Sceathraí Scadán

Léirítear sa léarscáil de thosca comhshaoil gurb airde comhchruinniú na dtosca comhshaoil ar an gcósta thiar, ar an gcósta thiar theas agus ar an gcósta thoir ná in aon limistéar eile. Tá na limistéir sin bainteach go príomha le Limistéir Chaomhantais Speisialta agus Limistéir Chosanta Speisialta. Tugtar Láithreáin Eorpacha nó láithreáin Natura 2000 ar na limistéir sin le chéile agus tá siad ar na príomh-chomhpháirteanna de líonra Natura 2000. Níl aon chosc sainráite ann ar thionscadail fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta a fhorbairt ar na láithreáin sin. Mar sin féin, beidh forbairt tionscadal den sórt sin faoi réir próisis rialála bhreise agus is féidir go dteastóidh uathu maolú agus faireachán sonrach. Fágann sé sin gurbh fhearr, ó thaobh caomhantas dúlra de agus ó thaobh forbairt tionscadail de araon, go seachnófaí na limistéir sin. Faoin Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Gnáthóga, ní mór Measúnacht Chuí a dhéanamh ar aon phlean nó aon tionscadal a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar shláine láithreán Natura 2000. Is féidir go bhfágfaidh sé sin go mbeidh seachaint ag teastáil faoi Airteagal 6(3) den Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Gnáthóga. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur gá tionchair in situ agus tionchair ex situ araon a bhreithniú. I gcás go sainaithneofar tionchair dhiúltacha (agus nach mbeifear in ann na tionchair sin a sheachaint ná a mhaolú), d'fhéadfadh na tionchair sin riosca méadaithe a chruthú ó thaobh pleanála de agus d'fhéadfadh siad laghdú a dhéanamh ar an dóchúlacht go bhfaigheadh an tionscadal na ceadanna ábhartha a theastaíonn lena fhorbairt.

Murab ionann agus Limistéir Chosanta Speisialta, níl aon chosaint reachtúil ag Limistéir atá Tábhachtach d'Éin. Tá cuid mhór díobh suite laistigh de láithreáin chosanta, áfach, agus is minic a úsáidtear iad mar bhonn do Limistéir Chosanta Speisialta a ainmniú. Soláthraíonn gnáthóga cósta láithreáin thábhachtacha ghoir do chuid mhór speiceas d'éanlaith mhara, a bhfuil gach ceann díobh cosanta go méid éigin faoi reachtaíocht náisiúnta agus Eorpach. Cruthaíonn neasfhorbairt agus forbairt amach ón gcósta rioscaí do roinnt speiceas éan toisc, mar shampla, gur féidir iad a dhíláithriú go héasca mar thoradh ar bháid agus struchtúir amach ón gcósta a bheith i láthair. Is féidir an díláithriú sin a mheas a bheith coibhéiseach le caillteanas gnáthóige, toisc gur gá do na héin tailte beathaithe eile a aimsiú.

DRAFT

Is iad céiticigh (mar shampla míolta móra, deilfeanna agus muca mara) agus eite-chosaigh (mar shampla rónta beaga agus rónta glasa) na mamaigh mhuirí a bhfuil an seans is mó ann go dtiocfar orthu laistigh de limistéar an staidéir. Tá an mhuc mhara, an deilf bholgshrónach, an rón beag agus an rón glas liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir maidir le Gnáthóga, lena gceanglaítear go ndéanfaí limistéir atá tábhachtach do na speicis sin a ainmniú mar Limistéir Chaomhantais Speisialta. Tá gach speiceas céiticeach liostaithe in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir, rud a fhágann nach mór dianchosaint a thabhairt dóibh laistigh de láithreáin Natura 2000 agus lasmuigh díobh araon. Tá gach speiceas liostaithe mar speicis chosanta sa 5ú Sceideal a ghabhann leis na hAchtanna um Fhiadhúlra (Leasú), 1976 go 2005. Is féidir go gcruthófar rioscaí do mhamaigh mhuirí de dheasca scriosadh gnáthóige, bacainní fisiciúla ar ghluaiseacht, cur isteach agus díláithriú féideartha mar thoradh ar an méadú i leibhéil torainn a thiocfaidh as tionscadail fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta a shuiteáil. Bheadh an leibhéal riosca ag brath ar mhéid, cineál agus láthair na dtionscadal, ar na modhanna suiteála/tógála a úsáidtear agus ar fhad ama/uainiú na ngníomhaíochtaí. D’fhéadfaí roinnt straitéisí maolaithe (mar shampla teicníc suiteála ar leith a roghnú, breathnadóirí mamach muirí a úsáid, agus faireachán éighníomhach fuaime a dhéanamh) a chur i bhfeidhm chun laghdú a dhéanamh ar an riosca go dtiocfadh tionchair fhéideartha chun cinn agus chun tionscadail a chur ar aghaidh tríd an bpróiseas pleanála chun gur féidir leo na ceadanna riachtanacha a bhaint amach.

Cuirtear san áireamh sa léarscáil de thosca comhshaoil freisin sonraí a bailíodh ó aershuirbhéanna ar limistéir ard-dlúis d’éanlaith mhara agus do chéiticigh, ar suirbhéanna iad a seoladh faoi Thionscadal ObSERVE 2015–2017. Breithníodh an fhaisnéis sin, mar aon le láthair na Limistéar Cosanta Speisialta agus a ngnéithe ábhartha. Rinneadh na limistéir ard-dlúis ar an gcósta thoir agus ar an gcósta thiar theas (amach ón gcósta) a shainaithint agus a léarscáiliú trí úsáid a bhaint as sainbhreithiúnas a bhí bunaithe ar na sonraí sin.

Le Gnáthóga OSPAR atá ag Meath agus atá faoi Bhagairt, tugtar treoir do Choimisiún OSPAR le linn dó tosaíochtaí a leagan síos dá obair bhreise chun bithéagsúlacht mhuirí a chaomhnú agus a chosaint. Is iad Limistéir ainmnithe agus bheartaithe Oidhreachta Nádúrtha an t-ainmniúchán bunúsach d’fhiadhúlra in Éirinn maidir le limistéir a mheastar a bheith tábhachtach do na gnáthóga atá i láthair iontu nó maidir le limistéir ina n-óstáiltear speicis plandaí agus ainmhithe a dteastaíonn cosaint óna ngnáthóg. Cuirtear iad sin ar áireamh sa tsamhail freisin.

Tá an bonn fianaise comhshaoil le neartú ar bhonn leanúnach de réir mar a chuirtear sonraí nua ar fáil trí léarscáiliú, faireachán, measúnachtaí agus ainmniúcháin chosanta ag údaráis inniúla.



DRAFT

## 8.5 Tosca Eacnamaíocha

Léarscáilítear limistéir ghníomhaíochta eacnamaíche san aschur ón tsamhail eacnamaíoch. Tugtar in Aguisín F liosta iomlán de na sonraí a chuirtear ar áireamh sa tsamhail eacnamaíoch.

Ní thagann na tosca atá léarscáilithe roimh aon chinntí ar iarratais ar cheadúnas nó ar thoiliú le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta. Ina ionad sin, tá siad ceaptha chun faisnéis a sholáthar faoi thosca ábhartha lena mbreithniú sna measúnachtaí leibhéil íochtair agus mar chuid den chinnteoireacht ar leibhéal an Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe agus ar leibhéal an tionscadail.

Léirítear san aschur ón tsamhail gníomhaíochta eacnamaíche gurb airde an leibhéal gníomhaíochta in uiscí theas agus in uiscí thoir thuaidh ná in aon limistéar eile. Ba iad na tosca cinntitheacha san aschur sin ná an déine chomhchruinnithe iascaireachta tráchtála agus dlús na mbealaí loingseoireachta. Mar aon le bealaí loingseoireachta, is féidir gníomhaíocht loingseoireachta ard-dlúis a fheiceáil i limistéir ancaireachta áirithe agus i ndáil le freastal ar fhorbairtí fuinnimh neamh-inathnuaite amach ón gcósta atá ann cheana.

Léirítear sa tsamhail seo freisin ardáin oibríochtúla agus ardáin ola agus gháis amach ón gcósta theas agus ón gcósta thiar, mar aon le ceadúnú agus taiscéalaíocht atá údaraithe faoi láthair. Ní ghlacann Éire a thuilleadh le haon iarratais nua ar cheadúnais taiscéalaíochta le haghaidh gás nádúrtha nó ola. Ní reáchtálfaidh sí aon bhabhtaí ceadúnúcháin amach anseo ina leith sin ach oiread.

Is féidir le comhiomláin mhuirí (gaineamh agus gairbhéal) rannchuidiú le bainistíocht inbhuanaithe a dhéanamh ar an éileamh ar chomhiomláin, agus ar an úsáid a bhainfear astu amach anseo, in Éirinn. Cé go léarscáilítear sa tsamhail seo na deascáin comhiomlán muirí a ndearnadh suirbhéireacht orthu ar an gcósta thiar theas, ar an gcósta thiar thuaidh agus ar an gcósta thoir, níl aon ghníomhaíocht tráchtála ar bun faoi láthair.

Léarscáilítear i Fíor 8-7 na tosca eacnamaíocha comhcheangailte uile a breithníodh do OREDP II.

Tugtar i bhFíoracha 8.8 go 8.12 spléachadh níos grinne ar na saincheisteanna aonair atá sa léarscáil de thosca eacnamaíocha.

Tabhair faoi deara an méid seo a leanas i ndáil leis na léarscáileanna de thosca eacnamaíocha:

**Dlúis Loingseoireachta:**

- Le trasfhreagróirí córas sainaitheanta uathoibríoch (AIS), sainaithnítear longa do longa eile agus d'údaráis chósta agus cuirtear faisnéis faoi shuíomh loinge agus faisnéis eile in iúl dóibh. Is taispeánta atá sonraí faoin trácht loingseoireachta sna huiscí uile, bunaithe ar na sonraí uathoibrithe a bailíodh le córas AIS. Léirítear sna sonraí sin go bhfuil ard-dlús tráchta loingseoireachta ann i Muir Éireann, i Muir Bhreatan agus sa Mhuir Cheilteach. Tugtar ar léarscáileanna ardtaifigh tuilleadh faisnéise faoi na limistéir sin.

Is iad seo a leanas na dlúis loingseoireachta AIS atá léirithe sna fíoracha maidir le tosca eacnamaíocha:


- ≤ 55 huaire an chloig
- ≤ 203 huaire an chloig
- ≤ 585 huaire an chloig
- ≤1275 huaire an chloig
- ≤ 2874 huaire an chloig
- ≤ 7408 n-uaire an chloig
- ≤ 17516 huaire an chloig

**Gníomhaíocht Iascaireachta**


- Is gnách go ndéantar gníomhaíocht iascaireachta tráchtála níos faide ar shiúl ón gcladach, agus córas faireacháin soithí (VMS) i bhfeidhm do gach soitheach atá níos mó ná 12 m ar fad. Gné den ghníomhaíocht sin is ea go ndéanann roinnt tíortha difriúla í. Mar sin, ní thugtar dóthain cumhdaigh i sonraí faoi shoithí Éireannacha amháin. Mar thoradh air sin, cuireadh tacar sonraí ón gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES)[2] ar áireamh anseo, bunaithe ar shain-ionchur. Meastar sa tacar sin an dáileadh tráil grinnill, bunaithe ar shonraí VMS agus sonraí logleabhair do thíortha den Aontas Eorpach, don Ríocht Aontaithe, d'Oileáin Fharó, don Íoslainn agus don Iorua.
- Ní rianaítear gníomhaíocht iascaireachta cladaigh ar shlí chomh maith céanna, toisc nach gá do na soithí beaga sin VMS a úsáid agus toisc gur gnách go ndéantar an ghníomhaíocht sin níos gaire don chladach. Cuireadh sonraí in atlas muirí Fhoras na Mara ar áireamh anseo, agus í ar an bhfaisnéis is fearr atá ar fáil. Téann an chuid is mó de na sonraí sin siar go dtí an bhliain 2013.

[2] Sonraí faoi dhéine iascaireachta ón gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara

DRÉACHT





**Fíor 8-7: Tosca eacnamaíocha a breithníodh do OREDP II**





**Fíor 8-8: Dlúis Loingseoireachta AIS[3] (atá léirithe i ndath buí/dearg)**


[3] https://www.imo.org/en/OurWork/Safety/Pages/AIS.aspx




**Fíor 8-9: Díriú ar Dhlús Bhealaí Loingseoireachta AIS laistigh de Mhuir Éireann agus de Mhuir Bhreatan**





**Fíor 8-10: Díriú ar Dhlús Bhealaí Loingseoireachta AIS laistigh den Mhuir Cheilteach**




**Fíor 8-11: Gníomhaíochtaí Iascaireachta Tráchtála—Déine Iascaireachta ICES**

Gníomhaíochtaí Iascaireachta Tráchtála—léarscáilítear i nDéine Iascaireachta ICES an dáileadh measta tráil grinnill.




**Fíor 8-12: Gníomhaíochtaí Iascaireachta Cladaigh**

Áirítear iad seo a leanas leis na Gníomhaíochtaí Iascaireachta Cladaigh a léarscáilíodh:

- Gníomhaíocht Iascaireachta Cladaigh Tráil Grinnill
- Gníomhaíochtaí Iascaireachta Cladaigh um Shaothrú Faochan

- Gníomhaíocht Iascaireachta Dreidireachta
- Gníomhaíocht Iascaireachta le Dorú
- Gníomhaíocht Iascaireachta Tráil Meánuisce
- Gníomhaíocht Iascaireachta le Potaí
- Gníomhaíocht Iascaireachta Cladaigh le Líon

## 8.6 Tosca Oidhreachta

Léarscáilítear tosca oidhreachta san aschur ón tsamhail oidhreachta (Fíor 8-13). Is iad seo na tosca sin:


- Láithreáin oidhreachta domhanda UNESCO, lena n-áirítear Sceilg Mhichíl i gCo. Chiarraí, Geopháirc Bhoirne agus Aillte an Mhothair i gCo. an Chláir, agus Geopháirc Chósta an Chopair i gCo. Phort Láirge
- Bithsféar Chuan Bhaile Átha Cliath UNESCO

Cuireadh maolán breise 5 km i bhfeidhm i leith na ngnéithe sin sa tsamhail oidhreachta.

Ba i gcomhairle le geallsealbhóirí, lenar áiríodh an Grúpa Sonraí agus Eolaíoch, údaráis inniúla náisiúnta agus an Grúpa Comhairleach, a sainaithníodh na sonraí lena gcur ar áireamh sa tsamhail. Níor cuireadh longbhristeacha ar áireamh sa tsamhail do OREDP II. Rinneadh breithniú ar longbhristeacha a chur ar áireamh sa tsamhail. Mar gheall ar chineál forleathan na sonraí, áfach, chinn an Grúpa Sonraí agus Eolaíoch go bhfuil sé níos cuí sonraí longbhristeacha a bhreithniú sna measúnachtaí leibhéil íochtair agus mar chuid den chinnteoireacht ar leibhéal an Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe agus ar leibhéal an tionscadail. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil léarscáil de na longbhristeacha in uiscí na hÉireann ar fáil mar chuid den Chreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí. Is féidir an léarscáil sin a rochtain ag www.marineplan.ie. Tugtar in Aguisín G liosta iomlán de na sonraí a chuirtear ar áireamh sa tsamhail oidhreachta.

Ní thagann na tosca atá léarscáilithe roimh aon chinntí ar iarratais ar cheadúnas nó ar thoiliú le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta. Ina ionad sin, tá siad ceaptha chun faisnéis a sholáthar faoi thosca ábhartha lena mbreithniú sna measúnachtaí leibhéil íochtair agus mar chuid den chinnteoireacht ar leibhéal an Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe agus ar leibhéal an tionscadail.

DRAFT




**Fíor 8-13: Limistéir ina bhfuil tosca oidhreachta do OREDP II**

## 8.7 Achoimre

Céim thábhachtach i dtreo an bonn eolais atá againn ar ár limistéar muirí a nuashonrú is ea an mheasúnacht ar na tacair sonraí náisiúnta atá ar fáil, mar atá curtha i láthair sa rannán seo. Léirítear san fhaisnéis an raon leathan gníomhaíochtaí agus saintréithe ar gá iad a bhreithniú sa phleanáil éifeachtach spáis mhuirí. Cé go bhfuil cuid mhór sonraí ar fáil ar an leibhéal náisiúnta, sainaithníodh sonraí breise agus faisnéis bhreise arbh fhiú iad a úsáid i measúnacht ar an leibhéal réigiúnach.

Is léir gur mhéadaigh an dul chun cinn sa teicneolaíocht méid an limistéir a d'fhéadfadh a bheith ar fáil le haghaidh fuinneamh inathnuaite, i gcomparáid leis na limistéir a sainaithníodh in OREDP I. Cé go nglactar leis go méadaíonn an acmhainneacht fuinnimh de réir mar a théitear níos faide ar shiúl ón gcladach, cruthaíonn sé sin dúshláin bhreise maidir le suiteálacha a oibriú agus a chothabháil i mara móra agus i ndálaí deacra. Chabhródh tuilleadh léargas ar dhálaí séasúracha agus ar inrochtaineacht leis an measúnacht acmhainneachta le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta a bheachtú sna limistéir is faide amach ón gcósta.

Tá méideanna suntasacha faisnéise faoi thosca comhshaoil ar fáil agus tá siad curtha i láthair sa rannán seo. Amhail i gcás na sonraí ar fad, níl sna sonraí atá curtha i láthair sa tuarascáil seo ach léargas ar a raibh ar fáil ag pointe ama ar leith. Tá tuilleadh oibre ar bun ag NPWS chun tuilleadh láithreán a ainmniú mar Limistéir Chaomhantais Speisialta agus mar Limistéir Chosanta Speisialta.

Ar aon dul leis sin, tá obair ar bun ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun reachtaíocht a sholáthar agus chun 30% d'uiscí muirí a ainmniú mar Limistéir Mhuirí faoi Chosaint. I mí na Nollag 2022, rinne an Rialtas Scéim Ghinearálta an Bhille um Limistéir Mhuirí faoi Chosaint a cheadú agus a fhoilsiú. Dréachtófar an Bille sin agus cuirfear ar aghaidh trí Thithe an Oireachtais é sa chéad leath den bhliain 2023. Cuireadh tús le cleachtadh scagtha i Muir Éireann chun sainaithint a dhéanamh ar na limistéir arb iad is dóichí a ainmneofar mar Limistéir Mhuirí faoi Chosaint iad. Beifear in ann tuilleadh Limistéar Muirí faoi Chosaint a shainaithint de bhun achtú an Bhille um Limistéir Mhuirí faoi Chosaint sa bhliain 2023. Beidh sé tábhachtach na forbairtí sin a bhreithniú i leaganacha amach anseo den straitéis seo.

DRAFT

# 9 An Acmhainneacht Theicniúil Fuinnimh Acmhainne

Soláthraíonn an spás muirí deiseanna le haghaidh raon éagsúil teicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite. Tugtar sa rannán seo forbhreathnú ar na teicneolaíochtaí sin agus ar a réidh atá siad le himscaradh tráchtála. Meastar an acmhainneacht theoiriciúil acmhainne freisin.

## 9.1 Forbhreathnú ar Theicneolaíochtaí Fuinnimh Inathnuaite

Tá teicneolaíochtaí fuinnimh gaoithe, fuinnimh tonnta agus fuinnimh taoide tuairiscithe sa rannán seo.

### 9.1.1 Fuinneamh Gaoithe

Séideann gaoth amach ón gcósta níos gasta agus ar bhonn níos seasta ná gaoth ar talamh mar gheall ar an easpa bacainní fisiciúla atá ann amach ón gcósta. Is féidir tuirbíní móra a imscaradh amach ón gcósta, rud a éascaíonn tuilleadh aschur cumhachta in aghaidh an tuirbín i gcoibhneas le feirmeacha gaoithe ar talamh. Is féidir tuirbíní fosaithe gaoithe a imscaradh ag doimhneacht atá sa raon idir 10 m agus 60 m.


Le feistí fosaithe gaoithe amach ón gcósta, baintear leas as acmhainn os cionn dhromchla na mara. Ceanglaítear iad le grinneall na mara agus áitíonn siad an colún uisce ar fad. Tá an méid cothrománach a áitítear san atmaisféar ag brath ar thrastomhas an rótair. Mar shampla, tá trastomhas rótair 240 m agus airde moil 150 m ag tuirbín tagartha 15 MW an Chláir um Chomhoibriú Teicneolaíochta Gaoithe de chuid na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh.[4] Tá tacsanomaíocht tuirbíní fosaithe curtha i láthair i Fíor 9-1. Dá mhéad an doimhneacht is ea is mó an bhunsraith a theastaíonn. Tá dálaí grinnill mara agus dálaí meit-aigéin[5] ina dtosca tábhachtacha eile agus teicneolaíocht á roghnú d’aon láthair ar leith freisin. Teicneolaíocht aibí is ea teicneolaíochtaí fosaithe gaoithe amach ón gcósta. Tá cuid

DRAFT

[4] Gaertner, Evan, Jennifer Rinker, Latha Sethuraman, Frederik Zahle, Benjamin Anderson, Garrett Barter, Nikhar Abbas, Fanzhong Meng, Pietro Bortolotti, Witold Skrzypinski, George Scott, Roland Feil, Henrik Bredmose, Katherine Dykes, Matt Shields, Christopher Allen, agus Anthony Viselli. 2020. Definition of the IEA 15-Megawatt Offshore Reference Wind. Golden, CO: National Renewable Energy Laboratory. NREL/TP-5000-75698. https://www.nrel.gov/docs/fy20osti/75698.pdf

[5] Baineann dálaí ‘meit-aigéin’ le dálaí aigéaneolaíocha agus meitéareolaíocha, lena n-áirítear sruthanna, tonnta, aertheocht, brú atmaisféir dromchla, agus luas agus treo na gaoithe (oxfordreference.com)

mhór díobh suiteáilte ar fud an domhain, agus toilleadh 57 GW ann ag deireadh na bliana 2021.[6]




**Fíor 9-1: Samplaí de chineálacha fosaithe tuirbíní gaoithe amach ón gcósta[7]**

Ag doimhneachtaí ar mó iad ná 60 m, tá feistí snámhacha gaoithe amach ón gcósta níos indéanta agus níos barainní ná teicneolaíochtaí fosaithe. Méadaíonn luasanna gaoithe de réir mar a théitear níos faide ar shiúl ón gcladach, áit a bhfuil tuilleadh spáis inar féidir teicneolaíochtaí a imscaradh ar fáil freisin. Tá éagsúlacht ann idir feistí snámhacha gaoithe amach ón gcósta maidir leis an gcineál ardáin shnámhaigh a úsáidtear. Tá an dóigh a gcobhsaítear na hardáin sin mar fhreagairt do ghluaisne thonnspreagtha ar cheann amháin de na tosca is tábhachtaí agus feistí á roghnú lena n-imscaradh ag láthair ar leith. Toisc ríthábhachtach agus gné shainiúil eile is ea an cineál múrála, rud a bheidh bunaithe ar dhearadh an ardáin, ar dhálaí an láithreáin agus ar ghrinneall na mara. Tá aicmiú na gcoincheap snámhach gaoithe amach ón gcósta curtha i láthair i Fíor 9-2. Tá ardlíon


DRAFT

---

[6] An Chomhairle Dhomhanda um Fhuinneamh Gaoithe (GWEC), Global Wind Report 2022

[7] Úsáideadh an íomhá seo faoi cheadúnas Creative Commons: Creative Commons — Attribution 3.0 Unported — CC BY 3.0. Konstantinidis, E. I. & Botsaris, P., 2016. Wind turbines: current status, obstacles, trends and technologies. *IOP Conference Series Materials Science and Engineering,* lch 161 (1) 012079.

coincheap dearaidh ardáin ann faoi láthair (60+), agus a bhformhór ina leath-thumadóirí.[8] Tá roinnt teicneolaíochtaí snámhacha gaoithe amach ón gcósta ag baint aibíocht teicneolaíochta amach faoi láthair, agus tionscadail taispeána san uisce amach ó chósta na hAlban, na hIorua, na Portaingéile agus na Síne cheana féin. Bhí toilleadh iomlán 57 MW de theicneolaíocht shnámhach gaoithe suiteáilte ar fud an domhain sa bhliain 2021.[9]




**Fíor 9-2: Coincheapa fosaithe de thuirbíní snámhacha gaoithe amach ón gcósta[10]**

## 9.1.2 Fuinneamh Tonnta

Cruthaítear tonnta nuair a shéideann gaotha os cionn dhromchla na mara. Beidh méid na dtonnta a ghintear ag brath ar luas na gaoithe, ar fhad ama na gaoithe, ar fhad an uisce thar a séideann an ghaoth (réim na gaoithe), ar bhataiméadracht ghrinneall na mara (áit ar féidir fuinneamh na dtonnta a dhíriú nó a scaipeadh) agus ar shruthanna. Iompraíonn gluaiseacht iarmhartach an uisce fuinneamh cinéiteach ar féidir le feistí fuinnimh tonnta leas a bhaint as. Bíonn tonnta níos dianseasmhaí, agus bíonn fáil níos seasta orthu, ná fuinneamh gaoithe. Cé go gcruthaítear tonnta nuair a bhogann an ghaoth thar dhromchla an aigéin, leanann

---

[8] An Chomhairle Dhomhanda um Fhuinneamh Gaoithe, 2022, GWEC-Report-Floating-Offshore-Wind-A-Global-Opportunity.pdf

[9] An Chomhairle Dhomhanda um Fhuinneamh Gaoithe, 2022, GWEC-Report-Floating-Offshore-Wind-A-Global-Opportunity.pdf

[10] Úsáideadh an íomhá seo faoi cheadúnas Creative Commons: Creative Commons — Attribution 4.0.
Mei, Xuan & Xiong, Min. (2021). Effects of Second-Order Hydrodynamics on the Dynamic Responses and Fatigue Damage of a 15 MW Floating Offshore Wind Turbine. Journal of Marine Science and Engineering. 9. 1232. 10.3390/jmse9111232.

siad ar aghaidh tamall maith tar éis don ghaoth maolú. Ar an tslí sin, comhlánaíonn fuinneamh tonnta fuinneamh gaoithe.

Bíonn na hacmhainní tonnta is fearr le fáil i limistéir inar thaistil gaotha láidre achar fada. Ar an gcúis sin, bíonn na hacmhainní tonnta is fearr san Eoraip le fáil feadh na gcóstaí thiar atá suite ag ceann réime fada gaoithe (an tAigéan Atlantach). Laghdaíonn fuinneamh tonnta de réir mar a thagtar níos gaire don imeallbhord, mar gheall ar an bhfrithchuimilt le grinneall na mara. Mar sin, is ag tonnta sna huiscí is doimhne agus is nochta amach ón gcósta a bheidh an fuinneamh is mó. Le feistí fuinnimh tonnta, tiontaítear fuinneamh poitéinsiúil (tonnairde) nó fuinneamh cinéiteach (gluaisne thonnspreagtha) na toinne ina fhuinneamh meicniúil (tuirbín nó rótar). Tiontaítear an fuinneamh meicniúil ina fhuinneamh leictreach ansin. Ceann amháin de na dúshláin a bhaineann le fuinneamh tonnta a asbhaint is ea a chinntiú go mbíonn cumhacht tonnta ar fáil ina fórsaí arda íseal-luais, ar fórsaí iad nach mór don fheiste a sheasamh. Ní thagann na fórsaí ón aon treo amháin ach oiread. Níor baineadh comhdhlúthú amach i dteicneolaíochtaí tiontaithe fuinnimh tonnta go fóill, agus cuid mhór réiteach á saothrú ina leith sin. Tá teicneolaíochtaí fuinnimh tonnta ag céim na réamhthráchtála agus na taispeána faoi láthair, agus toilleadh carnach domhanda 24.7 MW ann sa bhliain 2021.[11]

### 9.1.3 Fuinneamh Taoide

Cruthaítear sruthanna taoide mar thoradh ar imtharraingt shíorathraitheach na gealaí agus na gréine ar aigéin an domhain. Ní stadanna taoidí in am ar bith, agus an t-uisce ag gluaiseacht slí amháin, agus an tslí eile ansin, fud fad an domhain. Ós rud é gur féidir suíomh coibhneasta na gréine agus na gealaí a thuar le cruinneas iomlán, is féidir an taoide iarmhartach a thuar le cruinneas iomlán freisin. Is mar gheall ar an intuarthacht sin atá fuinneamh taoide chomh luachmhar sin mar acmhainn. Gintear na raonta taoide (earraigh) is airde nuair a bhíonn an ghrian, an ghealach agus an domhan ina líne dhíreach. Sreabhann uisce sna méideanna is mó nuair a mheallann an imtharraingt chomhcheangailte sin é. Gintear na raonta taoide (mallmhara) is ísle nuair a bhíonn an ghrian, an ghealach agus an domhan ina ndronuillinn. Sreabhann uisce sna méideanna is lú mar gheall ar an imtharraingt scoilte sin.

Tríd is tríd, bíonn na hacmhainní srutha taoide is mó le fáil in áiteanna arb ann do dhea-raon taoide agus in áiteanna a méadaítear luas na sruthanna mar gheall ar éifeacht tonnadóra an imeallbhoird agus ghrinneall na mara mórthimpeall, mar shampla i gcaolais chúnga agus i

[11] Ocean Energy Europe, 2022, Ocean Energy – Key trends and statistics 2021. OEE_Stats_2021_web.pdf


gcuaisíní cúnga, timpeall cinn tíre, agus i gcainéil idir oileáin. Gabhtar le teicneolaíochtaí srutha taoide fuinneamh cinéiteach na sruthanna a bhíonn ag sreabhadh isteach sna limistéir thaoide agus amach astu. Le feistí srutha taoide, baintear leas as sreabhadh taobhach na sruthanna trí thuirbín a chasadh. Ós rud é gur dlúithe uisce ná aer, is lú na feistí is féidir a imscaradh le haghaidh fuinneamh taoide ná iad sin is féidir a imscaradh le haghaidh fuinneamh gaoithe. Tá roinnt acmhainneachta ann fuinneamh srutha taoide a asbhaint in uiscí na hÉireann. Tá teicneolaíochtaí fuinnimh taoide ag céim na réamhthráchtála agus na taispeána faoi láthair freisin, agus toilleadh carnach domhanda 39.6 MW ann sa bhliain 2021.[12]

## 9.2 Acmhainneacht Acmhainne

Rinne Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann samhaltú chun a mheas cén acmhainneacht theicniúil fhoriomlán atá ann le haghaidh teicneolaíocht fhosaithe gaoithe, teicneolaíocht shnámhach gaoithe, teicneolaíocht fuinnimh tonnta agus teicneolaíocht fuinnimh taoide sna limistéir a sainaithníodh le haghaidh imscaradh féideartha na mórchineálacha teicneolaíochta sin (Rannán 8.2). Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur acmhainneachtaí teoiriciúla iad sin, atá bunaithe ar oll-achair gheografacha agus ar thoimhdí suntasacha. Cabhrófar leis na samhlacha sin a bheachtú amach anseo trí na limistéir fhéideartha mhóra sin a bheachtú tuilleadh trí thuiscint níos fearr a ghnóthú ar dhálaí ar muir agus ar shrianta de dheasca aimsire/stoirmeacha, i measc nithe eile.

Leagtar amach i Fíor 9-3 an próiseas le haghaidh an acmhainneacht inbhuanaithe acmhainne a chinneadh.

[12] Ocean Energy Europe, 2022, Ocean Energy – Key trends and statistics 2021. OEE_Stats_2021_web.pdf




**Fíor 9-3: Próiseas le haghaidh acmhainneacht inbhuanaithe acmhainne a chinneadh do OREDP II**

DRÉACHT

Cuirtear i láthair i

Tábla 4 thíos na hachair iomlána deiseanna teicneolaíochta a sainaithníodh de réir doimhneacht uisce le haghaidh teicneolaíocht fhosaithe gaoithe, teicneolaíocht shnámhach gaoithe, teicneolaíocht fuinnimh tonnta agus teicneolaíocht fuinnimh taoide, mar atá tuairiscithe i Rannán 8.2.

DRÉACHT

**Tábla 4: Achair deiseanna teicniúla le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta**

| Teicneolaíocht | Doimhneacht | Achar iomlán |
|---|---|---|
| **Teicneolaíocht fhosaithe gaoithe** | 10-60 m<br>20-60 m | 17,670 $km^2$<br>14,609 $km^2$ |
| **Teicneolaíocht shnámhach gaoithe** | 60-70 m<br>70-200 m<br>200-1000 m | 7,494 $km^2$<br>118,911 $km^2$<br>83,707 $km^2$ |
| **Teicneolaíocht fuinnimh tonnta** | 10-100 m<br>100-200 m | 39,388 $km^2$<br>79,901 $km^2$ |
| **Teicneolaíocht fuinnimh taoide** | 20-80 m | 4,451 $km^2$ |

Tugtar forbhreathnú i dTáblaí 5 go 8 ar an oll-acmhainneacht theicniúil fuinnimh acmhainne le haghaidh gach cineáil teicneolaíochta sa phlean seo. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur chun críche na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta a rinneadh ar an bplean a ullmhaíodh an acmhainneacht acmhainne le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta atá léirithe san fhíor agus sna táblaí sa rannán seo. ***Is luachanna teicniúla féideartha iad na luachanna atá tugtha, agus ní chuirtear san áireamh iontu aon srianta eacnamaíocha, aon tosca margaidh ná aon ghníomhaíochtaí eile, mar atá léirithe i Fíor 9-3 thuas.*** Dá bhrí sin, beidh an acmhainn a bheidh ar fáil sa deireadh i bhfad níos lú ná na hacmhainneachtaí teicniúla atá leagtha amach thíos i dTáblaí 5-8.

Is tomhas cumhachta é vata (W). Is í cumhacht an ráta ag a ndéanann rud éigin fuinneamh a tháirgeadh nó a úsáid. Is tomhas fuinnimh í vatuair (Wh). Is é fuinneamh an toilleadh chun obair a dhéanamh. Sna táblaí seo a leanas, seasann GW (Gigeavata) do rátáil nó toilleadh cumhachta na teicneolaíochta agus seasann TWh (teireavatuair) don aschur fuinnimh ionchasach (leictreachas, sa chás seo) a tháirgtear le gach cineál teicneolaíochta fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta gach bliain. Agus é ag oibriú go leanúnach (ar feadh 8762 uair an chloig) in aon bhliain amháin, d'fhéadfadh toilleadh 1 GW de theicneolaíocht giniúna 8.762 TWh d'fhuinneamh a tháirgeadh, dá n-oibreodh sé de réir éifeachtúlacht iomlán gan aon chothabháil, gan aon bhriseadh agus gan aon chaillteanais. Mheasfaí fachtóir toillte

100% a bheith ann i gcás den sórt sin. I ndáiríre, áfach, is lú i bhfad fachtóir toillte aon teicneolaíochta giniúna (teicneolaíocht giniúna fuinnimh inathnuaite agus teicneolaíocht giniúna fuinnimh neamh-inathnuaite araon) ná 100%.

**Tábla 5: An acmhainneacht theicniúil acmhainne atá ar fáil le haghaidh Teicneolaíocht Fhosaithe Gaoithe**

| Doimhneacht an Uisce | Olltoilleadh teicniúil acmhainne | Oll-acmhainneacht theicniúil fuinnimh acmhainne [TWh in aghaidh na bliana] |
|---|---|---|
| 10-60 m | 42 | 170 |
| 60-70 m | 20 | 83 |
| **Iomlán** | **62** | **253** |

Ós rud é go bhfuil luasanna gaoithe gan athrú ó foilsíodh OREDP I sa bhliain 2014, is gan athrú, tríd is tríd, atá an acmhainneacht acmhainne theoiriciúil le haghaidh tuirbíní fosaithe gaoithe ag doimhneachtaí idir 10 m agus 60 m do OREDP II. Sainaithníodh acmhainn mhéadaithe do OREDP II, áfach, toisc gur tháinig méadú ar mhéid tuirbíní agus go bhfuil siad níos éifeachtúla anois - tháinig méadú ar an méid tuirbín thoimhdithe ó 5 MW (OREDP I) go 15 MW (OREDP II). Tá na meastacháin sin bunaithe ar rátáil 15 MW a bheith ag tuirbíní, ar an spás idir na tuirbíní a bheith cothrom le seacht n-oiread thrastomhas an tuirbín, agus ar luasanna gaoithe a bheith sa raon idir 3 m agus 25 m in aghaidh an tsoicind. Tá tuilleadh mionsonraí leagtha amach in Aguisín B.

**Tábla 6: An acmhainneacht theicniúil acmhainne atá ar fáil le haghaidh Teicneolaíocht Shnámhach Gaoithe**

| Doimhneacht an Uisce | Olltoilleadh teicniúil acmhainne | Oll-acmhainneacht theicniúil fuinnimh acmhainne [TWh in aghaidh na bliana] |
|---|---|---|
| 60-70 m | 20 | 83 |

| | | |
|---|---|---|
| 70-200 m | 331 | 1334 |
| 200-1000 m | 246 | 1065 |
| **Iomlán** | **579** | **2482** |

Is mó an acmhainneacht le haghaidh teicneolaíocht shnámhach gaoithe atá sainaitheanta sa mheasúnacht seo ná í sin a sainaithníodh in OREDP I. Is é an phríomhchúis leis sin ná gur méadaíodh an t-achar acmhainneachta go comhrian doimhneachta 1000 m, i gcomparáid le 200 m in OREDP I. Tháinig forbairt shuntasach ar theicneolaíocht shnámhach gaoithe amach ón gcósta ó foilsíodh OREDP I, agus rannchuidíonn an méadú ar an gcóras snámhach gaoithe amach ón gcósta (15 MW) agus an feabhas ar fheidhmíocht san anailís is déanaí do OREDP II freisin leis an acmhainneacht mhéadaithe a sainaithníodh.

**Tábla 7: An Acmhainneacht Theicniúil Acmhainne atá ar fáil le haghaidh Fuinneamh Tonnta, 10 m – 200 m**

| Tiontairí Fuinnimh Tonnta atá 150 m óna chéile | Olltoilleadh teicniúil acmhainne | Aschur (TWh) |
|---|---|---|
| An Cósta Thiar – an Taobh Thuaidh | 9.9 | 46.3 |
| An Cósta Thiar – an Taobh Theas | 5.4 | 26.3 |
| An Cósta Thiar | 8.5 | 41.2 |
| **Iomlán** | **23.8** | **113.7** |

Tá an acmhainn theicniúil fhéideartha le haghaidh fuinneamh tonnta don mheasúnacht seo cosúil leis na meastacháin in OREDP I. Tá na meastacháin a bhaineann le fuinneamh tonnta agus fuinneamh taoide araon bunaithe ar shonraí stairiúla faoi acmhainní fuinnimh tonnta agus acmhainní fuinnimh taoide agus ar fheistí teoiriciúla, agus iad spásáilte ag achair dhifriúla chliathánacha agus fhadaimseartha ar fud na sonraí faoi dheiseanna teicniúla, mar a ríomhtar trí thionscadal SELKIE[13].

[13] https://www.selkie-project.eu/

**Tábla 8: An Acmhainneacht Theicniúil Acmhainne atá ar fáil le haghaidh Fuinneamh Taoide**

| Tiontairí Fuinnimh Taoide atá 150 m óna chéile | Olltoilleadh teicniúil acmhainne | Aschur (TWh) |
|---|---|---|
| An Cósta Thoir – an Taobh Theas | 5.3 | 3.1 |
| An Cósta Thiar – an Taobh Thuaidh | 2.5 | 0.5 |
| **Iomlán** | **7.9** | **3.6** |

Is lú i bhfad an t-achar atá oiriúnach do theicneolaíochtaí fuinnimh taoide a imscaradh ná é sin atá oiriúnach do na teicneolaíochtaí eile fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta a scrúdaíodh. Mar sin, is lú i bhfad an acmhainneacht atá acu ná í sin atá ag teicneolaíochtaí eile. Mar sin féin, i gcoibhneas leis na meastacháin do OREDP I, sainaithníodh acmhainn fuinnimh taoide fhéideartha níos mó a bhuí leis an dul chun cinn teicneolaíochta a rinneadh ón mbliain 2014.

## 9.3 Láithreán Tástála Fuinnimh Mhuirí an Atlantaigh

Tá láithreán tástála taispeána lánscála agus cás tástála le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta a sheachadadh chuig an eangach leictreachais ag teastáil chun gníomhartha agus an díriú taighde a ailíniú leis na spriocanna gníomhaithe ar son na haeráide atá ag an Rialtas. Is gá a chinntiú go mbeidh saoráidí tástála leordhóthanacha ann chun freagairt don éileamh, ar mhaithe lena chinntiú go ngnóthóidh Éire acmhainneacht agus uaillmhian a hacmhainne amach ón gcósta.

Tá Láithreán Tástála Fuinnimh Mhuirí an Atlantaigh (AMETS) á fhorbairt ag SEAI thar ceann na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide faoi láthair chun saoráid tástála aigéin lánscála atá nasctha leis an eangach a sholáthar. Ba sa bhliain 2009 a cumadh coincheap AMETS, agus é i gceist ar dtús go ndíreofaí ann ar theicneolaíochtaí fuinnimh tonnta. A bhuí leis an dul chun cinn teicneolaíochta a rinneadh ó shin i leith, cuireadh le sainchúram an láithreáin chun go n-áireofaí teicneolaíocht shnámhach gaoithe amach ón gcósta leis freisin. Is gníomhaíocht thaighdedhírithe é, a imríonn ról ríthábhachtach sa chéim thástála dheiridh

roimh lánfhorbairt agus lán-imscaradh. Mar sin, táthar ag súil leis go n-éireoidh le tionscadail agus go dteipfidh orthu araon ag an láithreán.

Tá léas le haghaidh imscaradh teicneolaíochta fuinnimh tonnta ina sheilbh ag AMETS ón mbliain 2015, agus tá sé ag déanamh measúnacht tionchair timpeallachta ar leibhéal an tionscadail le haghaidh teicneolaíocht shnámhach gaoithe amach ón gcósta faoi láthair. Tá tiomantas ann, áfach, an tsaoráid a sholáthar in am chun gur féidir léi rannchuidiú le dlús a chur le himscaradh teicneolaíochta snámhaí gaoithe amach ón gcósta in Éirinn chun cabhrú le spriocanna an Rialtais don bhliain 2030 a bhaint amach.

DRÉACHT

# 10 Measúnachtaí Timpeallachta

Tá an mheasúnacht timpeallachta reachtúil ina cuid dhílis d'fhorbairt OREDP II mar straitéis spáis náisiúnta fhadtéarmach le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta. Áirítear na nithe seo leis na príomhdhóigheanna ar rannchuidigh an mheasúnacht timpeallachta le OREDP II a fhorbairt:

- Táscairí a shainaithint chun faireachán a dhéanamh ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag cur chun feidhme OREDP II ar an muirthimpeallacht agus ar an mbithéagsúlacht mhuirí
- Bearta straitéiseacha náisiúnta ar leibhéal an phlean a mholadh lena gcur san áireamh sa dréachtleagan de OREDP II, lena n-áirítear treoirghealltanas na straitéise spáis do thuilleadh measúnachtaí timpeallachta leibhéil íochtair a dhéanamh ar leibhéal an Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe agus ar leibhéal an tionscadail
- Forbairt a dhéanamh ar na logaí maidir le cinntí sonraí ina sainaithnítear tacair sonraí comhshaoil atá oiriúnach do OREDP II agus do mheasúnachtaí leibhéil íochtair.
- Bonnlíne sonraí comhshaoil a sholáthar chun bonn eolais a chur faoi OREDP II a nuashonrú ar bhealach atriallach faoin bPlean Bainistíochta Oiriúnaithí.

Sa rannán seo, tugtar forbhreathnú ar na dearcthaí difriúla a glacadh sa mheasúnacht, ar phríomhfhionnachtana na measúnachta maidir leis na héifeachtaí dearfacha féideartha agus na héifeachtaí diúltacha féideartha ar an gcomhshaol, agus ar na bearta a mholtar inti chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtaí diúltacha féideartha agus chun iad a mhaolú. Tá tuilleadh faisnéise agus an doiciméadacht iomlán, lena n-áirítear aguisíní, le haghaidh na measúnachta timpeallachta ar fáil ar an suíomh Gréasáin seo a leanas: [www.gov.ie/OffshoreEnergyPlan](http://www.gov.ie/OffshoreEnergyPlan)

## 10.1 Forbhreathnú ar an Measúnacht Timpeallachta

Déantar Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta de réir na Treorach maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta[14] agus tá sé mar aidhm léi cosaint chomhshaoil a bhaint amach ar an leibhéal straitéiseach agus breithniú ar an gcomhshaol a chomhtháthú isteach le linn OREDP II a ullmhú agus a ghlacadh. Déantar an Mheasúnacht Chuí de réir na Rialachán

[14] Treoir 2001/42/CE: Éifeachtaí Pleananna agus Clár Áirithe ar an gComhshaol a Mheasúnú

maidir le hÉin agus Gnáthóga Nádúrtha[15] agus measúnaítear inti cé acu is dóigh nó nach dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach ag OREDP II ar láithreáin Eorpacha atá ainmnithe chun speicis shonracha agus gnáthóga sonracha a chosaint[16].

**Próiseas**

Forbraíodh OREDP II i gcomhthráth le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Measúnacht Chuí chun a chinntiú go seolfaí próiseas atriallach ina mbreithneofaí raon éifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an straitéis spáis ar an gcomhshaol, mar aon le roghanna réasúnacha féideartha eile. Ó thús, rinne na sainchomhairleoirí (Clearlead Consulting Ltd.) a bhí freagrach as an measúnacht timpeallachta comhairle neamhspleách a sholáthar don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ar an dréachtdoiciméad, rud a bhí mar bhonn eolais faoina fhorbairt, lena n-áirítear trí bhearta maolaithe ar leibhéal an phlean a chur san áireamh. D'imir comhaltaí de ghrúpaí rialachais OREDP II ról tábhachtach sa mheasúnacht timpeallachta freisin, lena n-áirítear trí pháirt a ghlacadh san athbhreithniú ar shonraí agus sna logaí maidir le cinntí sonraí a fhorbairt.

Maidir le haon aiseolas arna fháil ón bpobal, go háirithe ó phobail chósta, oileáin agus mhuirí, tríd an gcomhairliúchán poiblí náisiúnta ar OREDP II, cuirfear san áireamh é sa chéim dheiridh den mheasúnacht timpeallachta. Chun tacú leis an gcomhairliúchán, tá tuarascáil timpeallachta dhigiteach agus físeáin ar fáil ar an suíomh Gréasáin seo: https://oredpii-sea-digitalreport.com/. Tugtar forbhreathnú i Fíor 10-1 ar an idirghníomhaíocht idir forbairt OREDP II agus na measúnachtaí timpeallachta.

**Fíor 10-1: Forbairt atriallach OREDP II agus measúnachtaí timpeallachta**

| SEA | OREDP II | AA |
|---|---|---|
| SEA Scoping Report | Data Assessment | AA Screening |
| Environmental Assessment and Environmental Report | Draft 1 of plan | Assessment and consultation with NWPS |
| Public Consultation on Environmental Report | Draft 2 of plan and Public Consultation | Public Consultation on AA Report / Draft Natura Impact Statement (NIS) |
| SEA Statement | Final OREDP II | Final AA Report / NIS |

[15] I.R. Uimh. 477/2011 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011, arna leasú, a leasaíodh an uair dheireanach sa bhliain 2021

[16] Líonra Natura 2000 atá comhdhéanta de láithreáin Eorpacha amhail Limistéir Chosanta Speisialta agus Limistéir Chaomhantais Speisialta

**Modheolaíocht**

Iniúchtar sa mheasúnacht timpeallachta na héifeachtaí dearfacha féideartha agus na héifeachtaí diúltacha féideartha ar an gcomhshaol a bhféadfaí a bheith ag súil leo dá gcuirfí OREDP II chun feidhme. Cumhdaítear na topaicí seo a leanas sa mheasúnacht:

- **An Timpeallacht Fhisiciúil** (Cuspóirí 1 agus 2 den Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta)
- **An tUisce** (Cuspóirí 3 agus 4 den Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta)
- **An Aeráid agus Cáilíocht an Aeir** (Cuspóirí 5, 6, 7 agus 8 den Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta)
- **An Truailliú Muirí** (Cuspóirí 9, 10 agus 11 den Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta)
- **An Bhithéagsúlacht** (Cuspóirí 12 agus 13 den Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta)
- **An tSeandálaíocht agus an Oidhreacht Chultúrtha** (Cuspóirí 14 agus 15 den Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta)
- **An Talamh agus an Muirdhreach** (Cuspóir 16 den Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta)
- **Sláinte an Phobail agus Sláinte an Duine** (Cuspóirí 17 agus 18 den Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta)
- **Sócmhainní Ábhartha** (Cuspóirí 19 agus 20 den Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta)

Sa mheasúnacht, rinneadh tástáil ar shuntasacht na n-éifeachtaí sin i bpróiseas dhá chéim: (1) roimh mhaolú agus (2) tar éis maolaithe. Cuirtear na torthaí i láthair inti de réir an scála seo a leanas:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Éifeacht dhiúltach shuntasach** | **Éifeacht dhiúltach bheag** | **Éifeacht neodrach** | **Éifeacht dhearfach bheag** | **Éifeacht dhearfach shuntasach** |

Glactar cur chuige rioscabhunaithe sa mheasúnacht de bharr chineál réamhbhreathnaitheach agus straitéiseach OREDP II agus de bharr na héiginnteachta

iarmhartaí faoi thionscadail fhéideartha. Fágann sé sin gur breithníodh éifeachtaí éiginnte agus maoluithe féideartha sa mheasúnacht freisin.

Tugtar achoimre i Tábla 9 ar na héifeachtaí féideartha ar an gcomhshaol de réir cineál teicneolaíochta, roimh mhaolú agus tar éis maolaithe. Tá an mheasúnacht iomlán ar fáil sa Tuarascáil Timpeallachta agus sna hAguisíní a ghabhann leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta.

DRÉACHT

**Tábla 9: Achoimre ar na héifeachtaí féideartha ar an gcomhshaol de réir cineál teicneolaíochta**

| Cuspóirí na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta | | Teicneolaíocht Fhosaithe Gaoithe | | Teicneolaíocht Shnámhach Gaoithe | | Teicneolaíocht Fuinnimh Tonnta | | Teicneolaíocht Fuinnimh Taoide | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Roimh mhaolú | **Tar éis maolaithe** | Roimh mhaolú | **Tar éis maolaithe** | Roimh mhaolú | **Tar éis maolaithe** | Roimh mhaolú | **Tar éis maolaithe** |
| SEA 1 | Cáilíocht agus carachtar ghrinneall na mara agus a dhríodar a chosaint, agus éifeachtaí suntasacha ar mhoirfeolaíocht ghrinneall na mara agus ar phróisis iompair dríodar a sheachaint. | Éifeacht Dhiúltach Shuntasach | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Shuntasach | Éifeacht Dhiúltach Bheag |
| SEA 2 | Sláine na bpróiseas cósta agus inbhir a chosaint. | Éifeacht Dhiúltach Shuntasach | Éifeacht Éiginnte | Éifeacht Dhearfach Bheag | Éifeacht Dhearfach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Shuntasach | Éifeacht Éiginnte | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag |
| SEA 3 | Stádas na ndobharlach aicmithe laistigh de limistéar an Phlean a chosaint, a chothabháil agus a fheabhsú ar aon dul le ceanglais na Creat-treorach Uisce agus na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí. | Éifeacht Dhiúltach Shuntasach | Éifeacht Éiginnte | Éifeacht Dhearfach Bheag | Éifeacht Dhearfach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Shuntasach | Éifeacht Éiginnte | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag |
| SEA 4 | Truailliú na timpeallachta cósta agus na muirthimpeallachta a sheachaint. | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhearfach Bheag | Éifeacht Dhearfach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag |
| SEA 5 | Astaíochtaí díobhálacha isteach san aer a sheachaint, a chosc nó a laghdú, agus feabhsuithe ar cháilíocht an aeir á gcur chun cinn trí astaíochtaí a laghdú go | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhearfach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhearfach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhearfach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhearfach Bheag |

| Cuspóirí na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta | | Teicneolaíocht Fhosaithe Gaoithe | | Teicneolaíocht Shnámhach Gaoithe | | Teicneolaíocht Fuinnimh Tonnta | | Teicneolaíocht Fuinnimh Taoide | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Roimh mhaolú | **Tar éis maolaithe** | Roimh mhaolú | **Tar éis maolaithe** | Roimh mhaolú | **Tar éis maolaithe** | Roimh mhaolú | **Tar éis maolaithe** |
| | leibhéal atá Chomh hÍseal agus is Indéanta le Réasún (astaíochtaí díreacha) | | | | | | | | |
| SEA 6 | Tús áite a thabhairt do bhearta fuinnimh inathnuaite agus éifeachtúlachta fuinnimh a úsáid, agus úsáid na mbeart sin a chur chun cinn. | Éifeacht Dhearfach Shuntasach | Éifeacht Dhearfach Shuntasach | Éifeacht Dhearfach Shuntasach | Éifeacht Dhearfach Shuntasach | Éifeacht Dhearfach Shuntasach | Éifeacht Dhearfach Shuntasach | Éifeacht Dhearfach Bheag | Éifeacht Dhearfach Bheag |
| SEA 7 | Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa a íoslaghdú | Éifeacht Dhearfach Shuntasach | Éifeacht Dhearfach Shuntasach | Éifeacht Dhearfach Shuntasach | Éifeacht Dhearfach Shuntasach | Éifeacht Dhearfach Shuntasach | Éifeacht Dhearfach Shuntasach | Éifeacht Dhearfach Shuntasach | Éifeacht Dhearfach Shuntasach |
| SEA 8 | Athléimneacht i leith an Athraithe Aeráide a chur chun cinn | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhearfach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Neodrach | Éifeacht Dhearfach Bheag |
| SEA 9 | Scaoileadh bruscair mhuirí isteach sa mhuirthimpeallacht a laghdú/a chosc. | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Neodrach | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Neodrach | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Neodrach | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Neodrach |
| SEA 10 | Giniúint agus leathnú an torainn de dhéantús an duine a íoslaghdú sa mhuirthimpeallacht. | Éifeacht Dhiúltach Shuntasach | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Shuntasach | Éifeacht Dhiúltach Bheag |

| Cuspóirí na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta | | Teicneolaíocht Fhosaithe Gaoithe | | Teicneolaíocht Shnámhach Gaoithe | | Teicneolaíocht Fuinnimh Tonnta | | Teicneolaíocht Fuinnimh Taoide | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Roimh mhaolú | **Tar éis maolaithe** | Roimh mhaolú | **Tar éis maolaithe** | Roimh mhaolú | **Tar éis maolaithe** | Roimh mhaolú | **Tar éis maolaithe** |
| SEA 11 | Cur chun cinn a dhéanamh ar theicneolaíochtaí tarchurtha fuinnimh agus cumraíochtaí tarchurtha fuinnimh a bhfuil mar aidhm leo fórsa leictreaghluaisneach a íoslaghdú sa mhuirthimpeallacht. | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Shuntasach | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Shuntasach | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Éiginnte | Éifeacht Éiginnte |
| SEA 12 | An bhithéagsúlacht agus na héiceachórais laistigh de limistéar an Phlean a chaomhnú, a chosaint agus a chothabháil agus, nuair is cuí, iad a bhreisiú. | Éifeacht Dhiúltach Shuntasach | Éifeacht Éiginnte | Éifeacht Dhiúltach Shuntasach | Éifeacht Éiginnte | Éifeacht Dhiúltach Shuntasach | Éifeacht Éiginnte | Éifeacht Dhiúltach Shuntasach | Éifeacht Dhiúltach Bheag |
| SEA 13 | Tionchar suntasach a sheachaint ar láithreáin atá ainmnithe ar leibhéal an Aontais Eorpaigh nó ar an leibhéal náisiúnta, ar Leasanna Cáilitheacha agus ar speicis chosanta. | Éifeacht Dhiúltach Shuntasach | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Shuntasach | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Shuntasach | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Shuntasach | Éifeacht Dhiúltach Bheag |
| SEA 14 | Raiceanna aithnide agus gnéithe stairiúla agus cultúrtha limistéar an Phlean a chosaint. | Éifeacht Dhiúltach Shuntasach | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Shuntasach | Éifeacht Dhiúltach Bheag |
| SEA 15 | Deiseanna a chur san áireamh chun an t-eolas agus an tuiscint ar ghnéithe cultúrtha/stairiúla a bhreisiú. | Éifeacht Neodrach | Éifeacht Neodrach | Éifeacht Neodrach | Éifeacht Neodrach | Éifeacht Neodrach | Éifeacht Neodrach | Éifeacht Neodrach | Éifeacht Neodrach |

| Cuspóirí na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta | | **Teicneolaíocht Fhosaithe Gaoithe** | | **Teicneolaíocht Shnámhach Gaoithe** | | **Teicneolaíocht Fuinnimh Tonnta** | | **Teicneolaíocht Fuinnimh Taoide** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Roimh mhaolú | **Tar éis maolaithe** | Roimh mhaolú | **Tar éis maolaithe** | Roimh mhaolú | **Tar éis maolaithe** | Roimh mhaolú | **Tar éis maolaithe** |
| SEA 16 | Ceanglais an Choinbhinsiúin um Thírdhreach na hEorpa a chur chun feidhme trí dhearadh ardchaighdeáin le haghaidh maoirseacht inbhuanaithe ar thírdhreach na hÉireann agus tríd an tírdhreach a chomhtháthú isteach sa chur chuige a ghlacann Éire i leith forbairt inbhuanaithe. | Éifeacht Dhiúltach Shuntasach | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Neodrach | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag |
| SEA 17 | Tionchar suntasach ar shláinte agus folláine an duine a sheachaint. | Éifeacht Dhiúltach Shuntasach | Éifeacht Dhearfach Bheag | Éifeacht Dhearfach Bheag | Éifeacht Dhearfach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag |
| SEA 18 | Cur isteach, suaitheadh nó crá ar phobail áitiúla a sheachaint. | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhearfach Bheag | Éifeacht Dhearfach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Bheag |
| SEA 19 | Sócmhainní ábhartha muirí (lena n-áirítear iascaigh, sliogiasc, gníomhaíocht mhíleata agus bonneagar) agus acmhainní muirí a chosaint. | Éifeacht Dhiúltach Shuntasach | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Shuntasach | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Shuntasach | Éifeacht Dhiúltach Bheag | Éifeacht Dhiúltach Shuntasach | Éifeacht Dhiúltach Bheag |

## 10.2 Dearcthaí na Measúnachta Timpeallachta

Rinneadh measúnacht timpeallachta OREDP II ó thaobh dearcthaí straitéiseacha difriúla de, agus gach ceann díobh ag breithniú na gCuspóirí den Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta atá leagtha amach i Rannán 10.1. I Tábla 10, leagtar dearcthaí na measúnachta amach agus cuirtear forbhreathnú ar na príomhfhionnachtana i láthair. Tá an mheasúnacht iomlán ar fáil sa Tuarascáil Timpeallachta agus sa Ráiteas Tionchair Natura.

**Tábla 10: Dearcthaí agus fionnachtana mheasúnacht timpeallachta OREDP II**

| Dearcadh na measúnachta | Forbhreathnú ar fhionnachtana | Cineál measúnachta |
|---|---|---|
| Measúnacht ar chuspóirí foriomlána an phlean chun imscaradh fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta a éascú agus chun bonn fianaise sonraí a thógáil | Aimsíodh gurbh éifeachtaí neodracha, éifeachtaí dearfacha beaga nó éifeachtaí dearfacha shuntasacha a bheadh in éifeachtaí féideartha chuspóirí an phlean, lena n-áirítear le haghaidh astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú trí fhuinneamh atá saor ó charbón a sholáthar, mar aon le bunachar sonraí a thógáil le haghaidh tuilleadh measúnachtaí timpeallachta leibhéil íochtair.<br><br>Moladh raon beart ar leibhéal an phlean chun éifeachtaí diúltacha féideartha a mhaolú. | SEA |
| Measúnacht ar theicneolaíochtaí sonracha fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta: teicneolaíocht fhosaithe gaoithe, teicneolaíocht shnámhach gaoithe, teicneolaíocht fuinnimh tonnta agus | Aimsíodh gur chosúil le chéile a bheadh an-chuid de na héifeachtaí féideartha a bheadh ag teicneolaíochtaí difriúla. Mar sin féin, bheadh méid na héifeachta ag brath ar conas a oibríonn na teicneolaíochtaí, ar íogaireachtaí atá sonrach don láthair, ar an dearadh, ar ghiniúint fuinnimh, ar shrianta innealtóireachta, ar an gcostas agus ar éifeachtaí carnacha. Tugtar achoimre i dTábla 9 ar thorthaí na measúnachta le haghaidh na gceithre chineál teicneolaíochta uile. | SEA |

| | | |
|---|---|---|
| teicneolaíocht fuinnimh taoide | Ar fud na gcineálacha teicneolaíochta uile, sainaithníodh sa mheasúnacht go mbeadh éifeacht dhearfach ag an bPlean ar an acmhainneacht a bhaineann le hathnuaiteáin a chur chun cinn agus le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a íoslaghdú. Bheadh tionchair eile a d'fhéadfadh a bheith dearfach ag teicneolaíochtaí sonracha fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta. | |
| Trí Mhórlimistéar Leasa le haghaidh teicneolaíocht shnámhach gaoithe (Mórlimistéar an Iarthuaiscirt, Mórlimistéar an Iarthair Láir agus Mórlimistéar na Mara Ceiltí Thoir) | Tástáladh an creat le haghaidh Pleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta a shainaithint trí dhréachtchritéir roghnúcháin a chur i bhfeidhm maidir leis na trí Mhórlimistéar Leasa.<br><br>Aimsíodh gurbh amhlaidh, de bharr í a imscaradh ag doimhneachtaí níos mó, go leathnódh an acmhainn teicneolaíochta snámhaí gaoithe amach ón gcósta níos faide ná an limistéar cósta cladaigh, rud a laghdódh an fhéidearthacht go dtiocfadh coinbhleacht chun cinn. Is ann, áfach, do roinnt eisiamh úsáide, tosca comhshaoil agus tosca eacnamaíocha atá ann cheana sa limistéar a bhfuil acmhainneacht ann le haghaidh teicneolaíocht shnámhach gaoithe amach ón gcósta. | SEA |
| Measúnacht ar roghanna eile | Breithníodh roghanna eile ar an bplean faoin ordlathas seo a leanas:<br>• An gá le fuinneamh nó an t-éileamh air<br>• An modh nó an próiseas – mar shampla cineálacha teicneolaíochta<br>• An láthair<br>• An t-uainiú, mar shampla trí chéimniú | |

| | | |
|---|---|---|
| | • An cur chun feidhme, mar shampla trí aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sonraí nó trí bhearta maolaithe a dhéanamh | |
| Measúnacht ar éifeachtaí carnacha | Breithníodh an fhéidearthacht go mbeadh éifeacht charnach ag pleananna agus beartais atá idirghaolmhar. Aimsíodh inti, mar shampla, go mbeadh éifeachtaí dearfacha carnacha ag an gCreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí ar chuspóirí comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta, agus go soláthródh an Plean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide agus an Plean Gnímh don Aeráid tacaíocht láidir agus tairbhe charnach, go háirithe le haghaidh fuinneamh inathnuaite a chur chun cinn agus tús áite a thabhairt d'fhuinneamh inathnuaite a úsáid.<br><br>Breithníodh an fhéideartacht go mbeadh éifeacht charnach ag OREDP I, lena n-áirítear tionscadail shonraithe Chéim 1 in áiteanna ar sainaithníodh iad, agus OREDP II. Ní raibh láithreacha sonracha thionscadail fhéideartha Chéim 2 ar fáil chun feidhmiú mar bhonn eolais faoin measúnacht charnach. Tugadh faoi deara gur ghabh OREDP II air féin athbhreithniú a dhéanamh, ar fud thréimhse feidhme an Phlean, ar an bhféidearthacht a bhaineann le héifeachtaí i gcomhcheangal, i bhfianaise aon fhorbairtí beartais.<br><br>Luadh gurbh amhlaidh, maidir leis an éifeacht charnach a bheadh ag beartais arbh é an toradh a bheadh orthu ná bonneagar gaolmhar fuinnimh amhail forbairt eangaí tarchurtha, saoráidí calafort, pleanáil acmhainne agus forbairt shlabhra an tsoláthair, a theastaíonn uathu sin breithniú a éiríonn níos mine de réir mar a | SEA |

DRAFT

| | | |
|---|---|---|
| | leanann an phleanáil agus an fhorbairt beartais ar aghaidh trí mheasúnachtaí leibhéil íochtair. | |
| Measúnacht ar an riosca a chruthódh an plean do ghnáthóga muirí sonracha agus speicis mhuirí shonracha a chosnaítear le dlí, bíodh sé ina aonar nó i gcomhcheangal le pleananna nó tionscadail eile | Déantar soláthar inti don riosca (idir 1 agus 3 ar an scála) go mbeadh éifeacht dhochrach ag an bplean ar shláine, mar atá leagtha amach sna léarscáileanna.<br><br>Aimsíodh nach mbeadh éifeacht dhochrach ag an bPlean ar shláine aon láithreán Eorpach cosanta dá ndéanfaí bearta maolaithe cuí.<br><br>Moladh go ngabhfadh measúnachtaí timpeallachta leibhéil íochtair tuilleadh comhairliúcháin de láimh agus go soláthródh siad fianaise ar roghnú láithreán, lena n-áireofaí roghanna eile a bhreithniú, chun éifeachtaí diúltacha féideartha a mhaolú. | AA |

## 10.3 Bearta Maolaithe agus Faireacháin

I gcás gur sainaithníodh i measúnacht timpeallachta OREDP II an fhéidearthacht go mbeadh éifeacht dhiúltach shuntasach nó éifeacht éiginnte ann, moltar bearta maolaithe inti.[17] Déantar é sin i struchtúr trí leibhéal:

1. Maoluithe ar leibhéal an phlean náisiúnta
2. Maoluithe ar leibhéal an Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe
3. Maoluithe ar leibhéal an tionscadail

Sainaithníodh sa Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta gurb amhlaidh, maidir leis an bhféidearthacht shainaitheanta go dtiocfadh éifeachtaí suntasacha nó éifeachtaí éiginnte iarmharacha chun cinn ar an leibhéal náisiúnta, a mhaolaítear go príomha í sa chuid is mó de chásanna trí ghealltanais go ndéanfaí tuilleadh measúnachta mar chuid de mheasúnachtaí leibhéil íochtair (i bhfocail eile, measúnachtaí ar leibhéal an Phlean Limistéir

[17] Déantar soláthar le bearta maolaithe do chóras a bhfuil mar aidhm leis laghdú, seachaint nó frithháireamh a dhéanamh ar na hiarmhairtí dochracha comhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ag gníomhaíochtaí forbartha. Tá sé mar chuspóir leo tairbhí an tionscadail a uasmhéadú agus tionchair neamh-inmhianaithe a íoslaghdú: https://ec.europa.eu/environment/legal/law/2/module_3_10.htm



DRAFT

Mhuirí Ainmnithe agus ar leibhéal an tionscadail). Moladh sa Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta freisin breisiú féideartha i gcás éifeachtaí diúltacha beaga, nó éifeachtaí dearfacha beaga, a d'fhéadfadh a theacht chun a bheith ina n-éifeachtaí dearfacha suntasacha.

Tá an mheasúnacht iomlán agus na maoluithe beartaithe ar gach leibhéal ar fáil sa Tuarascáil Timpeallachta agus in Aguisín 4 a ghabhann leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta. Cuireadh na bearta maolaithe atá leagtha amach don Mheasúnacht Chuí san áireamh sa chur chuige i leith maolaithe a glacadh sa Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta. Is ar fáil laistigh den tuarascáil ar an Ráiteas Tionchair Natura atá an maolú sonrach a bhaineann leis an Measúnacht Chuí.

**Bearta maolaithe molta ar leibhéal an phlean atá ar áireamh sa dréachtleagan de OREDP II**

Tar éis sholáthar na ndréachtleaganacha den Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus den Mheasúnacht Chuí, cuireadh ceardlann ar siúl idir an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus na sainchomhairleoirí comhshaoil a bhí ag déanamh na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta agus na Measúnachta Cuí. Bhí sé mar aidhm leis an gceardlann sin breithniú a dhéanamh ar an raon beart maolaithe ar leibhéal an phlean agus gníomhartha feabhais cuí atá beartaithe do OREDP II. Tá siad sin leagtha amach sa Tuarascáil Timpeallachta.

**Faireachán**

Ós straitéis spáis atriallach oiriúnaitheach í, cuirfear le bonnlíne chomhshaoil OREDP II trí fhaireachán a dhéanamh ar na héifeachtaí féideartha ar an gcomhshaol. Mar atá leagtha amach i Rannán 12, déanfaidh an Foghrúpa Comhshaoil faireachán ar éifeachtaí suntasacha nó éifeachtaí éiginnte iarmharacha a bheidh ag cur chun feidhme OREDP II ar an gcomhshaol faoin bPlean Bainistíochta Oiriúnaí. Sainaithneofar éifeachtaí dochracha gan choinne ar an gcomhshaol ag céim luath agus déanfar gníomhaíocht feabhais chuí chun OREDP II a athbhreithniú, a mheas agus a oiriúnú go hatriallach chun go mbeidh sé ag teacht leis an bhfianaise is fearr atá ar fáil. Bunóidh an Foghrúpa Comhshaoil Clár Faireacháin Comhshaoil a bheidh nasctha leis an bPlean Gníomhaíochta Sonraí agus leis an Sceideal um Chomhtháthú Taighde agus a shainaithneoidh tionscnaimh faireacháin nua agus atá ann cheana ar fud an Stáit, ar tionscnaimh iad a bheadh ábhartha do OREDP II.

Comhlánófar an bonn fianaise sin le himeacht ama trí na measúnachtaí timpeallachta reachtúla ábhartha ina ndéanfar measúnacht ar na héifeachtaí díreacha agus indíreacha ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil. Áirítear leis sin léarscáiliú beartaithe ar

íogaireacht comhshaoil le haghaidh Mórlimistéir Leasa le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta, a luaithe a bheidh siad cinnte.

Suífidh OREDP II taobh leis an gcreat dinimiciúil nua um réamhphleanáil mhuirí a bunaíodh leis an Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí, lena n-áirítear an Ráiteas Beartais maidir le Pleanáil Mhuirí, an Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí, Treoirlínte reachtúla, Ordacháin Bheartais ón Aire, agus aon réamhphleananna fonáisiúnta (i bhfocail eile, Pleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe), agus tacófar le cur chun feidhme an chreata sin leis, chun forbairt fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta atá inbhuanaithe agus Stát-treoraithe a éascú. Cé nach mbeidh aon bhonn reachtúil ag OREDP II é féin, beidh sé ar an mbonn do na Pleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta a ullmhófar faoi chóras an Achta um Pleanáil Limistéir Mhuirí. Dá bhrí sin, beidh cur chuige maolaithe chisealaithe OREDP II ag brath ar an tacar náisiúnta oibleagáidí dlíthiúla atá leagtha amach faoi alt 22 den Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí agus ar na beartais a bhaineann le dea-bhainistíocht comhshaoil a bunaíodh cheana féin sa Chreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí. Leagtar amach iontu sin ceanglais shoiléire i ndáil le bearta atá ceaptha chun aon ghníomhaíochtaí drochthionchair a sheachaint nó a mhaolú sa limistéar muirí do láithreáin chosanta, speicis chosanta nó gnáthóga cosanta atá ábhartha ar leibhéal an Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe agus ar leibhéal an tionscadail.

Ina theannta sin, ceanglófar go n-áireofaí le tograí maidir le Pleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta agus le haghaidh tionscadal rannán ina dtugtar breac-chuntas ar conas a thug siad aghaidh ar na bearta maolaithe reachtúla atá leagtha amach i Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Measúnacht Chuí OREDP II, nuair is iomchuí, agus ar conas a chloíonn siad le Beartas Uileghabhálach Pleanála Muirí an Chreata Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí maidir le Comhshaol—Sláinte na nAigéan—chun drochthionchair shuntasacha ar an gcomhshaol a mhaolú agus leis na bearta maolaithe molta atá beartaithe i Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta an Chreata Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí.

Faoi mar atá amhlaidh i gcás an Chuir Chuige Faireacháin a ghlactar sa Chreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí, beidh faireachán an Stáit ar an muirthimpeallacht agus ar an dul chun cinn ar Dhea-Stádas Comhshaoil a bhaint amach faoi thimthriallta tuairiscithe don Treoir Réime um Straitéis Mhuirí ina chuid bhunriachtanach de Chlár Faireacháin Comhshaoil OREDP II.

**Rannpháirtíocht**

Beidh Pleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe faoi réir Ráiteas Rannpháirtíochta Poiblí éigeantach freisin, rud ina mionsonrófar na creataí ama, na nósanna imeachta agus na sásraí a bheidh i bhfeidhm le haghaidh rannpháirtíocht phoiblí atá sonrach don phlean ar leith a bheidh á fhorbairt. I gcomhréir le Coinbhinsiún Aarhus, beidh roinnt deiseanna ann le haghaidh rannpháirtíocht phoiblí agus comhairliúchán poiblí ó gach earnáil le linn phróiseas an Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe, agus áireofar leis measúnachtaí timpeallachta reachtúla (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Measúnacht Chuí).

DRÉACHT

# 11 Mórlimistéir Leasa

Tá sé mar aidhm leis an doiciméad seo breac-chuntas a thabhairt ar an straitéis le haghaidh sainaithint a dhéanamh ar limistéir atá le hainmniú mar chuid den Chóras Marthanach le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta. Leagtar amach sa mheasúnacht atá tuairiscithe mar chuid de OREDP II an leibhéal náisiúnta eolais atá ann ar raon réimsí téamacha. Sainaithníodh san athbhreithniú ar shonraí freisin tacair sonraí bhreise atá ar fáil ar an leibhéal réigiúnach nó ar an leibhéal áitiúil.

Chuir an próiseas ainmniúcháin, atá tuairiscithe níos luaithe sa doiciméad seo, agus athbhreithniú ar na cineálacha cur chuige a ghlactar i dtíortha eile bonn eolais faoi na chéad chéimeanna eile atá beartaithe. Is é a bheidh i gceist leo sin critéir a shainiú chun sainaithint a dhéanamh ar na Mórlimistéir Leasa thosaigh atá le meas go mion ar scála réigiúnach. Cuirfidh an mheasúnacht sin bonn eolais faoin obair a dhéanfar chun sainaithint a dhéanamh ar limistéir níos beaichte atá le cur ar aghaidh mar chuid de phróiseas ainmniúcháin an Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe.

Trí shainaithint a dhéanamh ar Mhórlimistéar atá oiriúnach d’fhuinneamh inathnuaite amach ón gcósta, tabharfar aghaidh ar chuid mhór de na laigí atá ann ar an leibhéal náisiúnta. Is iad seo a leanas na torthaí a bheidh ar an obair sin:

- Raon feidhme na measúnachta a chúngú go fothacar den limistéar measúnachta sa Phlean
- Cabhrú le sonraí breise a chur ar áireamh, ar sonraí iad nach raibh oiriúnach dá n-úsáid ar an leibhéal straitéiseach náisiúnta ach atá oiriúnach dá n-úsáid ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil
- Laghdú a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ann le haghaidh srianta agus cabhrú leis na geallsealbhóirí is ábhartha a shainaithint
- Déanfar measúnachtaí timpeallachta ar an leibhéal sin freisin chun bonn eolais a chur faoin obair a dhéanfar chun an Mórlimistéar a bheachtú agus chun na limistéir bharrmhaithe le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta a shainaithint
- Cabhrú le próiseas a dhearadh atá bunaithe ar an dea-chleachtas ó Stáit eile, lena n-áirítear rannpháirtíocht fhairsing geallsealbhóirí
- Cabhrú le geallsealbhóirí sainaithint a dhéanamh ar shaincheisteanna sonracha ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil agus, trí na saincheisteanna sonracha sin a

DRAFT

shainaithint, cabhrú le breithniú a dhéanamh ar shrianta nach bhfuil inbhraite ón anailís náisiúnta ilchritéir

- Cabhrú le treochlár a fhorbairt le haghaidh an limistéar amach ón gcósta a mheas, lena n-áirítear forbairt a dhéanamh ar mheasúnachtaí ar dheiseanna agus ar shrianta, mar aon le measúnachtaí íogaireachta chun sainaithint a dhéanamh ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag cineálacha difriúla teicneolaíochta agus feiste ar an muirthimpeallacht

Mar thoradh ar an raon feidhme geografach a chúngú trí leas a bhaint as sonraí breise agus as eolas breise agus trí chaidreamh a dhéanamh le geallsealbhóirí áitiúla, cuirfear tuilleadh feola ar an mbonn fianaise a cruthaíodh le linn phróiseas OREDP II. Tá an cur chuige sin ag teacht leis an gcur chuige a ghlactar i stáit eile i leith sainaithint a dhéanamh ar limistéir le haghaidh forbairt fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta.

## 11.1 Critéir le haghaidh Roghnúcháin

Tá an anailís spáis atá tuairiscithe i Rannán 8 ina treoir úsáideach maidir le limistéir fhéideartha a léiriú ar an leibhéal straitéiseach náisiúnta. Tugtar inti treoir ardleibhéil ó amharc maidir leis na limistéir ina bhfuil ardlíon deiseanna ann le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta agus maidir le limistéir ina bhféadfadh srianta a bheith ann.

Chun raon feidhme na measúnachta spáis a chúngú sa chéad chéim eile den chreat um pleanáil mhuirí, tá na critéir seo a leanas le cur i bhfeidhm chun sainaithint a dhéanamh ar na Mórlimistéir Leasa thosaigh ar laistigh díobh a d'fhéadfaí Pleananna réigiúnacha nó áitiúla Limistéir Mhuirí Ainmnithe le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta a chruthú don chóras marthanach pleantreoraithe. Níl na critéir thíos liostaithe in ord tosaíochta.

Tá an chéad dá chritéar bunaithe ar an measúnacht theicniúil ar dheiseanna do OREDP II. Is iad sin:

- **An acmhainneacht acmhainne gaoithe le haghaidh teicneolaíocht shnámhach gaoithe**—bainfear spriocanna na hÉireann ó thaobh gaoithe amach ón gcósta de amach ar dtús trí theicneolaíocht fhosaithe gaoithe amach ón gcósta a fhorbairt i réigiúin chósta thoir agus theas na hÉireann. Le OREDP II, cabhrófar le ceann amháin de na gealltanais atá i gClár an Rialtais a chomhlíonadh, is é sin: plean fadtéarmach a fhorbairt chun tairbhe a bhaint as an teicneolaíocht shnámhach gaoithe 30 GW ar a laghad a d'fhéadfadh a bheith ann.

- **An acmhainneacht bhataiméadrachta le haghaidh teicneolaíocht shnámhach gaoithe (doimhneacht uisce idir 60 m agus 100 m)**—cé gur féidir teicneolaíocht shnámhach gaoithe a shuiteáil suas go 1000 m ar shiúl, tá na tionscadail reatha um theicneolaíocht shnámhach gaoithe suiteáilte ag doimhneacht uisce atá sa raon idir 60 m agus 120 m.

Leis na cúig chritéar seo a leanas, cúngaítear na limistéir shainaitheanta arís eile tríd an dá chritéar thuas a chur i bhfeidhm.

- **An fháil ar thacair sonraí áitiúla**—sainaithníodh sa mheasúnacht a rinneadh do OREDP II raon sonraí atá ar fáil ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil. Beifear in ann tuilleadh measúnachta mionsonraithe a dhéanamh ar na sonraí sin laistigh de na Mórlimistéir Leasa. Cabhróidh sé sin le deiseanna agus srianta a shainaithint agus leis na mórlimistéir leasa a bheachtú.
- **Bonneagar ar talamh**—is féidir leis an ngaireacht do bhonneagar ar talamh tacú le fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta a fhorbairt. Mar shampla, tá an ról suntasach atá le himirt ag calafoirt, agus an gá le bonneagar gaolmhar a fhorbairt, maidir le fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta a fhorbairt in Éirinn aitheanta sa Ráiteas Beartais maidir le Fuinneamh Inathnuaite Amach ón gCósta a Éascú ag Calafoirt Tráchtála in Éirinn (an Ráiteas Beartais Il-Chalafoirt).
- **Deiseanna tionsclaíocha**—gabhann deiseanna chun hidrigin ghlas a ghiniúint ó ghaoth amach ón gcósta leis an ngaireacht do limistéir a úsáidtear do mhórghníomhaíochtaí tionscail faoi láthair. Trí Mhórlimistéir a shainaithint i ngaireacht do lárionaid fhéideartha éilimh thionsclaíoch, thacófaí leis na gealltanais ón Rialtas toilleadh 2 GW de ghaoth amach ón gcósta atá curtha i leataobh do hidrigin ghlas a chomhlíonadh.
- **An ghaireacht do lárionaid éilimh**—tá sé tuartha go dtiocfaidh méadú ar an éileamh ar leictreachas thar na deich mbliana atá le teacht, agus cinntíonn dáileadh spáis an éilimh bhreise gur sainaitheanta atá na riachtanais fáis do réigiúin shonracha.
- **Idirnascairí**—mar gheall ar an dul chun cinn ar an teicneolaíocht, ní bheidh an ghaireacht don nasc leis an eangach chomh tábhachtach céanna maidir le láthair an fhuinnimh inathnuaite amach ón gcósta sa todhchaí tar éis freastal ar éilimh intíre. A bhuí le láithreacht idirnascairí, nó le láithreacht bheartaithe idirnascairí, beidh deis ann fuinneamh nach bhfuil ag teastáil chun freastal ar an éileamh intíre a onnmhairiú.

Chabhródh sé sin le ceann amháin de na gealltanais atá i gClár an Rialtais a chomhlíonadh, is é sin go n-éireoidh Éire ina mór-rannchuiditheoir le córas uile-Eorpach um ghiniúint agus tarchur fuinnimh inathnuaite. Bheadh sé ag teacht le conairí eangaí tosaíochta amach ón gcósta a fhorbairt faoin Rialachán leasaithe maidir le líonraí fuinnimh tras-Eorpacha freisin.


Trí na critéir thuas a chur i bhfeidhm, sainaithneofar limistéir ina n-idirghníomhaíonn meascán de ghníomhaíochtaí agus d'úsáidí le chéile.

Sainaithníodh trí Mhórlimistéar Leasa fhéideartha, atá léirithe i Fíor 11-1 Na Mórlimistéir Leasa Fhéideartha, bunaithe ar na critéir bheartaitheFíor 11-1, tar éis na critéir thuas a chur i bhfeidhm ar dtús agus tar éis breithniú a dhéanamh ar na gnéithe agus na gníomhaíochtaí a léarscáilíodh mar chuid d'anailís ilchritéir OREDP II (féach Rannán 8 chun tuilleadh faisnéise a fháil).

- Mórlimistéar na Mara Ceiltí – Thoir
- Mórlimistéar an Iarthair Láir (limistéar na Sionainne/Fhainge)
- Mórlimistéar an Iarthuaiscirt (amach ó chósta Dhún na nGall)

Leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus leis an gcomhairliúchán poiblí ar an dréachtphlean agus ar thuarascálacha gaolmhara, cuirfear bonn eolais eile faoi na critéir bheartaithe agus na Mórlimistéir Leasa a thiocfaidh astu.

DRÉACHT




**Fíor 11-1 Na Mórlimistéir Leasa Fhéideartha, bunaithe ar na critéir bheartaithe**

## 11.2 An Cur Chuige i leith na Limistéir a Bheachtú

Mar atá leagtha amach thuas, tá na critéir a úsáidfear chun Mórlimistéar Leasa a shainaithint bunaithe ar an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus ar an gcomhairliúchán poiblí ar an dréachtphlean, lena n-áirítear na critéir agus na tuarascálacha gaolmhara timpeallachta.

Is ionann sainaithint an Mhórlimistéir agus an chéad chéim den phróiseas le haghaidh sainaithint a dhéanamh ar limistéir atá oiriúnach d'fhorbairt fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta mar chuid den chóras marthanach pleantreoraithe. Níl sé beartaithe go n-ainmneofar an Mórlimistéar ar fad a shainaithneofar.

A luaithe a roghnófar Mórlimistéar Leasa, déanfar measúnacht níos mine air agus reáchtálfar próiseas atriallach um chaidreamh le geallsealbhóirí ina leith. Is féidir go n-áireofar iad seo a leanas leis an anailís bhreise:

- Measúnachtaí ar dheiseanna agus ar shrianta
- Measúnachtaí timpeallachta amhail léarscáiliú íogaireachta fiadhúlra

Is é an toradh a bheidh ar an anailís bhreise ar an Mórlimistéar ná go mbeifear in ann breithniú níos mine a dhéanamh ar dheiseanna agus srianta spáis aonair (an anailís ar shaincheisteanna sonracha) ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil, ar nithe iad nach bhfuil inbhraite ón anailís straitéiseach náisiúnta ilchritéir. Toradh eile a bheidh uirthi is ea go mbeifear in ann breithniú a dhéanamh ar an staid tar éis OREDP II a thabhairt chun críche, amhail láithreáin chosanta ar nós Limistéir Mhuirí faoi Chosaint agus láithreáin Natura 2000 a ainmniú, tosaíochtaí náisiúnta a shainaithint sa Ráiteas Beartais maidir le Pleanáil Mhuirí atá le teacht, agus nithe ar sainaithníodh iad sa Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus sa Mheasúnacht Chuí do OREDP II mar nithe atá le hanailísiú tuilleadh sna measúnachtaí leibhéil íochtair (féach Rannán 10).

Amhail i gcás phróiseas OREDP II, beidh caidreamh le geallsealbhóirí agus rannpháirtíocht phoiblí ina ngné thábhachtach den obair a dhéanfar chun an Mórlimistéar a bheachtú ó thaobh spáis de agus de phróiseas an Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe ina dhiaidh sin.

DRAFT

# 12 OREDP II a Ghlacadh agus a Chur Chun Feidhme

Beidh na nithe seo a leanas i gceist le OREDP II a chur chun feidhme:

- Prionsabail OREDP II a ghlacadh le linn fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta a fhorbairt
- Struchtúr rialachais a bhunú chun an plean a chur chun feidhme agus chun faireachán a dhéanamh air
- Cur chun feidhme a dhéanamh ar an bpróiseas atriallach um an bplean a nuashonrú
- Mórlimistéir Leasa a roghnú agus limistéir atá oiriúnach d'fhuinneamh inathnuaite amach ón gcósta a ainmniú mar chuid den Chóras Marthanach

Is é atá in OREDP II ná próiseas atriallach a bheidh faoi réir athbhreithniú tráthrialta agus bainistiú tráthrialta chun a chinntiú go mbeidh sé ag teacht leo seo:

- An fhaisnéis agus an fhianaise is fearr atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí agus measúnachtaí ó mheasúnachtaí timpeallachta leibhéil íochtair, nuair is gá
- An léarscáiliú íogaireachta comhshaoil a rinneadh ar Mhórlimistéir Leasa
- Forbairtí spáis náisiúnta agus réigiúnacha atá cothrom le dáta, mar shampla nuashonruithe ar an Ráiteas Beartais maidir le Pleanáil Mhuirí agus ar an gCreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí agus gníomhaíochtaí eile sa limistéar muirí.
- Forbairtí teicneolaíochta agus an timpeallacht rialála, mar shampla rochtain ar an eangach

## 12.1 Bainistíocht Oiriúnaitheach

Cuireadh Plean Bainistíochta Oiriúnaithí le chéile chun a chinntiú go mbeidh cur chun feidhme, rialachas agus athbhreithniú atriallach OREDP II éifeachtach. Beidh na nithe seo a leanas i gceist leis sin:

- Faireachán agus meastóireacht leanúnach a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar an tionchar ar an gcomhshaol
- Nuashonruithe atriallacha a dhéanamh chun cur le hathbhreithnithe foirmiúla
- Pleanáil fhreagrúil agus samhaltú freagrúil a dhéanamh chun oiriúnú do na sonraí agus don fhianaise is fearr atá ar fáil agus/nó d'athruithe i ndálaí

DRAFT

- Rannpháirtíocht agus cinnteoireacht trasearnála
- Na riachtanais agus na beartais de chuid roinnt earnálacha éagsúla a chomhtháthú le chéile, lena n-áirítear trí chaidreamh a dhéanamh leis an earnáil iascaigh tríd an nGrúpa Oibre um Bia Mara agus Fuinneamh Inathnuaite Amach ón gCósta, b'fhéidir[18]
- Comhordú agus comhar ar fud earnálacha, institiúidí, gníomhaireachtaí agus údaráis inniúla ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta

Déanfar athbhreithniú ar OREDP II gach cúig bliana ar a laghad. Is féidir go dtionscnófar athbhreithnithe foirmiúla níos luaithe ná sin tar éis nuashonrú suntasach sonraí nó tar éis forbairt shuntasach beartais. Breithneofar sna hathbhreithnithe foirmiúla nuashonruithe beaga incriminteacha ar an mbonn fianaise faoin bPlean Bainistíochta Oiriúnaithí, mar shampla mar thoradh ar fhorbairtí comhshaoil, teicneolaíochta nó socheacnamaíocha atá ag teacht chun cinn agus mar thoradh ar an gcomhthéacs beartais agus rialála i gcoitinne.

Meastar go sainaithneofar i leaganacha amach anseo de OREDP II limistéir atá oiriúnach d'fhuinneamh inathnuaite amach ón gcósta, lena n-áirítear limistéir do Phleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta amach anseo, nuair is féidir. Is féidir go soláthrófar i leaganacha amach anseo den phlean freisin an creat spáis le haghaidh aon bhabhtaí toilithe nó léasaithe i leith fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta amach anseo, más gá.

Tugtar in Aguisín I breac-chuntas ar an gcreat beartaithe le haghaidh an Phlean Bainistíochta Oiriúnaithí.

## 12.2 Struchtúr Rialachais


Is é Grúpa Cur Chun Feidhme a dhéanfaidh Plean Bainistíochta Oiriúnaithí OREDP II a fhorbairt agus a stiúradh. Gheobhaidh sé tacaíocht ó Fhoghrúpa Sonraí, ó Fhoghrúpa Comhshaoil agus ó cibé foghrúpaí earnála eile a mheasfaidh an Grúpa Cur Chun Feidhme a bheith riachtanach. Agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ag gníomhú mar phríomh-Roinn, éascóidh na grúpaí rialachais cur chuige gníomhach uile-Rialtais i leith OREDP II agus cinnteoidh siad comhordú agus cuntasacht i leith soláthar trasearnála.

[18] Bhunaigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an Grúpa Oibre um Bia Mara agus Fuinneamh Inathnuaite Amach ón gCósta i mí Iúil 2022 chun díospóireacht a éascú ar nithe a eascraíonn as an gcaidreamh idir an tionscal bia mara agus an tionscal fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta, chun an dea-chleachtas a chur chun cinn agus a chomhroinnt, agus chun idirchaidreamh a spreagadh le hearnálacha eile sa mhuirthimpeallacht. Agus é faoi chathaoirleacht ag an gCaptaen Robert McCabe, is é aidhm thosaigh an ghrúpa ná prótacal cumarsáide a chomhaontú idir an earnáil bia mara agus an earnáil fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta, ar prótacal é a mbeidh gach comhalta den ghrúpa faoi cheangal aige.

Tabharfar do na grúpaí sin cibé údarás tarmligthe, acmhainní agus tacaíocht rúnaíochta is cuí leis an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

Bunófar na grúpaí rialachais tar éis OREDP II a fhoilsiú. Déanfar comhaltas na ngrúpaí a mheas bunaithe ar ábharthacht agus ar oiriúnacht. Tarraingeofar na croíchomhaltaí ó ranna Rialtais agus ó chomhlachtaí poiblí a mbeidh ról lárnach acu maidir le OREDP II a chur chun feidhme. Is féidir go bhfaighfear ionchur ó gheallsealbhóirí eile freisin, lena n-áirítear geallsealbhóirí ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil.

Maidir leis an nGrúpa Cur Chun Feidhme a bhunófar chun an plean a chur chun feidhme, meastar go dtuairisceoidh sé de réir na samhla rialachais do Thionscadal Muirí Éireann 2040, ar grúpa rialachais é a oibreoidh, nuair a bheidh sé ar bun, faoi bhord soláthair Thionscadal Éireann i gcoitinne chun ceannaireacht agus formhaoirseacht a sholáthar i leith an Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí a chur chun feidhme. Tugtar i Fíor 12-1 forbhreathnú ar an struchtúr rialachais le haghaidh an plean a chur chun feidhme.




**Fíor 12-1: Forbhreathnú ar an struchtúr rialachais do OREDP II a chur chun feidhme**

Ceann amháin de na príomhróil a bheidh ag na grúpaí rialachais is ea formhaoirseacht agus treo straitéiseach a sholáthar i leith Plean Gníomhaíochta Sonraí agus Sceideal um Chomhtháthú Taighde agus i leith beachtú a dhéanamh ar an tsamhail sonraí GIS lena mbuntacófar leis an measúnacht ar OREDP II. Áireofar leis sin breithniú a dhéanamh ar na

hacmhainní a bheidh ag teastáil ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide chun sonraí a bhailiú agus a bhainistiú agus chun taighde a sheoladh agus/nó nascadh isteach le sásraí agus deiseanna cistiúcháin eile. Tugtar i Tábla 11 forbhreathnú ar an struchtúr rialachais do OREDP II a chur chun feidhme agus na feidhmeanna a bheidh ag na grúpaí rialachais faoi seach.

DRÉACHT

**Tábla 11: Rialachas ar Chur Chun Feidhme an Phlean agus Bainistíocht Oiriúnaitheach**

| Comhlacht/Grúpa | Feidhm |
|---|---|
| **An tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide** | Tá sé beartaithe go ndéanfaidh an tAire na nithe seo a leanas:<br>• Údarás a tharmligean chuig an nGrúpa Cur Chun Feidhme agus chuig foghrúpaí eile, de réir mar is gá.<br>• Acmhainní daonna, caipitil agus teicniúla a shannadh, de réir mar is gá, chun rialachas éifeachtach a chinntiú.<br>• Breithniú a dhéanamh ar na moltaí ón nGrúpa Cur Chun Feidhme lena gceadú ag an Rialtas, de réir mar is gá. |
| **An Grúpa Cur Chun Feidhme** | Tá sé beartaithe go ndéanfaidh an Grúpa Cur Chun Feidhme na nithe seo a leanas:<br>• Stiúradh a dhéanamh ar an obair a dhéanfar chun cur chun feidhme éifeachtach straitéiseach OREDP II a chinntiú.<br>• Formhaoirseacht a dhéanamh ar an bPlean Bainistíochta Oiriúnaithí.<br>• Comhairle a thabhairt, agus moltaí a dhéanamh, don Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maidir leis an bPlean a nuashonrú.<br>• Moltaí a dhéanamh don Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maidir leis an bPlean Gníomhaíochta Sonraí agus leis an Sceideal um Chomhtháthú Taighde, lena n-áirítear maidir leis na hacmhainní a bheidh ag teastáil ar fud an Rialtais agus comhlachtaí poiblí chun sonraí a ghabháil agus taighde a dhéanamh.<br>• Teacht le chéile ar bhonn ráithiúil agus tuarascálacha ar dhul chun cinn agus ráitis/meamraim a eisiúint chuig an Rialtas gach bliain. |

DRAFT

| | |
|---|---|
| | • Bheadh sé de rogha ag an nGrúpa Cur Chun Feidhme foghrúpaí eile a bhunú, de réir mar is ábhartha. |
| **An Foghrúpa Sonraí** | Tá sé beartaithe go ndéanfaidh an Foghrúpa Sonraí na nithe seo a leanas:<br>• Comhairle a thabhairt, agus moltaí a dhéanamh, don Ghrúpa Cur Chun Feidhme maidir le riachtanais sonraí, riachtanais taighde, nuashonruithe foirmiúla ar OREDP II, agus bainistíocht oiriúnaitheach leantach.<br>• Caighdeáin agus prótacail a chomhaontú, lena n-áirítear iad sin le haghaidh caighdeáin sonraí, sceidil bhailithe/nuashonraithe sonraí, agus forbairt scileanna i bpríomh-Ranna agus i gcomhlachtaí poiblí.<br>• Ionchur a thabhairt maidir leis an tsamhail sonraí GIS a bhreisiú.<br>• I gcomparáid leis an nGrúpa Cur Chun Feidhme, teacht le chéile ar bhonn níos táthrialta le linn na bliana, de réir mar is cuí do shruthanna oibre sonracha agus do ghníomhaíochtaí sceidil sonracha. |

| | |
|---|---|
| **An Foghrúpa Comhshaoil** | Tá sé beartaithe go ndéanfaidh an Foghrúpa Comhshaoil na nithe seo a leanas:<br>• Faireachán a dhéanamh ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag cur chun feidhme OREDP II ar an gcomhshaol, mar atá sainaitheanta sa Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus sa Mheasúnacht Chuí<br>• Faireachán a dhéanamh ar na héifeachtaí éiginnte iarmharacha a bhíonn ag OREDP II ar an gcomhshaol, mar atá sainaitheanta sa Tuarascáil Timpeallachta<br>• Clár Faireacháin Comhshaoil a bhunú, rud a bheidh nasctha leis an bPlean Gníomhaíochta Sonraí agus leis an Sceideal um Chomhtháthú Taighde.<br>• Faireachán a dhéanamh ar an bhfáil ar shonraí breise chun cur leis an tuiscint atá ann ar shaintréithe agus íogaireachtaí mhuirthimpeallacht na hÉireann<br>• Faireachán a dhéanamh ar aon ainmniúcháin eile chosanta comhshaoil a thiocfaidh chun cinn |
| **Foghrúpaí earnála eile** | Tá sé beartaithe go mbunóidh an Grúpa Cur Chun Feidhme foghrúpaí earnála eile i gcás go measfaidh sé gur gá déanamh amhlaidh. |

Cinnfear comhaltas agus téarmaí tagartha na ngrúpaí tar éis OREDP II a thabhairt chun críche. Déanfar comhaltas a mheas bunaithe ar ábharthacht agus oiriúnacht. Tarraingeofar na croíchomhaltaí ó ranna Rialtais agus ó chomhlachtaí poiblí a mbeidh ról lárnach acu maidir le OREDP II a chur chun feidhme. Is féidir go bhfaighfear ionchur ó gheallsealbhóirí eile freisin, lena n-áirítear geallsealbhóirí ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil. A luaithe a bheidh siad ar bun, forbróidh na grúpaí rialachais a dtéarmaí tagartha le haghaidh na feidhmeanna atá leagtha amach i Tábla 11 thuas a chur chun feidhme.

## 12.3 An Fhianaise is Fearr atá ar Fáil

Cinnteofar leis an bPlean Bainistíochta Oiriúnaithí go ndéanfar athbhreithniú, meastóireacht agus oiriúnú atriallach ar OREDP II chun an fhianaise is fearr atá ar fáil i riocht sonraí agus faisnéise a bailíodh trí na nithe seo a leanas a léiriú:

- Faireachán ar chur chun feidhme OREDP II agus athbhreithniú oiriúnaitheach
- Tionscnaimh thaighde
- Measúnachtaí timpeallachta
- Measúnachtaí ar leibhéal an tionscadail
- Measúnachtaí riosca
- Próisis sainaitheanta an Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe

Breithneofar tosca comhthéacsúla náisiúnta, réigiúnacha agus idirnáisiúnta sa Phlean Bainistíochta Oiriúnaithí freisin, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Nuashonruithe ar reachtaíocht agus ar bheartas
- Forbairtí i bpleanáil spáis
- Earnálacha sonracha amhail iompar muirí agus iascaireacht
- Forbairtí teicneolaíochta le haghaidh toilleadh fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta
- Athruithe sa timpeallacht rialála, amhail rochtain ar an eangach nó ar idirnascairí
- Tosca socheacnamaíocha, amhail nuashonruithe ar an bPlean Forbartha Náisiúnta
- An t-athrú aeráide agus oiriúnuithe gaolmhara, amhail oiriúnuithe ar bhonneagar calafoirt

## 12.4 An Bonn Fianaise a Fhorbairt

Trí fhormhaoirseacht a dhéanamh ar Phlean Gníomhaíochta Sonraí agus ar Sceideal um Chomhtháthú Taighde agus trí chur lena bhfuil iontu, breithneoidh agus molfaidh na grúpaí rialachais conas agus cén uair ba cheart réimsí sainaitheanta a líonadh ar mhaithe le bonn fianaise OREDP II a neartú. Déanfaidh na grúpaí rialachais comhordú i gcomhar le comhlachtaí Rialtais agus Stáit agus le hinstitiúidí taighde/tionscnaimh thaighde atá ann cheana chun a chinntiú:

- Go mbainfear úsáid éifeachtúil straitéiseach as acmhainní chun an bonn fianaise a bhaineann le fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta a fhorbairt agus chun a chinntiú nach mbeidh aon dúbláil oibre ann
- Go gcuirfear an prionsabal um "bailigh uair amháin, úsáid go minic" chun feidhme chun dúbláil oibre a sheachaint agus go mbainfear úsáid chomhsheasmhach éifeachtúil as sonraí agus eolas

DRAFT

- Go mbeidh páirtithe ábhartha ar an eolas faoin obair atá ar bun chun an bonn fianaise a fhorbairt agus go gcuirfear sonraí agus eolas breise san áireamh san athbhreithniú oiriúnaitheach a dhéanfar chun feabhas a chur ar an mbonn fianaise
- Go gcuirfear sonraí agus eolas ar fáil chun bonn eolais a chur faoi leaganacha amach anseo den phlean agus faoi Phleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta

Sainaithníodh freisin sa mheasúnacht sonraí a rinneadh don phlean seo sonraí nach raibh oiriúnach dá n-úsáid sa phlean mar gheall ar an easpa inrochtaineachta sonraí ag an am. Áiríodh leo sin sonraí nach raibh i bhformáid a d'fhéadfaí a chur san áireamh sa tsamhail GIS. Déanfaidh an Grúpa Cur Chun Feidhme breithniú ar conas is fearr is féidir na sonraí agus an t-eolas sin a dhéanamh inrochtana chun bonn eolais a chur faoi leaganacha amach anseo den phlean agus chun sainaithint a dhéanamh amach anseo ar na limistéir is oiriúnaí d'fhuinneamh inathnuaite amach ón gcósta mar chuid de phróiseas an Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe.

De réir mar a dhéantar dul chun cinn ar na gníomhartha sonraí agus ar an taighde lena dtabharfar aghaidh ar réimsí sainaitheanta chun an bonn fianaise a neartú, forbróidh na grúpaí rialachais an bonn fianaise chun bonn eolais a chur faoi leaganacha amach anseo den phlean agus chun sainaithint a dhéanamh amach anseo ar na limistéir is oiriúnaí d'fhuinneamh inathnuaite amach ón gcósta mar chuid de phróiseas an Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe.

## 12.5 Creat Bainistíochta Sonraí

Ba é an toradh a bhí ar an measúnacht sonraí a rinneadh do OREDP II ná gur nuashonraíodh go mór bonn fianaise OREDP I chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt OREDP II agus chun bonn fianaise a sholáthar chun go bhféadfaí sainaithint a dhéanamh amach anseo ar na limistéir is oiriúnaí d'fhuinneamh inathnuaite amach ón gcósta mar chuid de phróiseas an Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe. Trí na logaí maidir le cinntí sonraí, sainaithníodh sna measúnachtaí timpeallachta freisin sonraí nach bhfuil oiriúnach do phlean ar an leibhéal náisiúnta ach atá oiriúnach do na measúnachtaí leibhéil íochtair ar leibhéal an Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe agus ar leibhéal an tionscadail. Féach Rannán 7 chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin measúnacht sonraí. Féach na haguisíní a ghabhann leis an Tuarascáil Timpeallachta chun a fháil amach cé na sonraí, agus cén t-eolas, atá fós le bailiú.

Tá roinnt gníomhartha taighde ar bun ar fud Ranna Rialtais agus comhlachtaí Stáit chun ár mbonn fianaise sonraí muirí a fhorbairt agus chun cur leis an eolas atá againn ar an

muirthimpeallacht. Forbróidh Foghrúpa Sonraí OREDP II próiseas láidir le haghaidh sonraí a chomhordú ar bhealach inbhuanaithe trédhearcach ar fud earnálacha difriúla agus chun a chinntiú go ndéanfar rialachas na dtacar sonraí aonair agus na samhla sonraí í féin a chothabháil de réir mar is gá chun a chinntiú go mbeidh siad úsáideach san fhadtéarma. Forbróidh siad caighdeáin le haghaidh cosaint sonraí, slándála agus rúndachta nuair is cuí freisin, mar shampla nuair a bheifear ag plé le faisnéis dílseánaigh ón lucht tionscail. Déanfaidh an Foghrúpa Comhshaoil faireachán ar an bhfáil ar shonraí breise chun cur leis an tuiscint atá ann ar shaintréithe agus íogaireachtaí mhuirthimpeallacht na hÉireann.

Ba cheart d'obair na ngrúpaí sin díriú freisin ar conas is féidir bonn fianaise OREDP II a fhorbairt trí theicnící uathoibrithe a úsáid gan aon ghá le bailiú sonraí ar muir. A bhuí leis na cineálacha cur chuige sin, méadófar luas an tsoláthair agus laghdófar na tionchair chomhshaoil a bheidh ag baint le hobair sa mhuirthimpeallacht.

Ar mhaithe le creat bainistíochta sonraí OREDP II a fhorbairt, tá sé beartaithe na cúig chritéar a forbraíodh a úsáid mar chuid de OREDP II chun sonraí a mheas lena gcur ar áireamh i bpróiseas forbartha an phlean (féach Rannán 7.2). Is iad seo na cúig chritéar:

- Ábharthacht d'fhuinneamh inathnuaite amach ón gcósta
- Ábharthacht spáis
- Foinse
- Inrochtaineacht
- Bailíocht ó thaobh ama de

## 12.6 Réimsí Téamacha Dírithe

San athbhreithniú ar shonraí a rinneadh do OREDP II, sa Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus sa Mheasúnacht Chuí, sainaithníodh roinnt réimsí ina bhfuil tuilleadh sonraí agus faisnéise ag teastáil. Tá sé beartaithe go ndéanfar athbhreithniú ar na réimsí sin mar chuid d'obair an Phlean Gníomhaíochta Sonraí agus mar chuid de na gníomhartha a dtabharfar tús áite dóibh. Tá roinnt samplaí de na réimsí a tháinig chun cinn le linn na hoibre seo leagtha amach thíos sa rannán seo.

**Deiseanna teicniúla le haghaidh fuinneamh gaoithe:** ba ar na sonraí atá ar fáil faoi luas na gaoithe agus ar dhoimhneacht an uisce a díríodh sa chuid is mó den anailís. B'fhiú inrochtaineacht a bhreithniú freisin ar mhaithe leis an measúnacht sin a bheachtú tuilleadh. Táthar ag súil leis nach mbeifear in ann roinnt láithreacha a rochtain ag amanna áirithe den bhliain i gcás go mbeidh riosca méadaithe stoirmeacha ann. Beidh sé sin ina thoisc

thábhachtach nuair a bheifear ag breithniú cén áit ar cheart feirmeacha gaoithe a shuí, go háirithe i gcás uiscí doimhne atá suite níos faide ar shiúl ón gcladach.

**Gníomhaíocht iascaireachta:** tá easpa sonraí ar fáil faoin iascach cladaigh, maidir le méid spáis na gníomhaíochta agus maidir le luach eacnamaíoch na gníomhaíochta araon.

**Sonraí faoi árthaí loingseoireachta nó fóillíochta:** tá easpa sonraí ar fáil, go háirithe sonraí faoi shoithí atá faoi bhun 12 m ar fad agus atá díolmhaithe ón gceanglas chun VMS a bheith feistithe leo. Is minice a aimsítear na soithí sin sa limistéar cladaigh. Cé nach bhfuil siad chomh hábhartha céanna do mheasúnacht OREDP II, beidh sonraí cladaigh ag teastáil ar leibhéal an Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe agus ar leibhéal an tionscadail.

**Slatiascaireacht áineasa:** táthar ag glacadh leis go n-úsáidfear muiríní mar bhunáit le haghaidh na gníomhaíochta sin ach níl fáil ar shonraí iarbhír faoi na limistéir ná faoin méid gaolmhar gníomhaíochta slatiascaireachta. Bheadh sé sin níos úsáidí ag céim an Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe den mheasúnacht.

**Sonraí faoi loingseoireacht tar éis an Bhreatimeachta:** cé gur úsáideadh na sonraí is cothroime le dáta atá ar fáil sa mheasúnacht, aithnítear go bhfuil tionchar ag tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach go dtí seo ar mhéideanna agus déine ar bhealaí loingseoireachta. Is dóigh go n-éireoidh an tionchar sin níos soiléire sna blianta beaga atá romhainn, ag teacht sna sála ar thionchair phaindéim Covid-19 agus de réir mar a fhilleann leibhéil níos normálta trádála.

**Mar chuid de phróiseas na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta**, bailíodh faisnéis faoi na héifeachtaí a d’fhéadfadh a bheith ag fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta ar an gcomhshaol. Tá na measúnachtaí sin eagraithe de réir cineál teicneolaíochta (Measúnacht ar Theicneolaíocht Fhosaithe Gaoithe, Measúnacht ar Theicneolaíocht Shnámhach Gaoithe, Measúnacht ar Theicneolaíocht Fuinnimh Tonnta agus Measúnacht ar Theicneolaíocht Fuinnimh Taoide) agus is féidir amharc go mion orthu laistigh de na haguisíní a ghabhann leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta.

Léirítear i ngach measúnacht na héifeachtaí a d’fhéadfadh a bheith ann ar an gcomhshaol (fara maolú nó gan mhaolú), an dóigh a mbaineann sé sin le cuspóirí na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta, agus na réimsí inar féidir an bonn fianaise a neartú. Leagtar amach i ngach measúnacht na héifeachtaí a d’fhéadfadh a bheith ag cineál teicneolaíochta fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta ar leith ar na samhlacha seo a leanas:

- An tSamhail Deiseanna Teicniúla
- An tSamhail Eisiamh

- An tSamhail Comhshaoil
- An tSamhail Eacnamaíoch
- An tSamhail Oidhreachta

Rinneadh measúnacht ar gach ceann de na samhlacha sin agus ar chuspóirí, táscairí agus spriocanna na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta, mar atá sainaitheanta laistigh de Chreat na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta. Tá torthaí mionsonraithe leagtha amach in Aguisín 4 a ghabhann leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (Leabhair Oibre 1 go 4), mar aon le hachoimre ar éifeachtaí féideartha.

DRÉACHT

# 13 Conclúidí

Tá an obair a rinneadh mar chuid de OREDP II ina bunchloch thábhachtach don obair a theastaíonn chun cur chuige fadtéarmach a bhunú i leith fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta a fhorbairt in Éirinn (an córas marthanach pleantreoraithe). Mar gheall ar an obair sin, nuashonraíodh an fhaisnéis faoi limistéir a bhfuil acmhainneacht acu le haghaidh teicneolaíocht fuinnimh gaoithe, teicneolaíocht fuinnimh tonnta agus teicneolaíocht fuinnimh taoide. Nuashonraíodh freisin an bonn eolais ar shaintréithe ár spáis mhuirí agus ár ngníomhaíochtaí muirí, ar nithe iad is gá a bhreithniú ar mhaithe le pleanáil éifeachtach spáis mhuirí a dhéanamh.

Ina theannta sin, trí ghrúpaí rialachais agus grúpaí geallsealbhóirí a bhunú, cuireadh leis an tuiscint atá ann ar na hidirghníomhaíochtaí idir fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta agus gníomhaíochtaí earnála eile. Ar an tslí sin, cabhraíodh le sainaithint a dhéanamh ar na hidirghníomhaíochtaí ar leith ar gá iad a bhreithniú tuilleadh ag an gcéad chéim eile, ar lena linn a ainmneofar limistéir le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta. Beidh sé ríthábhachtach caidreamh éifeachtach a dhéanamh le geallsealbhóirí mar chuid den phróiseas sin.

## 13.1 Na Chéad Chéimeanna Eile

Cé gur nuashonraíodh le OREDP an t-eolas atá againn ar an spás muirí ar an leibhéal náisiúnta, is é a bheidh i gceist leis an gcéad chéim eile den obair ná Mórlimistéir Leasa a shainaithint. Tá na critéir atá beartaithe a úsáid chun na limistéir sin a shainaithint leagtha amach sa doiciméad seo lena mbreithniú mar chuid den chomhairliúchán poiblí.

Déanfar cinntí maidir leis na Mórlimistéir Leasa thosaigh tar éis na critéir sin a thabhairt chun críche. Déanfar tuilleadh anailíse mionsonraithe ar na Mórlimistéir sin, go háirithe chun aon íogaireachtaí comhshaoil féideartha a thuiscint. Gné lárnach eile den phróiseas a bheidh i gcaidreamh a dhéanamh le grúpaí geallsealbhóirí, arb é an toradh a bheidh air ar deireadh ná tograí a fhorbairt le haghaidh na limistéar atá le hainmniú. Is é a bheidh i gceist leis an bpróiseas ainmniúcháin, mar atá leagtha amach san Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí, ná ceadú a fháil ón Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, comhairliúchán poiblí a sheoladh, agus ceadú a fháil ón Oireachtas.

## 13.2 OREDP II a Bhainistiú

Cuireadh Plean Bainistíochta Oiriúnaithí le chéile chun cur chun feidhme éifeachtach OREDP II a chinntiú agus chun tacú leis an bplean a rialú agus le hathbhreithniú atriallach a dhéanamh air. Cé go ndéanfar athbhreithniú ar OREDP II gach cúig bliana ar a laghad, is féidir go dtionscnófar athbhreithnithe foirmiúla níos luaithe ná sin tar éis nuashonrú suntasach sonraí nó tar éis forbairt shuntasach beartais. Breithneofar sna hathbhreithnithe foirmiúla nuashonruithe beaga incriminteacha ar an mbonn fianaise faoin bPlean Bainistíochta Oiriúnaithí, mar shampla mar thoradh ar fhorbairtí comhshaoil, teicneolaíochta nó socheacnamaíocha atá ag teacht chun cinn agus mar thoradh ar an gcomhthéacs beartais agus rialála i gcoitinne.


Bunófar Grúpa Cur Chun Feidhme chun cur chun feidhme OREDP II agus an Phlean Bainistíochta Oiriúnaithí a ghabhann leis a bhainistiú. Gheobhaidh sé tacaíocht ó Fhoghrúpa Sonraí, ó Fhoghrúpa Comhshaoil agus ó cibé foghrúpaí earnála eile a mheasfaidh an Grúpa Cur Chun Feidhme a bheith riachtanach. Meastar go dtuairisceoidh an Grúpa Cur Chun Feidhme de réir na samhla rialachais do Thionscadal Muirí Éireann 2040, ar grúpa rialachais é a oibreoidh, nuair a bheidh sé ar bun, faoi bhord soláthair Thionscadal Éireann i gcoitinne chun ceannaireacht agus formhaoirseacht a sholáthar i leith an Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí a chur chun feidhme.

Agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ag gníomhú mar phríomh-Roinn, éascóidh grúpaí rialachais OREDP II cur chuige gníomhach uile-Rialtais i leith OREDP II agus cinnteoidh siad comhordú agus cuntasacht i leith soláthar trasearnála. Tabharfar do na grúpaí sin cibé údarás tarmligthe, acmhainní agus tacaíocht rúnaíochta is cuí leis an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

Bunófar na grúpaí rialachais tar éis OREDP II a fhoilsiú, agus déanfar comhaltas na ngrúpaí a mheas bunaithe ar ábharthacht agus ar oiriúnacht. Tarraingeofar na croíchomhaltaí ó ranna Rialtais agus ó chomhlachtaí poiblí a mbeidh ról lárnach acu maidir le OREDP II a chur chun feidhme. Is féidir go bhfaighfear ionchur ó gheallsealbhóirí eile freisin, lena n-áirítear geallsealbhóirí ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil.

# 14 Aguisín A: Rialachas OREDP II

Cuireadh struchtúr rialachais i bhfeidhm chun an leibhéal comhair tras-Rialtais a bhaint amach a theastaíonn chun OREDP II a sholáthar. Ar aon dul leis an dea-chleachtas ó thaobh pleanála spáis mhuirí de, bhunaigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide Grúpa Stiúrtha, Grúpa Sonraí agus Eolaíoch, agus Grúpa Comhairleach chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt OREDP II. Chuaigh sí i dteagmháil le raon leathan geallsealbhóirí chun ionchur a fháil uathu freisin.




DRAFT

**An Grúpa Stiúrtha**

Soláthraíonn an Grúpa Stiúrtha formhaoirseacht agus ionchur beartais i leith OREDP II i gcoitinne. Déanann sé athbhreithniú ar aschuir ón nGrúpa Sonraí agus Eolaíoch agus ar mholtaí ón Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus ón Measúnacht Chuí, agus tugann sé comhairle ina leith.

Áirítear leis an nGrúpa Stiúrtha ionadaithe ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (lena n-áirítear NPWS), ón Roinn Iompair agus ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Ba é seo a leanas sainchúram an Ghrúpa Stiúrtha faoina Théarmaí Tagartha:

- Comhairle a thabhairt don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maidir le raon feidhme OREDP II agus maidir leis an gcur chuige foriomlán ina leith
- Comhairle a thabhairt maidir le beartais earnála a bhaineann le OREDP II
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na haschuir ón nGrúpa Oibre Sonraí agus Eolaíoch agus aiseolas a thabhairt ina leith

- Athbhreithniú a dhéanamh ar na moltaí a rinneadh sa Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta/sa Mheasúnacht Chuí agus comhairle a thabhairt ina leith
- Ionchur a thabhairt ar thorthaí na gcomhairliúchán poiblí ag céimeanna éagsúla den phróiseas
- Cur chuige uile-rialtais a ghlacadh i leith réitigh ar shaincheisteanna a shainaithint de réir mar a thagann siad chun cinn
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascáil OREDP II agus ionchur a thabhairt ina leith

**An Grúpa Sonraí agus Eolaíoch**

Rinne an Grúpa Sonraí agus Eolaíoch athbhreithniú ar shonraí agus sholáthair sé sonraí a bhí ábhartha do phróiseas OREDP II. Thug sé comhairle freisin maidir le conas is féidir an bonn fianaise sonraí a neartú. Chomh maith leis sin, thug an grúpa oibre sain-ionchur maidir leis na sonraí a cuireadh ar áireamh sa tsamhail GIS. Áirítear iad seo a leanas leis na comhaltaí den Ghrúpa Sonraí agus Eolaíoch:

- GSI
- SEAI
- An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (lena n-áirítear NPWS)
- Foras na Mara
- An Roinn Iompair
- EirGrid

Ba é seo a leanas sainchúram an Ghrúpa Oibre Sonraí agus Eolaíoch:

- Sonraí ábhartha a shainaithint agus a sholáthar chun bonn eolais a chur faoin measúnacht ar acmhainní amach ón gcósta
- Na bearnaí atá ann san eolas reatha nó sna sonraí reatha a bhreithniú agus riachtanais a chur in ord tosaíochta
- Comhairle a thabhairt maidir le srianta agus deiseanna ó thaobh na ndearcthaí earnála éagsúla atá ábhartha d’fhuinneamh inathnuaite amach ón gcósta
- Sain-ionchur a thabhairt maidir leis an tsamhail srianta atá le forbairt, ar samhail í lena sainaithneofar limistéir is iarrthóirí amach anseo le haghaidh forbairt fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta

DRÉACHT

- Dul i dteagmháil leis na sainchomhairleoirí a ceapadh chun an Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta/an Mheasúnacht Chuí a dhéanamh ar mhaithe le hailíniú a chinntiú agus ar mhaithe le dúbláil oibre a sheachaint
- Athbhreithniú a dhéanamh ar fhorbairt thuarascáil OREDP II agus ionchur a thabhairt ina leith

**An Grúpa Comhairleach**

Áirítear leis an nGrúpa Comhairleach geallsealbhóirí ó na colúin eacnamaíocha, chomhshaoil, shóisialta agus acadúla, a chomhroinneann saineolas, eolas agus dearcthaí áitiúla atá ábhartha do OREDP II a chur le chéile. Thug an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide cuireadh do chomhaltaí den Ghrúpa Comhairleach um Pleanáil Spáis Mhuirí, a bunaíodh mar chuid de phróiseas an Chreata Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí, páirt a ghlacadh i nGrúpa Comhairleach OREDP II. Tugadh cuireadh d'eagraíochtaí comhshaoil agus do chomhlachtaí ionadaíocha tionscail triúr ionadaithe ar a mhéad a ainmniú chun páirt a ghlacadh ann freisin. Tugadh cuireadh don lucht léinn agus taighde tríú leibhéal a bhfuil saineolas acu atá ábhartha do OREDP II páirt a ghlacadh i nGrúpa Comhairleach OREDP II chomh maith.

Áirítear iad seo a leanas leis na Comhaltaí den Ghrúpa Comhairleach:

- Faire Cósta na hÉireann
- Coimisinéirí Soilse na hÉireann
- Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach
- Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC)
- Líonra Comhshaoil na hÉireann
- Oifig Forbartha Muirí na hÉireann
- Cumann Calafort na hÉireann
- Grúpa Míolta Móra agus Deilfeanna na hÉireann
- Eagraíocht Iascairí na gCealla Beaga
- MaREI - Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- Cumann an Tionscail Athnuaiteán Muirí
- Cumann Náisiúnta na hÉireann um Ghaoth Amach ón gCósta
- Ollscoil na hÉireann, Gaillimh - Institiúid Uí Riain

- Ollscoil na Banríona, Béal Feirste
- An Líonra Uisce Inbhuanaithe (SWAN Éireann)
- Eagraíocht Táirgeoirí Éisc Dheisceart agus Oirthear na hÉireann
- Eagraíocht Táirgeoirí Éisc Dheisceart agus Iarthar na hÉireann
- Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- Fuinneamh Gaoithe Éireann

Bhí na príomhróil seo a leanas ag an nGrúpa Comhairleach faoina Théarmaí Tagartha:

- Eolas agus saineolas earnála a chur i bhfeidhm le linn athbhreithniú a dhéanamh ar na haschuir ón nGrúpa Oibre Sonraí agus Eolaíoch
- Tacair sonraí ábhartha bhreise a shainaithint lena gcur ar áireamh sna hanailísí
- Cabhrú le bearnaí sonraí a shainaithint agus gníomhartha tosaíochta a mholadh ar mhaithe le bearnaí a líonadh
- Ionchur a thabhairt ar na srianta agus na deiseanna le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta atá ann amach ó chósta na hÉireann, agus leasanna agus gníomhaíochtaí muirí eile á mbreithniú
- Ionchur a thabhairt ar fhorbairt samhla agus athbhreithniú a dhéanamh ar aschuir shamhla chun a chinntiú go nglacfar cur chuige cuimsitheach
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an dréachtleagan de OREDP II agus ionchur a thabhairt ina leith de réir mar a fhorbraítear é

DRAFT

# 15 Aguisín B: An Acmhainneacht Theicniúil Fuinnimh Acmhainne

Chun acmhainneacht na hacmhainne gaoithe amach ón gcósta a mheas sa Limistéar Muirí, breithníodh na toimhdí seo a leanas:

- Limistéar: Na limistéir atá sainaitheanta i Rannán 8.2, áit a bhfuil an meánráta bliantúil luais gaoithe os cionn 7 m in aghaidh an tsoicind. Cé go dtoimhdítear go ndéanfar teicneolaíocht fhosaithe gaoithe a imscaradh i limistéir a bhfuil a gcomhrian doimhneachta idir 10 m agus 60 m, agus go ndéanfar teicneolaíocht shnámhach gaoithe a imscaradh i limistéir a bhfuil a gcomhrian doimhneachta idir 60 m agus 1000 m, toimhdítear an dearadh tuirbín céanna do na meastacháin maidir leis an acmhainn fhosaithe gaoithe agus maidir leis an acmhainn shnámhach gaoithe araon.
- Acmhainn Gaoithe: Tógadh na sonraí gaoithe micreascála ón New European Wind Atlas (NEWA).[19] Ríomhadh an dáileadh gaoithe bliantúil le haghaidh airde moil 150 m trí úsáid a bhaint as feidhm dháileacháin dóchúlachta Weibull.[20]
- Feiste: Faoi Thasc 37 den Chlár um Chomhoibriú Teicneolaíochta Gaoithe de chuid na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh[21], rinneadh cuar cumhachta tuirbín gaoithe chineálaigh 15 MW a dhearadh agus a fhoilsiú[22] atá bunaithe ar na gnáth-thuirbíní gaoithe tráchtála amach ón gcósta a bhí ar an margadh. Baineadh úsáid as an gcuar cumhachta tuirbín gaoithe tagartha sin sa ríomh.
- Táirgeadh fuinnimh: ríomhtar an táirgeadh fuinnimh bliantúil do gach tuirbín bunaithe ar fheidhm dháileacháin Weibull na hacmhainne gaoithe agus ar an gcuar cumhachta tuirbín.
- Spásáil idir feistí: Meastar spásáil idir feistí atá cothrom le 7D x 7D, áit a seasann 'D' do thrastomhas an rótair, a bheith ar an spásáil is fearr laistigh d'eagair. Tháirgfeadh spásáil den sórt sin dlús cumhachta cúig mheigeavata in aghaidh an chiliméadair chearnaigh ($MW/km^2$). Rinneadh dlús cumhachta níos ísle – 3 $MW/km^2$ – a úsáid san

[19] https://map.neweuropeanwindatlas.eu/. Mar gheall ar na laigí i sonraí acmhainne gaoithe NEWA laistigh de dhá limistéar, Banc Porcupine – thiar agus Goban Spur – theas, áit a bhfuil doimhneacht an uisce sa raon idir 200 m agus 1000 m, measadh an acmhainn gaoithe amach ón gcósta trí úsáid a bhaint as na meánluachanna ag imeall an chisil GIS a cruthaíodh sa tsamhail ag an teorainn idir an dá limistéar sin.

[20] Idirshuíodh an fhaisnéis seo ó na tacair sonraí 100 m agus 200 m.

[21] https://iea-wind.org/

[22] https://github.com/IEAWindTask37/IEA-15-240-RWT

DRAFT

anailís seo, áfach, chun aird a thabhairt ar athlánú réasúnach marbhshrutha in eagair mhóra agus ar an éiginnteacht maidir leis an dlús a réadófar mar gheall ar theorainneacha idirnaisc, ar theorainneacha cábla, ar thionchair mharbhshrutha, lena n-áirítear tionchair ó limistéir léasa neasacha, agus ar thosca eile dearaidh gléasra atá sonrach don láithreán.[23,24]

- Caillteanais: Ba iad na príomhchaillteanais a breithníodh ná na caillteanais mharbhshrutha, na caillteanais leictreacha agus na caillteanais infhaighteachta. Is iad na caillteanais iomlána a breithníodh san anailís seo ná an luach airmheáin (17.5%). Cé gur breithníodh caillteanais mharbhshrutha laistigh de gach eagar, á thoimhdiú go mbeadh 100 tuirbín ann i ngach feirm ghaoithe, níor measadh go hiomlán an éifeacht mharbhshrutha charnach a bheadh ag feirmeacha gaoithe aidiúnacha.

Chun acmhainneacht na hacmhainne tonnta amach ón gcósta a mheas sa limistéar muirí, breithníodh na toimhdí seo a leanas:

- Limistéar: Na limistéir atá sainaitheanta i Rannán 8.2, áit a bhfuil an chumhacht tonnta níos mó ná 20 kW/mWC (cileavata in aghaidh an mhéadair de chírín) agus a bhfuil an doimhneacht sa raon idir 10 m agus 200 m.
- Acmhainn tonnta: fuarthas sonraí suntasacha faoi thonnairde agus faoi thonntréimhse a théann 20 bliain siar ó shamhail ‘Atlantic- European North West Shelf- Wave Physics Reanalysis’ de chuid Copernicus Marine Service (CMS).[25] Fuarthas sonraí le haghaidh maitrís cumhachta tonnta sa litríocht sin.[26]
- Feiste: rinneadh Tiontairí Hipitéiseacha Fuinnimh Tonnta a mheas bunaithe ar thionscadal SELKIE.[27]
- Táirgeadh fuinnimh: rinneadh an táirgeadh fuinnimh bliantúil do gach tiontaire fuinnimh tonnta aonair a ríomh bunaithe ar an bhfeidhm maitríse cumhachta tonnta

DRÉACHT

[23] 2022 Offshore Wind Energy Technical Potential for the Contiguous United States

[24] 2016 Offshore Wind Energy Resource Assessment for the United States

[25] Copernicus Marine Service, “Copernicus Marine Service,” 2022. [Ar líne]. Ar fáil: https://marine.copernicus.eu/ [Arna rochtain an 11 05 2022].

[26] B. Robertson, C. Hiles, E. Luczko agus B. Buckham, “Quantifying wave power and wave energy converter array production potential,” International Journal of Marine Energy, iml. 14, lgh 143-160, 2016.

[27] https://www.selkie-project.eu/

ag láthair ar leith agus ar chuar cumhachtdúiseachta tiontaire fuinnimh tonnta ilchineálaigh.

- Spásáil idir feistí: rinneadh eagair theoiriciúla tiontairí fuinnimh tonnta a scaradh 10 km óna chéile, agus spásáil 150 m ann idir na tiontairí aonair laistigh de gach eagar.
- Caillteanais: bhí na caillteanais comhdhéanta de chaillteanais mharbhshrutha 5%, de chaillteanais líne 5%, agus d'infhaighteacht 75%.[28]

Chun acmhainneacht na hacmhainne taoide amach ón gcósta a mheas sa limistéar muirí, breithníodh na toimhdí seo a leanas:

- Limistéar: Na limistéir atá sainaitheanta i Rannán 8.2, áit a bhfuil an buaicshruth earraigh níos mó ná 1.2 m in aghaidh an tsoicind agus i ndoimhneachtaí uisce atá sa raon idir 20 m agus 80 m.
- Acmhainn taoide: Fuarthas sonraí faoi threoluas srutha a théann bliain amháin siar ó shamhail 'Atlantic-European North West Shelf - Ocean Physics Analysis and Forecast' de chuid NEMO (Nucleus for European Modelling of the Ocean), rud atá bunaithe ar shamhail réamhaisnéise Aigéan Atlantach Thuaidh Oifig Meitéareolaíochta na Ríochta Aontaithe, ar tháirge réamhaisnéise Mhuir Bhailt CMEMS, agus ar shamhail Tuair Uimhriúil Aimsire ECMWF.[29]
- Feiste: Rinneadh sonraí cuair cumhachta, atá ar fáil go hoscailte ar líne do Thiontaire Fuinnimh Taoide 1.5 MW SIMEC Atlantis, a úsáid do na meastacháin maidir le fuinneamh taoide.[30]
- Spásáil idir feistí: Rinneadh spásáil idir feistí taoide atá cothrom le dhá oiread thrastomhas an tuirbín agus spásáil 10 km idir eagair a úsáid sna ríomhanna.
- Caillteanais: Úsáideadh meastacháin choimeádacha spásála in éagmais sonraí faoi chaillteanais a bhaineann le feistí fuinnimh taoide.

DRAFT

[28] O'Connor, M., Lewis, T., Dalton, G. (2013), 'Operational expenditure costs for wave energy projects and impacts on financial returns', Renewable Energy, 50, 1119-1131

[29] https://www.nemo-ocean.eu/

[30] SIMEC Atlantis Energy, "Twitter," 14 08 2018. [Ar líne]. Ar fáil: https://twitter.com/simecatlantis?lang=en. [Arna rochtain an 26 10 2021]

# 16 Aguisín C: Sonraí faoi Dheiseanna Teicniúla

| TÉAMA | TACAR SONRAÍ | FOINSE | DÁTA | NÍ ATÁ TAOBH THIAR DEN TÉAMA SEO |
|---|---|---|---|---|
| **Limistéar Leasa** | Imeallbhord Barr Láin + Uiscí Inmheánacha na hÉireann + Limistéar Eacnamaíoch Eisiach na hÉireann | Rannán Geo-eolaíochta na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide | 2014 | Is é seo an chéad limistéar leasa i Limistéar Eacnamaíoch Eisiach na hÉireann ar laistigh de is féidir fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta a fhorbairt. Sainaithníodh an limistéar leasa trí úsáid a bhaint as teorainneacha forimeallacha an limistéir a bhfuiltear ag súil leis go mbeifear in ann fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta (teicneolaíocht shnámhach gaoithe) a fhorbairt thar shaolré OREDP II. |
| | Acmhainneacht Limistéar Acmhainne OREDP ina bhfuil doimhneacht an uisce idir 10 m agus 1000 m | OREDP II | 2021 | |
| **Teicneolaíocht Fhosaithe Gaoithe** | Acmhainn Theicniúil Gaoithe:<br><br>>=Meánráta bliantúil 7 m in aghaidh an tsoicind ag 100 m os cionn mheánleibhéal na mara | OREDP II | 2014 | Tá doimhneacht uisce idir 10 m agus 60 m oiriúnach do thuirbíní fosaithe gaoithe. Níl tuirbíní fosaithe gaoithe chomh hindéanta céanna ón taobh teicniúil de in áiteanna inar mó doimhneacht an uisce ná 60 m. |

DRÉACHT

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Doimhneacht uisce idir 10 m agus 60 m | | | |
| **Teicneolaíocht Shnámhach Gaoithe** | Acmhainn Theicniúil Gaoithe:<br><br>>=Meánráta bliantúil 7 m in aghaidh an tsoicind ag 100 m os cionn mheánleibhéal na mara<br><br>Doimhneacht uisce idir 60 m agus 200 m | OREDP II | 2014 | Tá teicneolaíocht shnámhach gaoithe amach ón gcósta indéanta faoi láthair laistigh de dhoimhneacht uisce faoi bhun 200 m. |
| **Teicneolaíocht Shnámhach Gaoithe** | Acmhainn Theicniúil Gaoithe:<br><br>>=Meánráta bliantúil luais gaoithe 7 m in aghaidh an tsoicind ag 100 m os cionn mheánleibhéal na mara | OREDP II | 2021 | Bunaithe ar réamhaisnéisí reatha, is féidir talamh slán a dhéanamh de le réasún go mbeidh teicneolaíocht shnámhach gaoithe amach ón gcósta ina teicneolaíocht aibí faoin mbliain 2030 agus gur dóigh go mbeidh sé i mbarr a réime ó thaobh |



DRÉACHT

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Doimhneacht uisce idir 200 m agus 1000 m | | | teicneolaíocht tuirbín de idir na blianta 2030 agus 2040. Tugtar le fios i dtaighde gur féidir ardáin shnámhacha áirithe a imscaradh i ndoimhneacht uisce faoi bhun 1000 m. Tá an teorainn doimhneachta uisce 1000 m le haghaidh gaoth amach ón gcósta ag teacht lena bhfuil sa tacar sonraí dar teideal ENSPRESO - WIND - ONSHORE and OFFSHORE ó Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh (2019), rud lenar tacaíodh leis an Teachtaireacht REPowerEU ón gCoimisiún Eorpach. |
| **Teicneolaíocht Fuinnimh Tonnta** | Acmhainn Theicniúil Tonnta:<br>>=Círín 20 kW in aghaidh an mhéadair<br>Doimhneacht uisce idir 10 m agus 100 m | OREDP II (OREDP I móide sonraí inlíontacha ó EirWind) | 2021 | Sainaithníodh an phríomhacmhainn i limistéar inar mó cumhacht na dtonnta ná 20 kW/mWC.<br>Rinneadh an acmhainn fuinnimh tonnta a scoilteadh ina hacmhainní uisce éadoimhne (idir 10 m agus 100 m) agus ina |

DRÉACHT

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Acmhainn Theicniúil Tonnta:<br>>=Círín 20 kW in aghaidh an mhéadair<br>Doimhneacht uisce idir 100 m agus 200 m | OREDP II (OREDP I móide sonraí inlíontacha ó EirWind) | 2021 | hacmhainní uisce doimhne (idir 100 m agus 200 m). Sa ghearrthéarma, is dóigh go bhforbrófar teicneolaíocht fuinnimh tonnta ar dtús i limistéir éadoimhne ina bhfuil an doimhneacht idir 10 m agus 100 m. Forbrófar teicneolaíocht fuinnimh tonnta i limistéir níos doimhne san fhadtéarma. |
| **Teicneolaíocht Fuinnimh Taoide** | Acmhainn Theicniúil Srutha Taoide:<br>>Buaicshruth earraigh 1.2 m in aghaidh an tsoicind<br>Doimhneacht uisce idir 20 m agus 80 m | OREDP I | 2014 | Bíonn doimhneacht na meán-bhuaicshruthanna taoide earraigh in uiscí na hÉireann cothrom le 2 m in aghaidh an tsoicind ar a mhéad.<br>Sainaithníodh an phríomhacmhainn srutha taoide i limistéar inar mó an buaicshruth earraigh ná 1.2 m in aghaidh an tsoicind.<br>Tá an phríomhacmhainn srutha taoide lonnaithe i ndoimhneacht uisce idir 20 m agus 80 m. |

DRÉACHT

# 17 Aguisín D: Sonraí Eisiamh

| TÉAMA | TACAR SONRAÍ | | FOINSE | DÁTA | MAOLÁN | NÍ ATÁ TAOBH THIAR DEN TÉAMA SEO |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Teorainn mhuirí sheachtrach - Limistéar Leasa** | Sonraí ó OREDP I faoi theorainn sheachtrach na teicneolaíochta fosaithe/snámhaí fuinnimh gaoithe | | An Rannán Geo-eolaíochtaí, An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide | 2021 | N/B | Leis an eisiamh seo, socraítear an teorainn sheachtrach de Limistéar Leasa OREDP II ag an gcomhrian doimhneachta uisce 1000 m. Is é sin an uasteorainn theoiriciúil reatha ag ar féidir le tuirbín snámhach gaoithe amach ón gcósta oibriú, de réir taighde ón lucht tionscail agus ón lucht léinn. |
| **Teorainn talún** | Sraith Ireland Discovery 1:50 k | | Suirbhéireacht Ordanáis Éireann | 2021 | N/B | Ní chuirtear mórchríoch na hÉireann ar áireamh i samhail OREDP II, toisc nach bhféachtar inti ach amháin ar limistéir mhuirí chladaigh agus ar limistéir mhuirí amach ón gcósta. |
| **Trácht Muirí** | Crios Eisiamh Scéim Scartha Tráchta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta | | Oifig Hidreagrafach na Ríochta Aontaithe | 2021 | Cúig mhuirmhíle | Aithnítear sa Chreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí a thábhachtaí atá bealaí loingseoireachta don gheilleagar náisiúnta. Is é is Scéimeanna Scartha Tráchta ann ná limistéir |

DRÉACHT

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Limistéar Lánaí Scéim Scartha Tráchta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta | | Oifig Hidreagrafach na Ríochta Aontaithe | 2021 | Cúig mhuirmhíle ar an mbealach isteach agus dhá mhuirmhíle ar an mbealach comhthreomhar | mhuirí rialáilte, amhail calafoirt ghnóthacha, lena gcinntítear go seoltar longa san aon treo amháin agus go seachnaítear imbhuailtí.<br>Tá na heisiaimh seo ag teacht leis na rialacháin a leagadh síos leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir agus leis na rialacháin ón Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta. Tá na maoláin bunaithe ar Fhógra Treorach Muirí (MGN) 654 ón Ríocht Aontaithe. |
| | Timpeallán Scéim Scartha Tráchta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta | | Oifig Hidreagrafach na Ríochta Aontaithe | 2021 | N/B | |
| | Limistéar Ancaireachta Cois Cósta | | Oifig Hidreagrafach na Ríochta Aontaithe | 2021 | Dhá mhuirmhíle | Tá an maolán bunaithe ar an ngá atá ann le spás a chur i leataobh chur gur féidir le soithí a mbealach a dhéanamh chuig an limistéar ancaireachta agus casadh. |
| | Bealaí Loingseoireachta Ard-Dlúis | | Gníomhaíochtaí Daonna EMODnet | 2020 | Muirmhíle amháin | Cuireadh eisiaimh i bhfeidhm i leith limistéir inar mó an dlús tráchta tromshoithí ná 10 n-uaire an chloig, ar an mbonn gur féidir go mbeidh suas le muirmhíle amháin ag teastáil ó longa móra chun gur féidir leo ionramháil sna |

DRÉACHT

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | limistéir sin. Cuireadh maolán breise atá idir muirmhíle amháin agus dhá mhuirmhíle i bhfeidhm i leith an tacair sonraí seo sa tsamhail eacnamaíoch. |
| **Toibreacha ar Fionraí** | Toibreacha Taiscéalaíochta ar Fionraí (13 cinn san iomlán sa Mhuir Cheilteach) | | Rannán Geo-eolaíochta na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide | 2022 | 500 m | Is bonneagar crua iad toibreacha ola agus gáis ar fionraí. Tríd is tríd, meastar iad a bheith neamh-chomhoiriúnach le forbairt eile san aon limistéar amháin. Láithreáin atá faoi réir Ordú um Shuiteáil a Chosaint faoin Acht um an Scairbh Ilchríochach, 1968, lena mbunaítear criosanna sábháilteachta timpeall suiteálacha amach ón gcósta agus lena gcuirtear toirmeasc, tríd is tríd, ar longa dul isteach sa chrios. Tá an maolán bunaithe ar Fhógraí Muirí ar eisigh an Roinn Iompair iad i leith toibreacha ar fionraí ón mbliain 2000 i leith. |
| **Láithreán Tástála Fuinnimh Inathnuaite** | Teorainn Láithreán Tástála Ceathrú Scála Chuan na Gaillimhe agus teorainn Láithreán | | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann/Atlas Muirí na hÉireann | 2010 | N/B | Tríd is tríd, meastar na saoráidí ceadúnaithe tástála agus taispeána le haghaidh fuinneamh inathnuaite muirí atá ann cheana a bheith neamh-chomhoiriúnach le forbairt nua fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta laistigh den aon |

DRÉACHT

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Tástála Fuinnimh Mhuirí an Atlantaigh | | | | | limistéar muirí amháin. Níor cuireadh aon mhaolán i bhfeidhm ina leith toisc gur limistéir shainithe iad. |
| **Cáblaí agus Píblínte** | Píblíne Gháis | | Píblínte EMODnet | 2017 | Dhá mhuirmhíle (muirmhíle amháin ar cheachtar taobh den phíblíne) | Áirítear leis na cuspóirí le haghaidh tarchur fuinnimh faoin gCreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí an dá phíblíne idirnascaire gáis nádúrtha atá ann cheana a chosaint, agus iad ríthábhachtach maidir le slándáil sholáthar fuinnimh na hÉireann a chinntiú. Tá an maolán bunaithe ar Bheartas Tarchurtha 5 faoin gCreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí, rud lena bhforáiltear go seachnófar tograí le haghaidh gníomhaíochtaí tógála nó oibríochtúla laistigh de mhuirmhíle amháin ar cheachtar taobh den dá phíblíne idirnascaire gáis nádúrtha atá ann cheana. |
| | Cáblaí Teileachumarsáide | | Cábla Fomhuirí KIS-ORCA | 2021 | 750 m | Aithnítear sa Chreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí a thábhachtaí atá cáblaí teileachumarsáide, agus é ar cheann amháin de na cuspóirí atá leis an gCreat na cáblaí teileachumarsáide atá ann cheana a chosaint. |

DRÉACHT

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | Tá an maolán bunaithe ar Threoirlíne Uimh. 6 ó Chumann Cáblaí Fomhuirí na hEorpa maidir le ‘Gaireacht Suiteálacha Fuinnimh Inathnuaite Amach ón gCósta agus Bonneagair Cáblaí Fomhuirí in Uiscí na Ríochta Aontaithe’, rud ina moltar crios oibre (500 méadar) agus limistéar guaiseacha (250 méadar). |
| | Cáblaí Leictreachais | | Cábla Fomhuirí KIS-ORCA | 2021 | 750 m | Tá an t-eisiamh seo do cháblaí bunaithe ar Threoirlíne Uimh. 6 ó Chumann Cáblaí Fomhuirí na hEorpa maidir le ‘Gaireacht Suiteálacha Fuinnimh Inathnuaite Amach ón gCósta agus Bonneagair Cáblaí Fomhuirí in Uiscí na Ríochta Aontaithe’, rud ina moltar crios oibre (500 méadar) agus limistéar guaiseacha (250 méadar). |
| **Idirnascairí** | Idirnascairí Leictreachais EirGrid | | Líonraí BSL (EirGrid) | 2021 | Maolán 750 m ar a laghad do gach idirnascaire leictreachais | Aithnítear idirnascairí leictreachais mar bhonneagar criticiúil náisiúnta sa Chreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí. Aithnítear ann freisin a thábhachtaí atá tarchur leictreachais |
| | An tIdirnascaire Thoir-Thiar (Éire-An Ríocht Aontaithe) | | Cábla Fomhuirí KIS-ORCA | 2021 | | |

DRÉACHT

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Idirnascaire Greenlink (Éire-An Ríocht Aontaithe) | | Greenlink Interconnector Limited | 2022 | | do shlándáil an tsoláthair agus don aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin.<br>Tá an maolán bunaithe ar Threoirlíne Uimh. 6 ó Chumann Cáblaí Fomhuirí na hEorpa maidir le ‘Gaireacht Suiteálacha Fuinnimh Inathnuaite Amach ón gCósta agus Bonneagair Cáblaí Fomhuirí in Uiscí na Ríochta Aontaithe’, rud ina moltar crios oibre (500 méadar) agus limistéar guaiseacha (250 méadar). |
| | An tIdirnascaire Ceilteach (Éire-An Fhrainc) | | EirGrid | 2022 | | |
| **Áiseanna Fosaithe don Loingseoireacht** | Tithe solais | | Coimisinéirí Soilse na hÉireann | 2021 | 500 m | Aithnítear sa Chreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí go ngníomhaíonn áiseanna don loingseoireacht mar bhonneagar criticiúil don loingseoireacht shábháilte. Tríd is tríd, meastar áiseanna fosaithe loingseoireachta amhail bonneagar crua dochorraithe a bheith neamh-chomhoiriúnach le forbairt fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta laistigh den aon limistéar muirí amháin. Tá an t-eisiamh seo ag teacht leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir. |

DRÉACHT

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Dumpáil ar Farraige** | Faireachán na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil ar Dhumpáil Ceimiceán ar Farraige (Limistéar) | | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil/Na hAchtanna um Dhumpáil ar Farraige (1996 agus 2009) | 2016-2019 | 500 m | Aithnítear sa Chreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí nach mór gach gníomhaíocht mhuirí a dhéanamh ar bhealach a laghdaíonn an dóchúlacht go nginfear bruscar muirí. Cé gur laghdaíodh go mór an méid dumpála a dhéantar, agus a ghuaisí atá an dumpáil a dhéantar, a bhuí le hathruithe i reachtaíocht agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta, d'fhéadfadh láithreáin ghníomhacha dumpála a bheith ina nguais le haghaidh gníomhaíochtaí tógála, suiteála agus cothabhála muirí. Maidir leis an acmhainneacht atá ann teacht ar ábhar láithreáin diúscartha nó an t-ábhar sin a athdháileadh, is féidir léi éifeachtaí diúltacha a bheith aici ar an mbithéagsúlacht mhuirí, ar an iascach agus ar an dobharshaothrú agus ba cheart í a sheachaint. |
| **Láithreáin dobharshaothraithe** | Láithreáin dobharshaothraithe a bhfuil ceadúnas imeall trá acu | | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | 2021 | N/B | Tá an dobharshaothrú ina chuid dhílis de gheilleagar cósta na hÉireann, agus é comhdhéanta go príomha de tháirgeadh speiceas iasc eite, sliogiasc agus feamainn. Tá ceadúnas dobharshaothraithe ag teastáil do na |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | gníomhaíochtaí sin. Tríd is tríd, meastar láithreacha atá ceadúnaithe don dobharshaothrú a bheith neamh-chomhoiriúnach le forbairt fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta laistigh den aon limistéar muirí amháin. |

DRÉACHT

# 18 Aguisín E: Tosca Comhshaoil

| TÉAMA | TACAR SONRAÍ | FOINSE | DÁTA |
|---|---|---|---|
| **Limistéir Chaomhantais Speisialta** | Murlaigh Chósta | NPWS - Cuspóirí Caomhantais Gnáthóg | 2021 |
| | Inbhir | NPWS - Cuspóirí Caomhantais Gnáthóg | 2021 |
| | Bánna Cósta Móra Éadoimhne | NPWS - Cuspóirí Caomhantais Gnáthóg | 2021 |
| | Sceireacha | NPWS - Cuspóirí Caomhantais Gnáthóg | 2021 |
| | Oitreacha Gainimh | NPWS - Cuspóirí Caomhantais Gnáthóg | 2021 |
| | Dumhcha | NPWS - Cuspóirí Caomhantais Gnáthóg | 2021 |
| | Riasc Goirt i Limistéar Caomhantais Speisialta | NPWS - Cuspóirí Caomhantais Gnáthóg | 2021 |
| | Réileáin Láibe Taoide agus Réileáin Ghainimh Taoide | NPWS - Cuspóirí Caomhantais Gnáthóg | 2021 |
| | Aillte Cósta | NPWS - Cuspóirí Caomhantais Gnáthóg | 2021 |
| | Cineálacha Pobail Mhuirí | NPWS - Cuspóirí Caomhantais Gnáthóg | 2021 |
| | Pluaiseanna Mara | NPWS - Cuspóirí Caomhantais Gnáthóg | 2021 |
| | Deilfeanna i Limistéar | NPWS - Cuspóirí Caomhantais Speiceas | 2021 |

DRAFT

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Caomhantais Speisialta | | |
| | Rón Glas | NPWS - Cuspóirí Caomhantais Speiceas | 2021 |
| | Muc Mhara | NPWS - Cuspóirí Caomhantais Speiceas | 2021 |
| | Rón Beag | NPWS - Cuspóirí Caomhantais Speiceas | 2021 |
| | Madra Uisce | NPWS - Cuspóirí Caomhantais Speiceas | 2021 |
| | Limistéar Caomhantais Speisialta Amach ón gCósta | NPWS | 2018 |
| **Limistéir Chosanta Speisialta** | Limistéar Cosanta Speisialta Amach ón gCósta | NPWS | 2021 |
| **Limistéir Oidhreachta Nádúrtha** | Limistéar Oidhreachta Nádúrtha | NPWS | 2019 |
| | Limistéar Beartaithe Oidhreachta Náisiúnta | NPWS | 2015 |
| **Limistéir atá Tábhachtach d'Éin** | Limistéir atá Tábhachtach d'Éin | BirdLife DataZone | 2018 |
| **RAMSAR** | Bogaigh | NPWS | 1985-2021 |
| **OSPAR** | Gnáthóga atá ag Meath agus atá faoi Bhagairt | OSPAR | 2015 |

DRAFT

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Limistéir Ard-Dlúis ObSERVE** | Aershuirbhéanna ObSERVE ar Éanlaith Mhara agus Céiticigh i gCiumhais Atlantach na hÉireann | An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide | 2015-2017 |
| **Láithreacha Sceathraí Scadán** | Láthair Sceathraí Scadán | Foras na Mara | 2014 |

DRÉACHT

# 19 Aguisín F: Sonraí faoi Ghníomhaíochtaí Eacnamaíocha

| TÉAMA | TACAR SONRAÍ | FOINSE | DÁTA |
| --- | --- | --- | --- |
| Iascaireacht Chladaigh | Gníomhaíocht Iascaireachta Cladaigh Tráil Grinnill (measúnacht Natura 2000) | Atlas Muirí na hÉireann (Foras na Mara) | 2014 |
| | Gníomhaíochtaí Iascaireachta Cladaigh um Shaothrú Faochan (Foras na Mara) | Atlas Muirí na hÉireann (Foras na Mara) | 2014 |
| | Gníomhaíocht Iascaireachta Dreidireachta (measúnacht Natura 2000) | Atlas Muirí na hÉireann (Foras na Mara) | 2014 |
| | Gníomhaíocht Iascaireachta le Dorú (measúnacht Natura 2000) | Atlas Muirí na hÉireann (Foras na Mara) | 2014 |
| | Gníomhaíocht Iascaireachta Tráil Meánuisce (measúnacht Natura 2000) | Atlas Muirí na hÉireann (Foras na Mara) | 2014 |
| | Gníomhaíocht Iascaireachta le Potaí (measúnacht Natura 2000) | Atlas Muirí na hÉireann (Foras na Mara) | 2014 |
| | Gníomhaíocht Iascaireachta Cladaigh le Líon (measúnacht | Atlas Muirí na hÉireann (Foras na Mara) | 2014 |

DRAFT


| | | | |
|---|---|---|---|
| | Natura 2000) | | |
| **Bealaí Dlúis Loingseoireachta AIS** | ≤1275 huaire an chloig | Gníomhaíochtaí Daonna EMODnet: Dlús Bealaí EMSA | 2020 |
| | ≤ 2874 huaire an chloig | Gníomhaíochtaí Daonna EMODnet: Dlús Bealaí EMSA | 2020 |
| | ≤ 7408 n-uaire an chloig | Gníomhaíochtaí Daonna EMODnet: Dlús Bealaí EMSA | 2020 |
| | ≤ 17516 huaire an chloig | Gníomhaíochtaí Daonna EMODnet: Dlús Bealaí EMSA | 2020 |
| **Mianraí** | Suiteálacha táirgthe ola agus gáis | EMODnet Geology WP7 Minerals (Hidreacarbóin) | 2021 |
| | Údaruithe Peitriliam - Údaruithe Reatha (Ceadúnú agus Taiscéalaíocht) | An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide | 2021 |
| | Comhiomláin Mhuirí | Aighneacht Geolaíochta EMODnet | 2019 |
| **Déine Iascaireachta** | Déine Iascaireachta ICES | An Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) | 2014-2018 |

# 20 Aguisín G: Sonraí Oidhreachta

| TÉAMA | TACAR SONRAÍ | FOINSE | DÁTA |
|---|---|---|---|
| UNESCO | Láithreáin Oidhreachta Domhanda UNESCO | UNESCO | 2022 |
| | Bithsféar Chuan Bhaile Átha Cliath UNESCO (Croí-Limistéar) | Bithsféar Chuan Bhaile Átha Cliath | 1981-2021 |
| | Bithsféar Chuan Bhaile Átha Cliath UNESCO (Idirchrios Muirí) | Bithsféar Chuan Bhaile Átha Cliath | 1981-2021 |
| | Bithsféar Chuan Bhaile Átha Cliath UNESCO (Crios Maolánach Muirí) | Bithsféar Chuan Bhaile Átha Cliath | 1981-2021 |

DREACHT

# 21 Aguisín H: Forbhreathnú ar Phróiseas Reachtúil an Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe



# 22 Aguisín I: Creat le haghaidh Phlean Bainistíochta Oiriúnaithí OREDP II

Creat le haghaidh Plean Bainistíochta Oiriúnaithí a ndéanfaidh grúpaí rialachais OREDP II formhaoirseacht air, bunaithe ar na treoirlínte coincheapúla ó na Náisiúin Aontaithe maidir le Pleanáil Spáis Mhuirí agus Bainistiú Comhtháite na Limistéar Cósta.[31]

1. **Leag paraiméadair síos le haghaidh formhaoirseacht a dhéanamh ar OREDP II**

- Sainaithin príomhtháscairí feidhmíochta.
- Leag creataí ama síos le haghaidh gníomhaíochtaí, cuspóirí agus freagrachtaí.
- Tabhair comhairle maidir le cineálacha cur chuige faireacháin, maidir le táscairí cuí feidhmíochta cur chun feidhme agus maidir le heatraimh athbhreithnithe.
- Comhaontaigh na critéir lena spreagfar athbhreithniú.
- Comhaontaigh raon feidhme an phlean bainistíochta oiriúnaithí.
- Cinntigh go dtabharfar i leaganacha amach anseo den phlean aghaidh chuí ar an athrú aeráide a mhaolú agus ar oiriúnú don athrú aeráide.
- Déan anailís comhshaoil agus shocheacnamaíoch chun tionchair dhiúltacha fhéideartha an phlean a mhaolú.
- Téigh i dteagmháil le comhlachtaí pleanála, rialála agus comhshaoil, agus nasc isteach le creataí faireacháin pleanála, rialála agus comhshaoil, ar an leibhéal idirnáisiúnta, réigiúnach agus náisiúnta.

2. **Déan formhaoirseacht ar chur chun feidhme an phlean**

- Cuir próisis faireacháin agus bhailithe sonraí leanúnaigh chun feidhme trí úsáid a bhaint as cineálacha cur chuige traidisiúnta i leith bainistíocht comhshaoil, as cineálacha cur chuige sóisialta agus as cineálacha cur chuige earnála, agus leas á bhaint as sonraí/faisnéis atá stóráilte sa chóras sonraí/faisnéise.
- Déan formhaoirseacht ar Phlean Gníomhaíochta Sonraí OREDP II agus ar an Sceideal um Chomhtháthú Taighde a ghabhann leis, lena n-áirítear tionscnaimh thaighde a chomhordú.

---

[31] UN Environment (2018). Conceptual guidelines for the application of Marine Spatial Planning and Integrated Coastal Zone Management approaches to support the achievement of Sustainable Development Goal Targets 14.1 and 14.2. UN Regional Seas Reports and Studies No. 207. 58pp https://wedocs.unep.org/handle/20.500.11822/26440



DRAFT

- Leag amach riachtanais chistiúcháin agus riachtanais acmhainní maidir le OREDP II a chur chun feidhme, lena n-áirítear na riachtanais a bheidh ag ranna Rialtais agus ag comhlachtaí Stáit.

**3. Forbair creat faireacháin agus meastóireachta**

- Déan anailís ar na sonraí a bailíodh le linn cur chun feidhme tar éis eatramh ainmnithe nó tar éis do thosca eile an méid sin a spreagadh (i.e., tar éis athruithe sa rialtas, sa bheartas, sa teicneolaíocht; tar éis tubaiste nádúrtha; tar éis athruithe mórscála san éiceachóras).
- Athbhreithnigh dul chun cinn in aghaidh na dtáscairí bunaithe feidhmíochta cur chun feidhme.

**4. Athbhreithnigh an plean agus mol oiriúnuithe air**

- Athbhreithnigh dul chun cinn in aghaidh na gcuspóirí.
- Sainaithin aon bhacainní ar phleanáil agus cur chun feidhme éifeachtach agus aon réitigh fhéideartha.
- Sainaithin aon cheachtanna a foghlaimíodh ar féidir leo tacú le próisis phleanála eile a dhearadh, amhail an próiseas i leith Limistéir Mhuirí faoi Chosaint.
- Breithnigh tionchar an athraithe aeráide agus oiriúnuithe gaolmhara, mar shampla oiriúnuithe ar bhonneagar iompair i láithreacha cósta, amhail calafoirt agus líonraí gaolmhara rochtana ar talamh agus amach ón gcósta.
- Mol oiriúnuithe ar an bplean.
- Mol tionscnaimh thaighde nua.
- Breithnigh modhnuithe chun feabhas a chur ar a éifeachtaí atá an próiseas athbhreithnithe sula ndéanfar an chéad athbhreithniú eile.

DRAFT

# 23 Aguisín J: An Plean Gníomhaíochta Sonraí agus an Sceideal um Chomhtháthú Taighde

Is leagtha amach thíos atá liosta neamh-uileghabhálach de shamplaí de chláir agus tionscnaimh faireacháin sonraí agus thaighde a sainaithníodh a bheith ábhartha do phlean bainistíochta oiriúnaithí OREDP II. Tá sé beartaithe go ndéanfaidh an Foghrúpa Cur Chun Feidhme agus/nó an Foghrúpa Sonraí an fhaisnéis seo a bheachtú tuilleadh.

| An comhlacht a bheidh freagrach | Tacair sonraí | Próiseas | Creat ama |
|---|---|---|---|
| An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta - Pleanáil Mhuirí | Sonraí comhshaoil | Limistéir Mhuirí faoi Chosaint a ainmniú | 2023-24 ++ |
| An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta – Pleanáil Mhuirí | Sonraí comhshaoil | Tuairisciú faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, lena n-áirítear an clár beart atá le teacht | Le deimhniú |
| An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta – NPWS | Sonraí comhshaoil | Limistéir Chaomhantais Speisialta agus Limistéir Chosanta Speisialta a ainmniú | 2023-24 ++ |
| Comhlachtaí éagsúla<br><br>An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta – Pleanáil Mhuirí | Sonraí iascaireachta, loingseoireachta, eacnamaíocha agus comhshaoil | An cur chuige faireacháin i leith an Chreata Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí<br><br>Pleananna fonáisiúnta spáis mhuirí | Cé go bhfuil athbhreithniú foirmiúil le déanamh ar an gCreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí gach cúig bliana, táthar ag súil leis go ndéanfar |

DRÉACHT

| | | | |
|---|---|---|---|
| An Roinn Iompair | | | athbhreithnithe níos luaithe ná sin. |
| An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide | Sonraí náisiúnta – sonraí comhshaoil, sonraí eacnamaíocha, sonraí faoi dheiseanna teicniúla, sonraí faoi shrianta | An Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus an Mheasúnacht Chuí do OREDP II | Timthriallta nuashonraithe cúig bliana |
| Comhlachtaí éagsúla<br><br>An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide<br><br>Údaráis áitiúla | Sonraí réigiúnacha agus áitiúla – sonraí comhshaoil, sonraí eacnamaíocha, sonraí faoi dheiseanna teicniúla, sonraí faoi shrianta | An Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus an Mheasúnacht Chuí do na Pleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe | Rollach |
| An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ++ | Sonraí éagsúla | Straitéis Taighde agus Nuálaíochta na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide | Tar éis comhairliúcháin, cuirfear Dréacht-Straitéis Taighde agus Nuálaíochta i gcrích sa chéad leath den bhliain 2023. |
| An Roinn Comhshaoil, Aeráide | Sonraí comhshaoil | Céim 2 ObSERVE | 2021 – 2025 |

DRÉACHT

| | | | |
|---|---|---|---|
| agus Cumarsáide – GSI | | | |
| An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide – GSI | Sonraí comhshaoil | INFOMAR | 2006 – 2026 |
| SEAI | Sonraí éagsúla | Clár Náisiúnta SEAI um Thaighde Fuinnimh a Chistiú | Glaonna bliantúla cistiúcháin |
| SEAI | | Maoinitheoirí Taighde Mhuirí | |
| Foras na Mara agus Iascach Intíre Éireann ++ | Sonraí éagsúla – sonraí faoi limistéir agus speicis chosanta i mara réigiúnacha na hÉireann, Thuaisceart Éireann agus na hAlban Thiar | Tionscadal COMPASS | Cistiú ó Chlár INTERREG VA an Aontais Eorpaigh (2014-2022) |
| IFI | Sonraí faoi speicis chosanta;<br>Sonraí faoi speicis agus gníomhaíocht a bhaineann le slatiascaireacht farraige áineasa | Faireachán faoin Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Gnáthóga; faireachán faoin gCreat-treoir Uisce<br>Cláir faireacháin ar speicis éagsúla iasc | Rollach |

| | | | |
|---|---|---|---|
| An tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí + forbróirí tionscadail | Sonraí éagsúla | Measúnachtaí ar leibhéal na dtionscadal fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta – gabháil sonraí le haghaidh gníomhaíochtaí ceadúnaithe faoin Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí | Rollach |
| Foras na Mara | Sonraí éagsúla | An Clár agus an Bunachar Sonraí Náisiúnta um Thaighde Muirí | Glaonna bliantúla cistiúcháin |
| Foras na Mara | | An Straitéis Náisiúnta um Thaighde Muirí agus Nuálaíocht Mhuirí | |
| An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | Sonraí comhshaoil | Taighde 2030 na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil | Glaonna bliantúla cistiúcháin |
| An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta | Sonraí éagsúla | Tionchar 2030<br>Straitéis Taighde agus Nuálaíochta na hÉireann | |

DRAFT